
Bord Oideachais & Oiliúna
LUIMNIGH & AN CHLÁIR

LIMERICK & CLARE
Education & Training Board

# Tuarascáil Bhliantúil 2022





Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
Investing in Your Future
European Social Fund

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Clár na nÁbhar


Teachtaireacht ón gCathaoirleach . . . 3

Réamhfhocal an Phríomhfheidhmeannaigh . . . 4

Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir . . . 5

Tinreamh ag Cruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022 . . . 7

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir - An Bord . . . 11

Feidhmeanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir . . . 11

Eitic . . . 12

Coistí na mBord Oideachais agus Oiliúna . . . 13

Cruinnithe Boird . . . 13

Dualgas na hEarnála Poiblí . . . 13

An Cód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna . . . 13

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta . . . 15

Achoimre Airgeadais . . . 22

Rannán na Scoileanna . . . 23

Imeacht 'Luathghairmeacha' na nEolaíochtaí Sláinte Sóisearacha 2022 . . . 27

Ag freagairt do riachtanais Teaghlach ón Úcráin atá easáitithe ag an gCogadh - Foirne Oideachais agus Teanga Réigiúnacha (REALT) . . . 29

Scoil Samhraidh do Cheannairí Meánleibhéil ETBI . . . 30

Feidhm na hOibre don Aos Óg . . . 30

An Rannán Breisoideachais agus Oiliúna . . . 32

Aguisín 1 Creat Monatóireachta agus Meastóireachta: Tuarascáil Bhliantúil 2022 - Nuashonrú ar Sheachadadh Seirbhíse . . . 38

Aguisín 2 Soláthar agus Seirbhísí . . . 106

Aguisín 3 Gluais Giorrúchán . . . 110

Bord Oideachais & Oiliúna
LUIMNIGH & AN CHLÁIR
LIMERICK & CLARE
Education & Training Board

Teachtaireacht ón gCathaoirleach



Mar Chathaoirleach ar BOO Luimnigh agus an Chláir, cúis bhróid dom Tuarascáil Bhliantúil BOO Luimnigh agus an Chláir do 2022 a chur i láthair.

Is eagraíocht é BOO Luimnigh agus an Chláir a leanann de bheith ag forbairt agus de bheith ag dul i ngleic leis na hathruithe agus na dúshláin a mbíonn a chuid foghlaimeoirí agus an pobal i gcoitinne ag déileáil leo.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird agus leis an bPríomhfheidhmeannach as tacú liom i gcónaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le foireann agus foghlaimeoirí BOO Luimnigh agus an Chláir as a n-eitic oibre, a ngairmiúlacht agus a ndíograis eisceachtúil fad is atá conairí comhbhácha, éifeachtacha, nuálacha, solúbtha agus cuimsitheacha á gcur ar fáil againn dár mic léinn agus dár bhfoghlaimeoirí ar fad, ar fianaise iad ar riachtanais éagsúla ár bpobail.

An Comhairleoir Kieran O’ Hanlon
Cathaoirleach
Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Réamhfhocal an Phríomhfheidhmeannaigh



Cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais Luimnigh agus an Chláir 2022 a chur in bhur láthair. Is léiriú príomha ar chuntasacht phoiblí dár mBord Oideachais agus Oiliúna é foilsiú ár dtuarascála bliantúla agus ár ráiteas airgeadais. Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ar na seirbhísí a soláthraíodh agus ar an dul chun cinn a rinneadh in 2022 faoi na ceithre phríomhsprioc atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022-2026 agus gealltanais a rinne an t-údarás i bPlean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022.

Ullmhaíodh Tuarascáil Bhliantúil 2022 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla atá leagtha amach in Alt 28 d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.
In Alt 28 (1) luaitear:

> *Déanfaidh gach bord oideachais agus oiliúna, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna i gcaitheamh na bliana díreach roimh an mbliain ina gcuirfear an tuarascáil faoina bhráid, agus déanfaidh an tAire, a luaithe is féidir tar éis an tuarascáil a fháil, cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.*

Tá Aiseolas Monatóireachta agus Meastóireachta curtha san áireamh ag an údarás in Aguisín 1 den Tuarascáil Bhliantúil seo, ina dtugtar achoimre ar an dul chun cinn a rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in 2022 maidir le gealltanais a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach i bPlean Seirbhíse 2022 an BOO.

Tá fianaise ar ár n-eagraíocht fhorásach agus nuálach le fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2022. Tugtar léargas inti ar thosaíochtaí náisiúnta mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Tá béim á leagan ar chur chuige comhoibríoch, comhoibriú, solúbthacht agus gairmiúlacht na foirne laistigh den eagraíocht a chomhlíon a gcuid gealltanas arís mar atá leagtha amach inár bPlean Seirbhíse 2022.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus le gach ball de Bhord an BOO, agus leis an bhfoireann ardbhainistíochta agus leis an bhfoireann bhainistíochta shinsearach ar fud na heagraíochta as a ndúthracht agus a dtiomantas leanúnach le 12 mhí anuas fad is a bhíomar ag leanúint ar aghaidh ag cumhachtú shaol mhuintir an réigiúin trí oideachas agus oiliúint.

George O'Callaghan
Príomhfheidhmeannach
Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

**Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach as agus cuntasach as stiúradh agus rialú cuí a fheidhmeanna i limistéir údaráis áitiúil Luimnigh agus an Chláir.

Cloíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna, Imlitir 0002/2019 na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is é cuspóir an chóid a chinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir prionsabail an dea-rialachais agus na dea-bhainistíochta i bhfeidhm.

**Feidhmeanna Bhord an BOO:**

Is feidhmeanna forchoimeádta iad cinntí a ghlacann an Bord agus tá siad leagtha amach in Alt 12 (2) d'Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus in Imlitir 0002/2019 - Cód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna, agus tá sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin atá le cur i gcrích ag an bPríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí agus de réir Achta um Bord Oideachais agus Oiliúna, 2013. Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoi Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as stiúradh agus rialú cuí a fheidhmeanna i limistéir údaráis áitiúil Luimnigh agus an Chláir.

Cloíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna, Imlitir 0002/2019 na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is é cuspóir an chóid a chinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir prionsabail an dea-rialachais agus na dea-bhainistíochta i bhfeidhm.

**Freagrachtaí an Bhoird:**

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil Alt 51 d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 á chomhlíonadh ag na Ráitis Airgeadais. Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugtar léargas cuí sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla ar ioncam agus caiteachas an Bhoird agus ar staid ghnóthaí an Bhoird.

Nuair a bhíonn na cuntais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:
(a) na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais BOO a ullmhú
(b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
(c) aon imeacht ábhartha ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

D'fhaomh an Bord na doiciméid seo a leanas i rith 2022;
- Glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil
- Ráitis Airgeadais
- Glacadh leis an bPlean Seirbhíse
- Freastal údaraithe comhaltaí ar chomhdhálacha
- Fáil, sealbhú agus diúscairt ceadaithe talún nó leasa de réir rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Cinntíodh gur coimeádadh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí

**Cruinnithe Boird:**

Tháinig na comhaltaí Boird le chéile seacht n-uaire i rith na bliana, agus tá sonraí tinrimh leagtha amach sa tábla thíos

| Ainm | Comhlacht Ainmniúcháin |
|---|---|
| An Comhairleoir Kieran O'Hanlon | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Comhairleoir Clare Colleran Molloy | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUasal Michael Cregan | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Comhairleoir Michael Donegan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| Elaina Fitzgerald, Uasal | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Comhairleoir Liam Galvin | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An tUasal Michael Guilfoyle | Ionadaí Foirne |
| Kate Hehir, Uasal | Ionadaí Foirne |
| Sheila Hickey, Uasal | Ionadaí Tuismitheora |
| An Comhairleoir Gabriel Keating | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Comhairleoir Sarah Kiely | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Comhairleoir Joe Killeen | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUasal Sean McMahon | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Comhairleoir Paul Murphy | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Comhairleoir Ann Norton | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUasal Mark O'Dea | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An tUasal Dónal Ó hAiniféin | Ionadaí Tuismitheora |
| Marian Petty, Uasal | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Comhairleoir Elena Secas | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Comhairleoir John Sheahan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Comhairleoir Brigid Teefy | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |

Tinreamh ag Cruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022

| ***Dáta*** | **18/01** | **22/02** | **22/03** | **26/04** | **21/06** | **20/09** | **15/11** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *An Comhairleoir Clare Colleran Molloy* | X | √ | √ | √ | √ | √ | X | 5/7 |
| *An tUasal Michael Cregan* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 7/7 |
| *An Comhairleoir Michael Donegan* | X | √ | X | X | √ | √ | X | 3/7 |
| *Elaina Fitzgerald, Uasal* | √ | √ | X | √ | √ | √ | √ | 6/7 |
| *An Comhairleoir Liam Galvin* | √ | X | √ | √ | X | √ | X | 4/7 |
| *An tUasal Michael Guilfoyle* | √ | X | √ | √ | √ | X | √ | 5/7 |
| *Catherine Hehir, Uasal* | √ | √ | √ | √ | X | √ | √ | 6/7 |
| *Sheila Hickey, Uasal* | √ | X | √ | √ | √ | X | X | 4/7 |
| *An Comhairleoir Gabriel Keating* | √ | √ | X | √ | √ | √ | √ | 6/7 |
| *An Comhairleoir Sarah Kiely* | X | √ | √ | √ | X | √ | X | 4/7 |
| *An Comhairleoir Joe Killeen* | X | √ | √ | √ | X | √ | √ | 4/7 |
| *An tUasal Sean McMahon* | X | X | √ | X | X | √ | X | 2/7 |
| *An Comhairleoir Paul Murphy* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 7/7 |
| *An Comhairleoir Ann Norton* | X | √ | √ | √ | X | √ | √ | 5/7 |
| *An tUasal Mark O'Dea* | √ | √ | X | √ | √ | √ | √ | 6/7 |
| *An tUasal Donal ÓhAiniféin* | X | X | √ | √ | X | X | X | 2/7 |
| *An Comhairleoir Kieran O'Hanlon* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | X | 6/7 |
| *Marian Petty, Uasal* | √ | √ | X | √ | X | X | √ | 4/7 |
| *An Comhairleoir Elena Secas* | √ | X | √ | √ | X | √ | √ | 5/7 |
| *An Comhairleoir John Sheahan* | √ | X | X | X | √ | X | √ | 3/7 |
| *An Comhairleoir Brigid Teefy* | X | X | √ | √ | √ | √ | √ | 5/7 |

**Costais Chomhaltaí an Bhoird agus Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu**

Íoctar costais le Comhaltaí Boird as taisteal chuig cruinnithe a bhaineann leis an mBord. Tá an t-eolas seo le fáil i Ráitis Airgeadais Bhliantúla Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.

**Coiste Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022**

Comhlíonann Coiste Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ról tábhachtach i gcreat rialachais an BOO trí athbhreithniú agus tuairisciú don Bhord ar an dréachtphlean seirbhíse; cibé acu atá nó nach bhfuil an Plean Seirbhíse á chur i bhfeidhm ag an bPríomhfheidhmeannach, mar atá glactha leis ag an mBord, agus laistigh de na teorainneacha caiteachais atá leagtha síos ag an Aire; agus cibé ar cheart nó nár cheart don Bhord glacadh leis na cuntais mar atá siad curtha i láthair ag an bPríomhfheidhmeannach.

**Ballraíocht an Choiste Airgeadais**

**Seachtrach**
An tUasal Sean Conlon, Cathaoirleach
Sadie Ahern, Uasal
An tUasal Eugene O'Brien

**Inmheánach**
An Comhairleoir John Sheahan
An Comhairleoir Joe Killeen
Elaina Fitzgerald, Uasal

**Cruinnithe an Choiste Airgeadais ar Freastalaíodh Orthu in 2022**

| *Dáta:* | 21/02/2022 | 28/03/2022 | 17/10/2022 | 28/11/2022 | Líon Iomlán na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|---|---|
| *Sadie Ahern, Uasal* | √ | √ | √ | √ | 4/4 |
| *An tUasal Sean Conlon, Cathaoirleach* | √ | √ | √ | √ | 4/4 |
| *An tUasal Eugene O'Brien* | √ | √ | √ | √ | 4/4 |
| *An Comhairleoir John Sheahan* | X | √ | X | X | 1/4 |
| *An Comhairleoir Joe Killeen* | X | √ | X | √ | 2/4 |
| *Elaina Fitzgerald, Uasal* | √ | X | X | X | 1/4 |

**Coiste Iniúchta agus Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir**

Comhlíonann Coiste Iniúchta agus Riosca Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ról tábhachtach i gcreat rialachais an BOO trí chabhrú leis an mBord monatóireacht a dhéanamh ar rialú inmheánach, a chuimsíonn rialachas corparáideach, bainistíocht riosca, iniúchadh inmheánach agus rialuithe airgeadais/neamhairgeadais arna gcur i bhfeidhm ag an mbainistíocht feidhmiúcháin. Ní thugann an Coiste faoi fhreagrachtaí bainistíochta agus níl an Coiste ag feidhmiú in ionad rialuithe bainistíochta eintiteas agus cuntasachtaí.

**Coiste Iniúchta agus Riosca an BOO**

**Seachtrach**
An tUasal Donal Fitzgibbon, Cathaoirleach
An tUasal Fergus Dunne
An Comhairleoir Mary Howard
An tUasal Declan Phillips
An tUasal Matt Power

**Inmheánach**
An Comhairleoir Gabriel Keating
*An Comhairleoir Sarah Kiely
*An tUasal Sean McMahon*
**An Comhairleoir John Sheahan

***D'éirigh as a c(h)úraimí in 2022**

****Comhalta Nua in 2022**

**Cruinnithe an Choiste Iniúchta agus Riosca ar Freastalaíodh Orthu in 2022**

| | An Chéad Chruinniú | An Dara Cruinniú | An Tríú Cruinniú | An Ceathrú Cruinniú | An Cúigiú Cruinniú | An Séú Cruinniú | Líon iomlán na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *Dáta:* | 17/02/2022 | 24/03/2022 | 26/05/2022 | 30/06/2022 | 27/10/2022 | 01/12/2022 | |
| *An tUasal Donal Fitzgibbon, Cathaoirleach* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 6/6 |
| *An tUasal Fergus Dunne* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 6/6 |
| *An Comhairleoir Mary Howard* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 6/6 |
| *An Comhairleoir Gabriel Keating* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 6/6 |
| *An Comhairleoir Sarah Kiely* | X | X | X | X | N/B | | |
| *An tUasal Sean McMahon* | D'éirigh sé as a chúraimí in 2021 | | | | | | |
| *An tUasal Declan Phillips* | √ | √ | √ | √ | X | X | 4/6 |
| *An tUasal Matt Power* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 6/6 |
| *An Comhairleoir John Sheahan* | N/B | | | | X | X | 0/2 |

**<u>Bainistíocht Riosca</u>:**

Leanann an Bord ar aghaidh le maoirseacht ghníomhach a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé go bhfuil measúnú déanta aige ar na príomhrioscaí, bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2022. Éiríonn leis an mBord riosca don eagraíocht a bhainistiú trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca. Tugann an Coiste Iniúchta agus Riosca cúnamh don Bhord a fheidhm bainistíochta riosca a chomhlíonadh. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh (IAU) agus ar a thuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil C&AG agus ar aon Iniúchadh seachtrach amhail iniúchadh CSTE agus iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim. Lena chois sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Is mír bhuan í an Bhainistíocht Riosca ag gach cruinniú Boird agus áirítear leis an mbreithniú:

- Tuarascálacha riosca ón bhfoireann bhainistíochta shinsearach lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca (POR)
- Tuarascálacha an Choiste Iniúchta agus Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- An Clár Iniúchta

Tá sonraí faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara curtha san áireamh in SIC mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach na gCathaoirleach

**Córas rialuithe inmheánacha:**

Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus go bhfuil an Ráiteas um Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích, curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear é ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach na gCathaoirleach a cuireadh faoi bhráid an Aire.

**Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair:**

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus dearbhaíonn sé go gcloítear leis an mbeartas agus leis na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

**Cánachas:**

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon an BOO a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

**Ráitis Airgeadais 2022:**

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2022 faoi réir iniúchadh déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) tráth foilsithe Thuarascáil Bhliantúil 2022. Foilseoidh an BOO na ráitis airgeadais iniúchta a luaithe is indéanta tar éis do C&AG iad a shíniú.

**Tá sonraí airgeadais maidir leis na nithe seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bhliantúil:**

- Sonraí faoi tháillí neamhthuarastail a íocadh i leith Comhaltaí Boird a ndearnadh anailís orthu de réir chatagóir na dtáillí
- Sonraí comhiomlána cúitimh na príomhbhainistíochta a ndearna na catagóirí seo a leanas anailís orthu, lena n-áirítear an cúiteamh bainistíochta ar fad;
    - Tuarastail agus sochair fostaí ghearrthéarmacha
    - Sochair iarfhostaíochta
    - Sochair foirceanta
- Cúiteamh na príomhfhoirne bainistíochta más cuí;
- Sonraí maidir le líon na bhfostaithe a raibh a sochair fostaí iomlána (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe cothrom le idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000 agus €60,000 agus níos airde, agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra.

Sínithe:

An Comhairleoir Kieran O'Hanlon,

BOO Luimnigh agus an Chláir

Dáta: 23ú Bealtaine, 2023.


Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir - An Bord

## Ráiteas Físe

Tá príomhról ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i soláthar riachtanas maidir le scileanna fiontair, oideachais agus oiliúna fadsaoil ar ardchaighdeán. Bainimid amach an méid sin trí chonairí comhbhácha, éifeachtacha, nuálacha, solúbtha agus cuimsitheacha a sholáthar dár gcuid mac léinn agus foghlaimeoirí uile, lena léirítear riachtanais éagsúla ár bpobail.

## Ráiteas Misin

Soláthraíonn agus éascaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir seachadadh oideachais agus oiliúna fadsaoil ar ardchaighdeán i dtimpeallacht chomhbhách, chuimsitheach, thacúil agus shábháilte. Cothaímid conairí foghlama éifeachtacha, nuálacha, solúbtha do chách, agus cuirimid comhpháirtíochtaí chun cinn lena dtugtar aghaidh ar riachtanais agus scileanna athraitheacha na mac léinn agus na bhfoghlaimeoirí sa réigiún.




### Feidhmeanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Is iad feidhmeanna ginearálta Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, mar a luaitear in Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013:

a) scoileanna aitheanta, lárionaid oideachais agus saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
b) nuair a ordóidh an tAire dó amhlaidh a dhéanamh faoi *alt 20*:
   i. scoileanna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
   ii. lárionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
   iii. lárionaid oideachais nó scoileanna aitheanta a chothabháil ina limistéar feidhme, agus
   iv. saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú, a chothabháil nó a acmhainniú ina limistéar feidhme,
c) oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críocha fostaíochta, agus seirbhísí atá coimhdeach i ndáil leis sin a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú, agus an soláthar sin a athbhreithniú ina limistéar feidhme:
   i. scoileanna aitheanta nó lárionaid oideachais arna gcothabháil aige,
   ii. saoráidí oideachais nó oiliúna arna gcothabháil nó arna n-acmhainniú aige,
   iii. scoileanna coinneála leanaí,
   iv. príosúin, agus
   v. saoráidí arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile,

d) socruithe a dhéanamh le soláthraithe oideachais nó oiliúna agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar dóibh, i gcomhréir le halt 22,
e) scoláireachtaí a bhunú de réir alt 24,
f) ráiteas straitéise a ghlacadh de réir alt 27,
g) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh de réir alt 47,
h) comhoibriú le haon duine a ainmnítear chun na feidhmeanna iniúchta inmheánaigh a chur i gcrích faoi alt 52,
i) oideachas agus oiliúint a sholáthar ar iarraidh ó aon duine, agus thar ceann aon duine, a dhéanann oiliúint a mhaoiniú as airgead arna sholáthar don chomhlacht sin ag an Oireachtas,
j) tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i ndáil leis an tacaíocht sin a thabhairt, agus
k) measúnú a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an modh a bhfuil a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach.

Tá feidhmeanna an Bhoird á gcomhlíonadh ag leibhéal feidhmiúcháin nó forchoimeádta. Is é an Príomhfheidhmeannach a chuireann feidhmeanna feidhmiúcháin i gcrích agus is é an Bord a chuireann feidhmeanna forchoimeádta i gcrích. Tá feidhmeanna forchoimeádta leagtha amach in Alt 12 (2) d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Ceanglaítear le hAlt 51 den Acht sin ar an BOO na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé a choimeád i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire Oideachais le toiliú an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Nuair a bhíonn na cuntais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

(a) na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais BOO a ullmhú
(b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
(c) aon imeacht ábhartha ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil Alt 51 d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 á chomhlíonadh ag na Ráitis Airgeadais. Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugtar léargas cuí sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla ar ioncam agus caiteachas an Bhoird agus ar staid ghnóthaí an Bhoird.

## Eitic

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001**

Ní mór do gach comhalta de Bhord BOO forálacha ábhartha Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 a chomhlíonadh. Foráiltear in Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 do nochtadh leasanna inchláraithe ag sealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe agus áititheoirí post ainmnithe fostaíochta i gcomhlachtaí poiblí atá forordaithe chun críocha na reachtaíochta Eitice. Ceanglaítear ar chomhaltaí boird agus ar bhaill foirne ainmnithe Nochtadh Leasanna bliantúil a sholáthar maidir le saincheisteanna a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar chomhlíonadh feidhmeanna.

## Coistí na mBord Oideachais agus Oiliúna

Cuid 5 44. (1) Faoi réir alt 45, féadfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna coistí a bhunú—

a) chun feidhm amháin nó níos mó dá fheidhmeanna a chomhlíonadh, is feidhm nó feidhmeanna a fhéadfadh, ina thuairim, coiste a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr nó níos caoithiúla, nó
b) chun comhairle a thabhairt dó i ndáil le comhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna aige, agus féadfaidh sé téarmaí tagartha aon choiste den sórt sin a chinneadh agus a nós imeachta a rialáil.

(2) Beidh 12 chomalta ar a mhéad ar choiste arna bhunú faoi fho-alt (1) agus, faoi réir fho-alt (9) agus fho-alt (12)(c), féadfaidh sé a bheith comhdhéanta go páirteach de chomhaltaí nach comhaltaí den bhord oideachais agus oiliúna lena mbaineann.

## Cruinnithe Boird

1. Sceideal 3: Mír 2 (1) d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 - Faoi réir fhorálacha na míre seo agus alt 31 - tionólfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe, ag cibé tráthanna, agus i cibé áiteanna is cuí leis.
2. Sceideal 3: Mír 2 (2) Tionólfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cruinniú amháin ar a laghad gach 2 mhí seachas míonna Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair.
3. Sceideal 3: Mír 2 (3) Tionólfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cruinniú amháin ar a laghad le linn na tréimhse dar tosach an 1ú lá d'Iúil agus dar críoch an 30ú lá de Mheán Fómhair gach bliain.

Coimeádtar miontuairiscí agus glactar leo chun tacú le cruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Taifeadann baill tinreamh ag cruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus déantar sonraí faoina gcostais a thaifeadadh sa tuarascáil seo.

## Dualgas na hEarnála Poiblí

Leagtar amach in Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 an Dualgas Dearfach a cheanglaítear ar Chomhlachtaí Poiblí, lena n-áirítear Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Tá aird ag an údarás, le linn dó a fheidhm a chomhlíonadh, ar na nithe seo a leanas:

- Deireadh a chur le hidirdhealú
- Tacú le comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a fhoirne agus na ndaoine a bhfuil seirbhísí á soláthar aige dóibh
- Cearta an duine a chuid ball, foirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

## An Cód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna

**Imlitir Uimh. 0002/2019**

Is é an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 an phríomhreachtaíocht a rialaíonn boird oideachais agus oiliúna, agus ní mór cloí leis an reachtaíocht seo i gcónaí. Ba cheart glacadh leis an gCód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna, Imlitir Uimh. 0002/2019, ina sonraítear treoirlínte maidir le cásanna áirithe, mar thacar caighdeán do chomhaltaí agus d'fhoireann an Bhoird. Táthar ag súil go gcinnteoidh comhaltaí agus baill foirne go bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí maidir leis an BOO á rialú i gcónaí ag na

caighdeáin seo, de réir litir agus spiorad na gcaighdeán seo. Ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:


- ba cheart an Cód a léamh in éineacht leis na forálacha reachtacha lena rialaítear earnáil an BOO agus an Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Leanann na forálacha reachtacha atá ann cheana maidir le hábhair is ábhar don Chód seo freisin d'fheidhm a bheith acu agus chun amhras a sheachaint, i gcás aon choinbhleachta nó neamhréireachta, tá forlámhas ag na forálacha reachtacha;
- féadfaidh an tAire Oideachais na forálacha atá sa Chód a leasú ó am go ham;
- féadfaidh an tAire Oideachais nó an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe imlitreacha agus/nó nótaí treorach a eisiúint, ó am go ham, maidir leis an gCód nó nithe gaolmhara;

Soláthraíonn an Cód Cleachtais creat chun dea-chleachtas a chur i bhfeidhm maidir le rialachas corparáideach i mboird oideachais agus oiliúna. Deimhníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir gur glacadh le Cód Cleachtais 2019 um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna a eisíodh in 2019 agus go gcomhlíonann sé ceanglais cothrom le dáta an Chóid ina chleachtais agus nósanna imeachta rialachais.

Tá obair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir á treorú ag na prionsabail atá leagtha amach sa doiciméad Cód Cleachtais chun a fhreagracht a chomhlíonadh chun a chinntiú go gcomhlíonann gach gníomhaíocht na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach.

**Dréachtráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB)** - Ráitis Airgeadais 2022 - Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tráth foilsithe Thuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir do 2022. Foilseoidh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus go bhfuil an Ráiteas um Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích, curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear é ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach na gCathaoirleach a cuireadh faoi bhráid an Aire.




Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, déanann Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta maoirseacht ar bhainistiú acmhainní an BOO sna ranna seo a leanas - Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Airgeadas, TFC, Caipiteal agus Soláthar.

## Tacaíocht Eagraíochta agus Forbairt




Is é ról na Tacaíochta agus na Forbartha Eagraíochta a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le tionscnaimh riaracháin eagraíochtúla agus straitéiseacha (struchtúir, beartas, córais, tionscnaimh agus idirghabhálacha) a sheachadadh, a fheabhsaíonn cumas Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir na ceithre sprioc atá leagtha amach ina Ráiteas Straitéise a bhaint amach agus dea-chleachtas a chinntiú i ndáil le rialachas corparáideach an údaráis. Déantar é seo i gcomhar le Stiúrthóirí rannáin Scoileanna agus Breisoideachais agus Oiliúna an BOO.




Trí obair a dhéanamh a bhaineann leis na 4 sprioc, tá sé mar aidhm ag Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta breisluach a chur ar fáil do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir trí bheartais, córais agus próisis rannpháirtíochta atá fónta agus comhleanúnach a fheabhsaíonn tuilleadh, córais agus próisis a chinntíonn go bhfuil an BOO ag cloí leis an reachtaíocht, a mheallann agus a choinníonn baill foirne ar ardchaighdeán, a léiríonn barr feabhais i rialachas agus a thacaíonn le fís an údaráis mar a shainmhínítear sa Ráiteas Straitéise í a bhaint amach.

Tá rath Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir bunaithe ar dhíograis na foirne. Tá fianaise ar an tábhacht a bhaineann le timpeallacht oibre atá tacúil, sábháilte agus sláintiúil le fáil i *Sprioc Tosaíochta 2 – Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta*. Is próiseas atá ag athrú é dearadh eagraíochtúil agus beidh tionchar ag roinnt tionscadal náisiúnta air, lena n-áirítear Seirbhís Chomhroinnte Párolla agus Airgeadais. Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar aghaidh ag forbairt agus ag nuashonrú beartas agus nósanna imeachta ábhartha le linn 2022 d'fhonn a chinntiú go raibh reachtaíocht ábhartha, dea-chleachtas, seirbhísí do chustaiméirí agus rialachas corparáideach á gcomhlíonadh.

**Teicneolaíocht Cumarsáide Faisnéise:** Rinneadh dul chun cinn maith chomh fada is a bhain le clár feabhsuithe beartaithe le linn 2022, lena n-áirítear béim ar leith a leagan ar réitigh ríomhghnó a aithint agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis atá bunaithe cheana féin. Déileáladh go héifeachtach leis na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19 agus leis an spleáchas ar theicneolaíocht chun freastal ar chianobair, arbh éigean a chur ar fáil don fhoireann laistigh de thréimhse ghearr ama. Chabhraigh an straitéis TFC, ina soláthraítear treochlár a bhfuil sé mar aidhm leis úsáid TFC i gcleachtais teagaisc, foghlama agus riaracháin ar fud na heagraíochta a fheabhsú, go mór le deis a thabhairt don fhoireann ar fad tairbhe a bhaint as socruithe cianoibre laistigh de thréimhse ghearr ama. Lean ról TFC ag forbairt i ngach réimse de sheirbhísí an BOO le linn 2022. Tá fás suntasach tagtha ar an tábhacht a bhaineann le TFC in obair na heagraíochta agus tá a réimse seirbhísí agus tacaíochtaí d'oifigí riaracháin agus do scoileanna/ionaid ag athrú i gcónaí. I measc na seirbhísí agus tacaíochtaí d'oifigí, scoileanna agus ionaid atá á cur ar fáil ag an roinn TFC tá:

- Bainistíocht Tionscadail le haghaidh córas nua, nuashonruithe san áireamh
- Forbairt agus bainistíocht bonneagair
- Sainaithint córas bogearraí agus uasghráduithe oiriúnacha
- Forbairt agus cothabháil córas cumarsáide
- Comhordú agus Bainistiú Tacaíocht Theicniúil agus Deasc Chabhrach
- Bainistiú Conraitheoirí
- Seirbhís chomhairleach don fheidhm soláthair
- Pleananna Athshlánaithe ó Thubaiste
- Cosaint agus Slándáil Sonraí TF

Forbraíonn agus cothaíonn an roinn TFC córais chumarsáide Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus déantar iarracht cosaint agus slándáil sonraí a chinntiú i ngach córas BOO. Leanfaidh an roinn TFC ar aghaidh ag cabhrú le agus ag cur comhairle ar fáil maidir leis an soláthar TFC ar fad agus lena chinntiú go gcuirfear Pleananna Leanúnachais Gnó agus Athshlánaithe ó Thubaiste i gcrích agus go ndéanfar athbhreithniú orthu.

Tá infheistíocht agus forbairt déanta ag BOO ar chórais chianrochtana a thacaíonn le bealaí oibre nua agus a éascaíonn a leithéid. Tá formhór na seirbhísí a theastaíonn ón bhfoireann ar fáil anois ó áit ar bith trí thairseach. Ciallaíonn forbairtí i néalseirbhísí, agus go príomha rolladh amach Microsoft Office 365 agus uirlisí táirgiúlachta eile, nach bhfuil an BOO ag brath go hiomlán ar a oifigí agus ar a fhoirgnimh chun gnó laethúil a dhéanamh.

**Dlí agus Comhlíonadh:**

Tá comhlíonadh á léiriú go leanúnach, agus tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar na beartais go léir. Mar thoradh ar an bpaindéim, lean Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar aon rialú breise atá riachtanach chun sláinte agus sábháilteacht ár bhfoirne, mac léinn agus foghlaimeoirí a chosaint. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú le hanailís ar bhearnaí a dhéanamh ar an gCód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna chun comhlíonadh ardleibhéil a chinntiú faoi C.L. CL 0002/2019. Tá comhlíonadh á léiriú freisin trí athbhreithniú rialta agus obair leantach a dhéanamh ar thorthaí iniúchta.

**Cosaint Sonraí:**

Ar an 25 Bealtaine 2018, tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm. In Éirinn, tugadh éifeacht reachtúil don GDPR in Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Chun a dhualgais reachtúla a chomhlíonadh, bailíonn, stórálann agus próiseálann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir méideanna móra sonraí faoi ábhair sonraí éagsúla. Tá an BOO tiomanta do bheartas chun cearta agus saoirsí daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe ag an údarás a fheidhmíonn mar phointe teagmhála do gach ceist maidir le príobháideachas sonraí agus a bhfuil Beartas Cosanta Sonraí aige chun cur lena Bheartas Príobháideachais. Tá an BOO ag leanúint ar aghaidh le baill foirne a uasoiliúint sna ceanglais faoin GDPR agus tá cúrsaí oiliúna le cur i gcrích ag gach ball foirne nua mar chuid de phróiseas ionduchtúcháin. Cuirtear oiliúint athnuachana ar fáil go rialta freisin. Le linn 2022, fuair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 8 nIarratas Rochtana Sonraí.

**Saoráil Faisnéise:**

Ceanglaítear le hAlt 8 d'Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 ar chomhlachtaí Saorála Faisnéise (SF) an oiread faisnéise agus is féidir a ullmhú agus a fhoilsiú ar bhealach oscailte agus inrochtana ar bhonn rialta lasmuigh de SF, ag féachaint do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta mar atá leagtha amach in Alt 8(5) agus 11(3) den Acht. Ceadaíonn sé seo taifid a fhoilsiú nó a sholáthar lasmuigh de SF, ar choinníoll nach dtoirmisctear le dlí a leithéid a fhoilsiú nó rochtain orthu

a thabhairt. Faoin scéim, ceanglaítear ar chomhlachtaí SF faisnéis a chur ar fáil mar chuid dá ngnáthghníomhaíochtaí gnó de réir na scéime seo agus d'fhoilsigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir Scéim Foilseachán SF an BOO ar a láithreán gréasáin agus tá Oifigeach Saorála Faisnéise ainmnithe aige. Le linn 2022, ghlac Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir le 10 nIarratas Saorála Faisnéise.

Tháinig na hiarratais seo ó iriseoirí, fostaithe agus ón bpobal.

**Nochtadh Cosanta:**

De réir fhorálacha Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá oifigeach ainmnithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun glacadh le nochtadh cosanta agus tá Beartas aige maidir le Nochtadh Cosanta á Dhéanamh ag Oibrithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin an BOO. Spreagfaidh an beartas seo, i gcomhar leis an reachtaíocht, oibrithe chun éagóir fhéideartha a thuairisciú agus fios acu go nglacfar go dáiríre leis na hábhair atá ag déanamh imní dóibh agus go n-imscrúdófar iad, mar is cuí, agus go n-urramófar a rúndacht. Mar a cheanglaítear le hAlt 22 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, dearbhaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go ndearnadh Nochtadh Cosanta amháin in 2022.

**Bainistíocht Riosca:**

Ceadaíodh an Beartas um Bainistíocht Riosca Chorparáideach in 2017 agus, bunaithe ar phlean gnó ullmhaithe, cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir clár riosca ar fáil ina dtugtar léargas ar Thacaíocht Eagraíochta, Breisoideachas agus Oiliúint agus Scoileanna. Is doiciméad beo é an Clár Riosca a nuashonraítear de réir mar a shainaithnítear rioscaí nua, nó leasaítear dóchúlacht/déine riosca mar gheall ar rialuithe oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun an riosca a laghdú/a bhaint.

Leanann an Bord ar aghaidh le maoirseacht ghníomhach a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé go bhfuil measúnú déanta aige ar na príomhrioscaí, bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2022. Éiríonn leis an mBord riosca don eagraíocht a bhainistiú trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca. Tugann an Coiste Iniúchta agus Riosca cúnamh don Bhord a fheidhm bainistíochta riosca a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, braitheann an Bord ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh (IAU) agus ar a thuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil C&AG agus ar aon Iniúchadh seachtrach amhail iniúchadh CSTE agus/nó iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim. Lena chois sin, déantar athbhreithniú ar an gcóras de rialuithe inmheánacha ar bhonn bliantúil. Is mír bhuan í an Bhainistíocht Riosca ag gach cruinniú agus san áireamh ann tá, inter alia:

- Tuarascálacha riosca ón bhfoireann bhainistíochta shinsearach, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca (POR)
- Tuarascálacha an Choiste Iniúchta agus Riosca
- Tuarascálacha riosca ón bhfoireann bhainistíochta shinsearach lena n-áirítear Oifigeach Comhlíonta an BOO
- An Clár Iniúchta

Thug Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir faoi roinnt gníomhaíochtaí in 2022 chun tacú le bainistiú riosca fiontraíochta agus chun dea-rialachas a léiriú. Is é an bonn fianaise atá mar bhonn leis an obair seo reachtaíocht a bhaineann le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna (CL 0002/2019). Cuireadh na haschuir seo a leanas i gcrích i rith na bliana:

- Athbhreithniú ráithiúil agus nuashonrú ar an gClár Riosca Chorparáidigh
- Athbhreithniú ráithiúil agus nuashonrú ar an gClár Riosca Breisoideachais agus Oiliúna
- Athbhreithniú ráithiúil agus nuashonrú ar an gClár Riosca Chorparáidigh
- Ailíniú lenár Ráiteas Straitéise agus PTFanna ábhartha sannta do gach riosca ar scarbhileog

Cuireadh na príomhrioscaí a sainaithníodh faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca agus bhí obair leanúnach ar siúl chun na rioscaí a sainaithníodh a bhainistiú, riosca a laghdú agus réimsí riosca nua a shainaithint. Díríodh ar na príomhrioscaí a shainaithint a d'fhéadfadh cosc a chur ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a Ráiteas Straitéise agus na bearta rialaithe gaolmhara atá le cur i bhfeidhm a chomhlíonadh chun tionchar na rioscaí sin a mhaolú.

Cuirtear na rioscaí a shainaithnítear san áireamh sa Chlár Riosca agus déantar iad a chatagóiriú mar seo a leanas:

Comhlíonadh, Conarthach, Airgeadas, Oibriúchán, Clú agus Straitéiseach. Ansin déantar na rioscaí sin a rátáil i dtéarmaí dóchúlachta agus tionchair, agus rangaítear iad dá réir mar rioscaí Dearga, Ómra nó Glasa. A luaithe a bheidh na rioscaí sainaitheanta agus taifeadta ar an gclár riosca, déanann

an Fhoireann Bhainistíochta athbhreithniú orthu mar seo a leanas: Dearg - gach ráithe, Ómra - sé mhí, Glas - gach bliain. Deimhníonn an Bord go bhfuil measúnú déanta aige ar phríomhrioscaí an BOO agus tá sonraí faoi na rioscaí aitheanta seo, lena n-áirítear bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara, curtha faoi bhráid an Aire Oideachais mar Aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

Léirigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chaoinfhulaingt maidir le riosca mar atá leagtha amach sa Ráiteas Inghlacthachta Riosca a d'fhaomh an Coiste Iniúchta agus Riosca ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí na Samhna 2022. Déantar inghlacthacht riosca an BOO a mheas i bhfianaise na bpríomhrioscaí agus a dtionchar ar chumas an BOO a chuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh. Léirítear teorainneacha agus treoirlínte sonracha maidir le riosca sa chreat rialachais chorparáidigh, coistí, struchtúir agus beartais. Admhaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (BOOLC), dá mbeadh an saol gan locht, nach mbeadh aon ghlacadh aige le riosca. Tugann sé dá aire freisin gur gné de ghníomhaíocht laethúil é riosca agus nach féidir deireadh a chur leis ach amháin trí scor den ghníomhaíocht agus nach cur chuige indéanta é sin in eagraíocht seirbhíse poiblí.

Dearbhaíonn Cathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí. Deimhníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir gur glacadh le Cód Cleachtais 2019 um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna a eisíodh in 2019 agus go bhfuil an BOO ag leanúint ar aghaidh le dlús a chur le cur chun feidhme ceanglas cothrom le dáta an Chóid ina chleachtais agus nósanna imeachta rialachais ar fud na heagraíochta. Tá eolas maidir le réimsí neamhchomhlíonta le fáil sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

**Saincheisteanna Árachais agus Dlí:**

Lean an roinn Seirbhísí Corparáideacha ag tacú le agus ag cur comhairle ar fáil in 2022 do gach ball foirne ar fud na heagraíochta maidir le saincheisteanna dlí a thagann chun cinn, éilimh fhéideartha agus éilimh a bhaineann le díobhálacha pearsanta.

**Sláinte agus Sábháilteacht:**

Tá sé mar aidhm ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, trí rioscaí a rialú agus beartas leanúnach laghdaithe riosca, a chinntiú go seachnaítear timpistí/teagmhais nó neastarluithe, agus ar an gcaoi sin, sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne, mac léinn/foghlaimeoirí agus conraitheoirí a bhfuil cúis acu dul isteach in aon cheann d'fhoirgnimh an údaráis a chosaint. Tá roinnt cúrsaí oiliúna curtha i bhfeidhm ag an BOO trí Inneall Príobháideachais d'fhonn a chinntiú go bhfuil an reachtaíocht á comhlíonadh. Úsáidtear córais ar líne freisin chun fógra a thabhairt don BOO faoi athruithe sa reachtaíocht a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht. Rinneadh athbhreithniú ar Ráitis Sábháilteachta Scoile agus Ionaid in 2022 agus rinneadh iad seo a nuashonrú de réir na reachtaíochta reatha. Dhéileáil an BOO le 2 thimpiste a bhí intuairiscithe don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta le linn 2022.

**Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021:**

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir á threorú ag na prionsabail agus tiomanta do chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí a eascraíonn as Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 arb ionann é agus leagan treisithe d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

**Acmhainní Daonna**:

Acmhainní Daonna: Rinne roinn Acmhainní Daonna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir bainistiú ar earcú agus roghnú 304 post in 2022, rud a chinntigh go gcomhlíontar an dea-chleachtas agus go bhfuil oibleagáidí reachtúla á gcomhlíonadh. Ina theannta sin, cuireadh raon seirbhísí a bhaineann le hAcmhainní Daonna ar fáil chun tacú le gach ball foirne i scoileanna, ionaid agus sa cheannoifig. Baineadh úsáid as ardán Zoom in 2022 mar fhreagra ar riachtanas an Údaráis ár bhfolúntais ar fad a líonadh. D'éirigh leis an roinn AD gach feachtas earcaíochta a bhainistiú in 2022.

Agus béim á leagan ar theagasc agus foghlaim ár mac léinn inár Scoileanna Náisiúnta Pobail, Iar-bhunscoileanna agus ár bhfoghlaimeoirí atá páirteach i gcúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna, chomh maith leis na feidhmeanna tacaíochta sa Phríomhoifig, tá an roinn Acmhainní Daonna ag leanúint ar aghaidh le páirt a ghlacadh in earcú foirne a bhaineann le soláthar píblíne chun freastal ar riachtanais ár mac léinn agus ár bhfoghlaimeoirí agus chun tacú lenár scoileanna agus lenár n-ionaid.

Leithdháileadh 40 post freagrachta breise ar iar-bhunscoileanna an údaráis in 2022. Bhainistigh an roinn AD an próiseas earcaíochta inmheánach seo, a bhí mar bhonn le treisiú na foirne Ceannaireachta agus Bainistíochta laistigh de scoileanna an BOO, agus leagadh béim ar na caighdeáin is airde torthaí oideachais a bhaint amach do mhic léinn chun timpeallacht a chothú atá ag tacú le hardchaighdeán i gcúram, foghlaim agus teagasc mac léinn.

I gcomhar le TFC, cuireadh modúl Ionduchtaithe ar líne i bhfeidhm mar chuid de phacáiste fáilte gach earcach nua.

**Caipiteal agus Soláthar:**

Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar aghaidh ag infheistiú i mbonneagar oideachais ar fud Luimnigh agus an Chláir in 2022. Le linn 2022, ghlac baill foirne ón roinn Caipitil agus Soláthair páirt i bhforbairt ghairmiúil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon, agus chuir baill foirne oiliúint ar fáil freisin d'Fhoirne Bainistíochta Sinsearacha FET agus scoileanna, agus d'fhoireann riaracháin scoile agus ionaid maidir leis an mBeartas Náisiúnta Soláthair agus Plean Soláthair Ilbhliantúil an BOO (MAPP).

Dearbhaíonn an Cathaoirleach go gcloítear leis an mbeartas agus leis na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

Lean an roinn Caipitil agus Soláthair agus an roinn Airgeadais ag obair i ndlúthpháirt lena chéile in 2022. Thuairiscigh an tOifigeach Caipitil agus Soláthair do na Coistí Iniúchta agus Airgeadais araon maidir leis an gClár Caipitil agus maidir leis an bhFeidhm Soláthair le linn 2022, agus táthar ag leanúint ar aghaidh le tuarascálacha maidir le gach tairiscint os cionn €100,000 a eisiúint chuig gach cruinniú den Choiste Airgeadais. Léiríodh éifeachtacht an chomhoibrithe idir an roinn Airgeadais agus an roinn Caipitil agus Soláthair sa fhreagairt chomhordaithe chun freastal ar riachtanais TCP scoileanna agus ionad, agus soláthairtí chun athoscailt saoráidí oideachais a chumasú tar éis na dianghlasála in 2022. Bhí gá le dlúthchomhar freisin chun an Plean Soláthair Ilbhliantúil (MAPP) a chur i gcrích, a cuireadh faoi bhráid ETBI in am i mí Mheán Fómhair 2022.

**An Straitéis Airgeadais:** Is é cuspóir na roinne Airgeadais tacú leis an mBord na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse bliantúil a chomhlíonadh laistigh den bhuiséad. San áireamh i dtacaíocht airgeadais tá tacaíocht chinnteoireachta, rialú corparáideach airgid phoiblí, próiseáil idirbheart agus cuntasacht reachtúil, agus a chinntiú gur chomhlíon an BOO a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach. Dearbhaíonn Cathaoirleach an Bhoird gur chomhlíon Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

**Cuntasacht Reachtúil:** Dearbhaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go bhfuil sé freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus measann sé go dtugtar léargas cuí ar ioncam agus caiteachas an údaráis agus ar staid chúrsaí an údaráis sna ráitis airgeadais.

**Foinsí Maoinithe:** Tá miondealú mionsonraithe ar fhoinsí maoinithe le fáil inár Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB).

**Ráitis Airgeadais 2022:** Dearbhaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go bhfuil sé freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus measann sé, bunaithe ar an bhfaisnéis atá curtha ar fáil dó, go dtugtar léargas cuí ar ioncam agus caiteachas an údaráis agus ar staid chúrsaí an údaráis sna ráitis airgeadais.

Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG).

Nuair a bheidh an t-iniúchadh aontaithe ag an C&AG, foilseoidh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin tar éis iad a fháil ón C&AG.

Achoimre Airgeadais

***don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022***

***Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir***

***Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022****

Ullmhaítear Ráitis Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir do 2022 agus cuirtear faoi bhráid na Roinne Oideachais agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad lena n-iniúchadh. I ndiaidh don C&AG iad a chomhaontú agus i ndiaidh don Roinn Oideachais iad a thíolacadh do Thithe an Oireachtais, foilseofar na Ráitis Airgeadais ar shuíomh gréasáin Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus beidh siad nasctha leis an Tuarascáil Bhliantúil.

**Tá sonraí airgeadais maidir leis na nithe seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bhliantúil:**

- Táillí neamhthuarastail íoctha i leith chomhaltaí an Choiste;
- Tuarastail agus sochair fostaí ghearrthéarmacha;
- Sochair iarfhostaíochta;
- Sochair foirceanta;
- Cúiteamh don phríomhfhoireann bhainistíochta más cuí;
- Líon na bhfostaithe a raibh idir €0 agus €59,999 mar shochair fostaí iomlána acu;
- Líon na bhfostaithe a raibh idir €60,000 agus €69,999 mar shochair fostaí iomlána acu agus a bhí laistigh de gach banda pá de €10,000; agus
- Figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin fostóra.

Rannán na Scoileanna

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach as dhá scoil náisiúnta pobail agus as ocht n-iarbhunscoil déag atá suite i réigiún Luimnigh agus an Chláir a bhainistiú agus a fheidhmiú. Thairis sin, tá post comhphátrúin ag an BOO do cheithre scoil pobail. Seachas riar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, tá an rannán freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar Sheirbhísí Oibre don Aos Óg agus ar an gComhpháirtíocht Óige Chruthaitheach Áitiúil (LCYP), agus ó mhí an Mhárta 2022 i leith, tá an rannán freagrach as comhordú na bhFoirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALT) mar fhreagairt ar an gcoimhlint sa Úcráin.

## Rannán Scoileanna




| Rolluithe Iarbhír agus Tuartha (Bunscoil) | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir Rolla** | **Scoil** | **Rollú 2022** | **Rollú Tuartha 2023** |
| 20313J | Scoil Náisiúnta Pobail Mhol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir | 121 | 120 |
| | Seomra Ranga Satailíte Ghleann Rua, Gleann Rua, Co. Luimnigh (Faoi choimirce Scoil Náisiúnta Pobail Mhol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir) | 26 | 34 |
| 20312H | Scoil Náisiúnta Pobail Choill an Ráithín, Tuaim Gréine, Co. an Chláir | 108 | 108 |
| | **Iomlán** | **252** | **262** |

**Iar-bhunscoileanna**

Cuireann na Coláistí Pobail a bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach astu neart seirbhísí oideachais ar fáil laistigh de thimpeallacht ionchuimsitheach. Tá na scoileanna seo lántiomanta do bharr feabhais a chothú san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú, agus tá cáil orthu as a gcur chuige nuálach agus freagrúil maidir le déileáil le riachtanais a bpobal faoi seach. Gné shainiúil de na scoileanna seo is ea a bhfoirne ceannaireachta láidir, a dhéanann a ndícheall cultúr fáilteach agus ionchuimsitheach a chothú, agus é mar aidhm acu cur ar chumas gach mac léinn barr a c(h)umais a bhaint amach. Amhail ó Mheán Fómhair 2022, bhí 9,627 mac léinn cláraithe go hoifigiúil i scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, figiúr arb ionann é agus beagnach 40% den líon iomlán mac léinn iar-bhunscoile a bhí rollaithe i scoileanna sa réigiún (Foinse: Staitisticí Iar-bhunscoileanna na Roinne Oideachais 2019-2022).

Oibríonn Rannán na Scoileanna i ndlúthchomhar le rannán Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta agus le rannán Breisoideachais agus Oiliúna an údaráis chun na ceithre sprioc atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2022-2026 a chomhlíonadh.

Is é príomhchuspóir Rannán na Scoileanna éifeachtúlacht gach scoil BOO a mhéadú, trí raon tacaíochtaí a chur ar fáil dóibh atá dírithe ar eispéiris agus torthaí mac léinn a shaibhriú. Cuirtear é sin i gcrích trí phróiseas comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí, grúpaí fóraim ar leith (Fóram Comhordaitheoirí Idirbhliana, Fóram na dTreoirchomhairleoirí, Fóram SENCo, Fóram Príomhoidí Cúnta, Fóram na gCeannairí Digiteacha agus Fóram Comhordaitheoir na Foirne Tacaíochta do Mhic Léinn), múinteoirí, agus an fhoireann tacaíochta, trí réimsí tosaíochta a shainaithint. Chomh maith leis sin, cuireann Rannán na Scoileanna tacaíocht ar fáil do scoileanna chun ceanglais na Roinne Oideachais a chur i bhfeidhm, trí dhlúth-chomhpháirtíochtaí a bhunú le soláthraithe criticiúla seirbhísí tacaíochta na Roinne Oideachais, amhail an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Foireann na Sraithe Sóisearaí, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Tusla, an Chomhairle Náisiúnta um Riachtanais Oideachais Speisialta, an Lárionad um Cheannaireacht Scoile agus comhlachtaí ábhartha eile. Cuireann Rannán na Scoileanna tacaíochtaí ar fáil trí úsáid a bhaint as trí phríomhchaineál soláthar seirbhíse, eadhon: Ceannaireacht i Scoileanna, Foghlaim Ardchaighdeáin, Teagasc agus Measúnú agus Tacaíocht do Mhic léinn agus don Fhoireann. Baineann scoileanna an BOO tairbhe as tacaíocht ó Rannán na Scoileanna chun na réimsí tosaíochta seo a leanas a chuimsiú a bhaineann le dul chun cinn agus leas an mhic léinn:

- Creataí beartais cuimsitheacha a fhorbairt dár gcuid mac léinn
- Comhairle agus tacaíocht maidir le pleanáil churaclaim agus oideachais
- Leithdháiltí Múinteoirí
- Tacaíocht agus treoir d'fhoirne tacaíochta do mhic léinn
- Próiseas do thuismitheoirí chun gearáin a dhéanamh
- Tacaíocht i ndáil le Féinmheastóireacht Scoile agus Pleananna Feabhsúcháin Scoile agus DEIS
- Tacú le scoileanna Creat Cáilíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna do Scoileanna - Ag Breathnú ar an Scoil Againne (LAOS) a chur i bhfeidhm
- Tacaíocht do mhic léinn atá i mbaol
- Tacú le guth an Mhic Léinn agus an Tuismitheora
- Oiliúint agus tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta
- Forbairt ghairmiúil Foireann Mheánbhainistíochta
- Seimineáir Ghréasáin do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí

Tacaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir le scoileanna aonair chun cur lena ról laistigh de phobail, trí bhreis comhoibrithe agus cumarsáide leis na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear mic léinn, tuismitheoirí, eagraíochtaí áitiúla spóirt, pobail agus deonacha.

Baineann na hiar-bhunscoileanna a bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach as tairbhe as treoir agus tacaíocht líonra Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, arna eagrú ag Stiúrthóir na Scoileanna. Lena chois sin, faigheann na scoileanna seo cúnamh agus treoir ó Fhoireann Tacaíochta Rannán na Scoileanna.

**Cláir Iar-bhunscoile**

I measc na gclár atá á gcur ar fáil in iar-bhunscoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir tá:

- An Teastas Sóisearach
- Cláir na hIdirbhliana
- An Ardteistiméireacht
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- Cláir na hArdteistiméireachta Feidhmí

I measc na n-ábhar atá ar fáil trí churaclam na scoileanna tá eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, matamaitic, (STEM) teangacha, daonnachtaí agus na healaíona ag leibhéal Sóisearach agus Sinsearach araon. Is éard atá i gceist le béim a leagan ar fhorbairt iomlánaíoch ár gcuid mac léinn rannpháirtíocht a spreagadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim lena n-áirítear na healaíona cruthaitheacha, spórt, drámaíocht, ceol, eolaíocht, fiontraíocht, díospóireacht agus tionscadail ilmheán. Tá scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir fós ag mealladh cohórt suntasach mac léinn iar-bhunscoile agus bhí 9,627 mac léinn ar fad rollaithe i Meán Fómhair 2022.

**Tuarascálacha Cigireachta**

Rinne Cigireacht na Roinne Oideachais Cigireachtaí a bhaineann le COVID in 2022 i 5 cinn dár scoileanna. Fáiltíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir roimh an aiseolas agus an tacaíocht a chuireann an Chigireacht ar fáil.

**Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS)**

Chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an clár DEIS (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna Sheachadadh) ar fáil i seacht scoil. Mar chuid den chlár seo cuireadh raon leathan ábhar ar fáil mar chuid den tsraith shóisearach agus den tsraith shinsearach araon, lena n-áirítear teangacha, daonnachtaí, na healaíona, teicneolaíochtaí agus eolaíochtaí. Ina theannta sin, spreagadh mic léinn chun páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim ar nós na n-ealaíon cócaireachta, drámaíocht, ceol, teicneolaíocht agus spóirt.

Chun an caighdeán is airde teagaisc agus foghlama agus an taithí oideachais is fearr is féidir a chinntiú dá mic léinn, chuir Rannán na Scoileanna tacaíocht ar fáil do gach scoil i roinnt réimsí, lena n-áirítear Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, Ionduchtú Múinteoirí, Litearthacht agus Uimhearthacht Teanga, Oideachas Speisialta, Teagasc agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta, an clár Múinteoirí agus Ceannaireachta, Béarla mar Theanga Bhreise, chomh maith le Cláir Forbartha Ceannaireachta agus Tacaíochta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí, agus Sealbhóirí poist meánbhainistíochta.

Le linn 2022, eagraíodh cruinnithe idir príomhoidí agus comhordaitheoirí DEIS na scoileanna DEIS chun dea-chleachtais a scrúdú agus a chur chun cinn maidir le tacú le mic léinn i scoileanna DEIS.

**Rolluithe Iarbhír agus Tuartha (Iar-Bhunscoile)**

Tugtar cuntas sa tábla thíos ar na rolluithe méadaithe i scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in 2022 agus na rolluithe réamh-mheasta do Mheán Fómhair 2023.

| Uimhir Rolla | Scoil | Rollú An 30 Meán Fómhair '22 | Rollú An 30 Meán Fómhair '23 |
|---|---|---|---|
| **70830N** | Coláiste Pobail na hInse, Inis, Co. an Chláir | 567 | 661 |
| **70840Q** | Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir | 221 | 0 |
| **70860W** | Coláiste Pobail Mhichíl, Cill Mhichíl, Co. an Chláir | 268 | 275 |
| **70880F** | Coláiste Pobail Naomh Iósaif, Cill Chaoi, Co. an Chláir | 177 | 161 |
| **70900I** | Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Co. an Chláir | 434 | 435 |
| **70901K** | Coláiste Pobail Naomh Anna, Cill Dalua, Co. an Chláir | 658 | 717 |
| **71700F** | Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh | 310 | 338 |
| **71790J** | Coláiste Deasmhumhan, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh | 465 | 465 |
| **71840V** | Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh | 709 | 756 |
| **71850B** | Coláiste Collchoille, Droim Collachair, Co. Luimnigh | 600 | 603 |
| **76061W** | Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh | 493 | 490 |
| **76070A** | Coláiste Iósaif, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh | 476 | 494 |
| **76073G** | Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh | 1247 | 1288 |
| **76075K** | Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Co. An Chláir | 279 | 290 |
| **76093M** | Coláiste Íde agus losef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh | 679 | 647 |
| **76101I** | Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Sior Anraí, Luimneach | 630 | 635 |
| **76414G** | Coláiste Pobail Thuamhan, Páirce Mhaoilis, Luimneach | 614 | 604 |
| **76476F** | Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Luimneach | 800 | 881 |
| | **IOMLÁN** | **9627** | **9740** |

Tá sé beartaithe ag scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir rolluithe a mhéadú do Mheán Fómhair 2023 ionas go mbeidh thart ar 9,740 mac léinn ar fad ar an rolla.

**Cúrsaí Oiliúna don Bhord Bainistíochta**

Reáchtáladh cúrsaí oiliúna do Bhoird Bhainistíochta maidir le hobair na mBord a thacaíonn le Teagasc, Foghlaim agus Measúnú, ar líne trí Zoom tar éis bhriseadh lár téarma mhí Feabhra 2022. Chomh maith leis sin, bhí deis ag boird bhainistíochta páirt a ghlacadh i seimineár gréasáin uair an chloig eile ar éiteas agus bunluachanna i scoileanna BOO i mí Eanáir 2022.

**Tacú le mic léinn a bhfuil Riachtanais Oideachais Bhreise acu**

Leanann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag freagairt don ghá atá le soláthar agus cúram méadaithe do mhic léinn a bhfuil Riachtanais Oideachais Bhreise (AEN) acu agus dá dtuismitheoirí agus dá gcaomhnóirí trí fhorbairt shuntasach a dhéanamh ar ranganna speisialta agus Aonad Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (ASD) le dhá bhliain anuas. Is é an aidhm atá ag ár BOO rang speisialta nó Aonad ASD a chur ar fáil i ngach scoil ar fud Luimnigh agus an Chláir as seo go ceann cúig bliana. Tá foráil déanta chun dhá Aonad ASD a chur ar fáil i ngach scoil nua atá á forbairt againn. Tá ár BOO ag obair i ndlúthpháirt leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) chun rochtain ar ranganna speisialta agus ar Aonaid ASD i Luimneach agus i gCo. an Chláir a fheabhsú. Cuireadh Ranganna Speisialta ar fáil i ngach ionad de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ó Mheán Fómhair 2022.

**Roinnt Buaicphointí in 2022**

**Imeacht 'Luathghairmeacha' na nEolaíochtaí Sláinte Sóisearacha 2022**

De bhrí gur éirigh go breá leis an imeacht seo in 2021, cinneadh Imeacht na nEolaíochtaí Sláinte Sóisearacha, 'Luathghairmeacha', a reáchtáil i mí Márta 2022 arís. Anuraidh, d'fhéach breis is 1,600 mac léinn idirbhliana agus 5ú Bliain ó gach cearn de réigiún an Mheán-Iarthair ar an seimineár gairmeacha ar líne, ag a dtugtar léargas iontach ar ghairm san earnáil chúraim sláinte d'aon mhac léinn ar spéis leis nó léi a leithéid de ghairm. Arís eile, d'oibrigh Rannán Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir le hAcadamh na nEolaíochtaí Sláinte, comhpháirtíocht idir Ollscoil Luimnigh, Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh agus Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail an Mheán-Iarthair FSS chun an ócáid a chur chun cinn ar fud líonra na scoileanna i Luimneach, Tiobraid Árann agus an Clár.

Bhailigh roinnt mac léinn ó na scoileanna seo ag an Ionad Oideachais agus Taighde Chliniciúil (CERC) in Ospidéal Ollscoile Luimnigh i mí Feabhra 2022 chun cabhrú leis an seimineár gréasáin a sheoladh. Tá an ócáid idirghníomhach dírithe ar mhic léinn atá san Idirbhliain agus sa 5ú bliain nach féidir leo cuairt a thabhairt ar ospidéil nó ar shuíomhanna cliniciúla eile le haghaidh taithí oibre. Tá an seimineár gréasáin á eagrú ag Acadamh na nEolaíochtaí Sláinte i dteannta le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus Ionad Oideachais Luimnigh agus beidh deis ag mic léinn éisteacht le baill foirne cliniciúla ó Ghrúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh agus ó Chúram Sláinte Pobail an Mheán-Iarthair FSS i mbun cainte, chomh maith le baill foirne acadúla agus mic léinn atá i mbun clár sláinte in Ollscoil Luimnigh a thabharfaidh léargas den scoth ar an láthair oibre, mar aon le treoir maidir le roghanna ábhar agus deiseanna gairme.

**MY-Psychology: Clár Nuálach do Dhaoine Óga Seolta**

Is clár nuálach a théann i ngleic le Meabhairshláinte agus Folláine i measc daoine óga é MY-Psychology a bunaíodh mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta in 2022. Múinteoirí agus mic léinn i scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chomhdhear an clár, rud a chinntíonn go bhfuil an clár ábhartha agus mealltach do dhaoine óga.

Is clár oideachais síceolaíochta ceannródaíoch é MY-Psychology, nó MY-Psy, a leagann béim ar mheabhairshláinte dhearfach agus folláine a chur chun cinn. Tá MY-Psy á maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus is í an Dr. Jennifer McMahon, Léachtóir Sinsearach i Síceolaíocht in Ollscoil Luimnigh agus Stiúrthóir SCY-Lab (Saotharlann Mheabhairshláinte agus Folláine, Scoile, Linbh agus Óige) atá i gceannas air. Is comhfhiontar/comhpháirtíocht é idir an SCY-Lab, an tAcadamh Sóisearach um

Eolaíochtaí Sláinte (Grúpa Ospidéal OL, Cúram Sláinte Pobail an Mheán-Iarthair agus Ollscoil Luimnigh) agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus tugann sé taighde, oideachas agus speisialtachtaí cúraim sláinte le chéile. I measc mórpháirtithe leasmhara eile, tá Jigsaw Luimnigh, Seirbhís don Aos Óg Luimnigh, agus an fhoireann mhúinteoireachta i limistéar Luimnigh agus an Chláir.

Cruthaíodh MY-Psychology i dteannta le páirtithe leasmhara óige, a chuir bonn eolais ar fáil do dhearadh an chláir 12 sheisiún do mhic léinn Idirbhliana. Tá an clár seo dírithe ar an eolaíocht a bhaineann leis na meáin shóisialta a bhainistiú, mothúcháin a thuiscint agus caidrimh a chothú. Chomh maith leis sin, reáchtáiltear seisiúin maidir le hiompar sláinte atá ag athrú, agus maidir le conas dul i mbun taighde. Chomhdhlúthaigh mic léinn a rannpháirtíocht sa chlár trí thionscadal piarthreoraithe maidir le cur chun cinn na folláine a chur i gcrích ina scoil, agus bronnadh Teastas i gCeannaireacht sa Mheabhairshláinte agus i gCur Chun Cinn na Folláine ó Acadamh na nEolaíochtaí Sláinte Sóisearacha in Ollscoil Luimnigh orthu.
Príomhaidhm eile atá leis an gclár MY-Psychology is ea léargas a thabhairt do mhic léinn idirbhliana ar an eolaíocht shíceolaíoch agus iad a spreagadh chun glacadh leis an eolaíocht shíceolaíoch mar chonair ghairme fhéideartha.
Tá MY-Psychology á chur i bhfeidhm i gcúig scoil sa Mheán-Iarthar faoi láthair agus táthar ag súil go bhforbrófar an clár agus go mbeidh sé á chur ar fáil do níos mó scoileanna in 2023.

**Seimineáir do Thuismitheoirí & Caomhnóirí**

D'eagraigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir sraith seimineár speisialta ar líne do thuismitheoirí/caomhnóirí leanaí a fhreastalaíonn ar scoileanna, seimineáir maidir le hábhair thábhachtacha do thuismitheoirí. Bhí an chéad seimineár dírithe ar thábhacht na codlata agus conas is féidir linn a chinntiú go mbainfidh ár leanaí tairbhe as gnáthamh maith codlata, seimineár a bhí á reáchtáil ag an gcomhairleoir Tom Coleman. Tá níos mó spéise á léiriú ag tuismitheoirí agus caomhnóirí, de réir a chéile, sna seimineáir atá á reáchtáil ar fud Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. i measc na gcainteoirí a bhí i láthair bhí Tom Coleman, Shane Martin agus an Dr Maureen Griffin.

D'óstáil Rannán Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, i gcomhar leis an Ollamh Stephen Kinsella (Ollscoil Luimnigh), Seimineár Gréasáin do mhic léinn Ardteistiméireachta, tuismitheoirí/caomhnóirí, Treoirchomhairleoirí agus Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, chun cur síos a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann leis an gcúrsa nuafhorbartha san Innealtóireacht Bogearraí Tumoideachais atá ar fáil in Ollscoil Luimnigh Déardaoin, ar an 27 Eanáir 2022. Thug an tOllamh Kinsella agus painéal cainteoirí léargas gairid ar na riachtanais iontrála, ar an gcúrsa agus ar na deiseanna fostaíochta a bheidh ar fáil nuair a bheidh an cúrsa curtha i gcrích.

**Comhoibriú le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh**

D'óstáil Rannán na Scoileanna roinnt seimineár ar líne do mhic léinn Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh sular thug siad faoi shocrúchán scoile. Tugadh léargas do na múinteoirí faoi oiliúint seo i rith gach seimineár ar líne, 'Teagasc & Foghlaim i scoileanna i ndiaidh Covid: Peirspictíocht Scoileanna' ar na réimsí seo a leanas;

- Beartas agus Treoirlínte Náisiúnta
- Breithniúcháin sláinte agus sábháilteachta
- Athruithe ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú
- Tacaíochtaí do mhúinteoirí

**Muintearas in ár Scoileanna**

Reáchtáil Rannán Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a seimineár gréasáin bliantúil uile-scoile d'fhoireann na scoileanna go léir agus bhí aoi speisialta i láthair, an Dr Zachary Walker, saineolaí a bhfuil cáil idirnáisiúnta air i bhfeidhmíocht foghlama aonair agus eagraíochtúil, ar an 1 Nollaig 2022. Bhain múinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta agus MGOanna/Múinteoirí Comharfhoghlama, agus ceannairí scoile an-taitneamh as an seimineár gréasáin,

ar ghlac painéal rannpháirtithe páirt ann freisin. D'fhéach breis agus míle ball foirne as na scoileanna agus coláistí ar fad ar Muintearas inár Scoileanna trí sheimineár gréasáin Zoom.

**Rath ar Obair na Scoileanna ag Comórtas Eolaithe Óga & Teicneolaíochta BT 2022**

D'éirigh thar barr le roinnt mac léinn ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a ghlac páirt i gComórtas Eolaithe Óga & Teicneolaíochta BT i mbliana agus bronnadh roinnt duaiseanna orthu ag an imeacht.

- Bronnadh an chéad duais agus onóracha sa tríú háit ar mhic léinn ó Choláiste Deasmhumhan ag Comórtas Eolaithe Óga & Teicneolaíochta BT Fíorúil na bliana seo.
- Don dara bliain as a chéile bronnadh an chéad duais i gCatagóir na Sóisear ag Comórtas Eolaithe Óga & Teicneolaíochta BT Fíorúil a reáchtáladh le déanaí ar mhic léinn ó Choláiste Chiaráin.

**Suíomh Gréasáin Náisiúnta na Comhpháirtíochta Óige Cruthaithí Áitiúil (LCYP)**

Oibríonn Comhpháirtíocht Óige Cruthaithí Áitiúil Luimnigh agus an Chláir le daoine óga atá idir 0 agus 25 bliain d'aois chun cabhrú leo barr a gcumais chruthaithigh a bhaint amach. In 2022, bhí Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i gceannas ar dhearadh agus ar fhorbairt suíomh gréasáin a bheadh in úsáid chun na lógónna agus na naisc chuig na trí Chomhpháirtíocht Phíolótacha BOO a óstáil - www.lcyp.ie.

**Ag freagairt do riachtanais Teaghlach ón Úcráin atá easáitithe ag an gCogadh - Foirne Oideachais agus Teanga Réigiúnacha (REALT)**

Eagraíonn boird oideachais agus oiliúna réigiúnacha timpeall na hÉireann Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALT) agus is é pearsanra tacaíochta oideachais atá bunaithe sna réigiúin a oibríonn iontu.

Is é an príomhról atá ag REALT ná chun cur leis na struchtúir thacaíochta atá ann cheana, agus is í an chéad bhéim a bheidh acu ná chun cabhrú le teaghlaigh chun áiteanna scoile a fháil. Tacóidh REALT le scoileanna sa limistéar chun freastal ar riachtanais na bpáistí seo de réir mar a thagann sin chun cinn, chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Roinn i dtaca le hacmhainneacht nua a fhorbairt, más gá, agus chun soláthar seirbhísí oideachais do scoileanna agus teaghlaigh ina limistéar sainithe féin a chomhordú.

Deimhníonn na foirne seo go bhfuil línte faisnéise soiléire agus inrochtana i bhfeidhm idir scoileanna, seirbhísí tacaíochta oideachais áitiúla agus struchtúir thacaíochta náisiúnta i dtaca le daoine a thagann ón Úcráin.

I dtosach, díríonn na REALTanna isteach ar chabhair a chinntiú do pháistí le háiteanna scoile a fháil nuair atá siad réidh le bheith páirteach sa chóras scoile. Tacaíonn an Fhoireann REALT le seirbhísí reatha, agus comhordaíonn siad na réimsí oibre seo a leanas:

- Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna teacht ar fhaisnéis i dtaobh áiteanna scoile do pháistí Úcránacha agus do dhaoine óga a d'aistrigh isteach go dtí an ceantar.
- Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna teacht ar fhaisnéis i dtaobh seirbhísí na Scéime Iompair scoile a bheith ar fáil do pháistí Úcránacha agus do dhaoine óga a d'aistrigh isteach go dtí an ceantar.
- Cabhrú le teaghlaigh agus scoileanna teacht ar acmhainní agus tacaíochtaí le haghaidh riachtanais acmhainneachta breise, folláine, teanga agus oideachais.
- Cabhrú le hobair i réimse soláthair foirne, lena n-áirítear, más gá, teagascóirí Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL) chun freastal ar riachtanais teanga páistí, daoine óga agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí ón Úcráin, trí theagmháil a dhéanamh le Comhordaitheoirí ESOL sna BOOnna.

- Acmhainneacht scoile reatha a chur i gcomhréir leis na háiteanna ina bhfuil teaghlaigh Úcránacha curtha, a oiread agus is féidir.
- Acmhainneacht bhreise a aimsiú laistigh dá limistéir thíreolaíocha chun ullmhú do chásanna ina bhféadfadh gur mhó an t-éileamh ná an acmhainneacht scoile, agus obair leis an Roinn agus le heagraíochtaí eile, más gá, d'fhonn an acmhainneacht bhreise seo a chur ar fáil.
- Dul i dteagmháil le struchtúir chomhordaithe eile a d'fhéadfadh a bheith bunaithe chun soláthar seirbhísí poiblí do theaghlaigh Úcránacha a chomhordú.

**Scoil Samhraidh do Cheannairí Meánleibhéil ETBI**

Bhí príomhról ag Rannán Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in eagrú Scoil Samhraidh náisiúnta a óstáiltear in Ollscoil Luimnigh ar a dtugtar 'Tacú le Ceannairí Meánleibhéil: Ceannaireacht do dhomhan atá ag athrú a chothú'. Forbraíodh an scoil samhraidh chónaithe do API/APII agus do shealbhóirí poist meánleibhéil.

Is iad seo a leanas aidhmeanna an chláir:

- Tacú le ceannairí meánleibhéil lena dturas ceannaireachta gairmiúla
- Tacú le ceannairí meánleibhéil machnamh a dhéanamh orthu féin mar cheannairí i suíomhanna oideachais
- Tuiscint níos doimhne ar cheannaireacht i suíomh scoile a fhorbairt
- Plé agus díospóireacht faoi réimsí ábhartha oideachais in Éirinn a chur chun cinn
- Deiseanna líonraithe a chur ar fáil i measc ceannairí meánleibhéil

De bhrí gur éirigh chomh maith sin leis an scoil samhraidh seo, chinn ETBI scoil samhraidh a reáchtáil in Ollscoil Luimnigh gach bliain.

**Cúrsaí Oiliúna do Chomhairle na dTuismitheoirí**

Chruthaigh Rannán na Scoileanna paca acmhainní d'ábhair oiliúna do Chomhairle na dTuismitheoirí. Tá na cúrsaí oiliúna seo á gcur ar fáil do Chomhairle na dTuismitheoirí trí Zoom agus trí ríomhphost. Cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do roinnt scoileanna agus tá meastóireachtaí atá déanta ar na cúrsaí oiliúna an-dearfach.

**Feidhm na hOibre don Aos Óg**

Le linn dó a fheidhmeanna reachtúla maidir le hobair don aos óg a chomhlíonadh, oibríonn Foireann Oifigeach don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i gcomhpháirt le raon príomhghníomhaireachtaí, idir dheonach agus reachtúil, a bhfuil ról acu i seirbhísí do dhaoine óga a sholáthar sa réigiún.

Cuimsítear sa scéim UBU - Do Áit Do Spás, sciar suntasach den mhaoiniú atá á riar ag feidhm Obair don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Cuireann an scéim tacaíochtaí lasmuigh den scoil ar fáil do dhaoine óga atá ainmnithe mar dhaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste.

Ag deireadh 2022, i ndiaidh glao náisiúnta ar BOOnna, cuireadh in iúl do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go raibh a iarratas chun suíomh nua UBU - Do Áit Do Spás, a bhunú i limistéar riaracháin an Údaráis faofa ag RLCMLÓ. Ba é Ceantar Bardasach Chill Dalua i gCo. an Chláir an ceantar sonrach a aithníodh agus tasc suntasach a bheidh le cur i gcrích in 2023 é an próiseas chun Riachtanas Seirbhíse a dhréachtú agus cuireadh a thabhairt d'iarratasóirí an tseirbhís nua a chur ar fáil. Nuair


a bheidh an suíomh nua forbartha, beidh 27 tionscadal UBU - Do Áit Do Spás, bunaithe i gceantar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.

Lean Coiste Oibre don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag tacú le cur i bhfeidhm Phlean Oibre don Aos Óg 2018-2022 a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú go n-éireoidh leis an BOO a fhreagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg i réigiún Luimnigh agus an Chláir.

D'oibrigh an fhoireann Oibre don Aos Óg i gcomhpháirt ar raon fóram laistigh den réigiún agus lasmuigh de chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Luach na hoibre don aos óg a chur chun cinn mar idirghabháil atá oiriúnach do gach duine óg
- Cabhrú le forbairt beartas a bhaineann le hobair don aos óg agus réimsí gaolmhara
- Cumarsáid mhaith idir gach eagraíocht atá ag obair le daoine óga sa réigiún a chinntiú
- Seachadadh breisoideachais agus oiliúna in obair don aos óg ar fud réigiún an Mheán-Iarthair a chur chun cinn agus tacú leis na hoibrithe don aos óg agus le daoine eile atá i mbun oibre cheana féin
- Saineolas agus tacaíocht a chur ar fáil do roinnt tionscadal don aos óg agus do roinnt tionscadal pobail trí bhallraíocht ar a mBoird Bhainistíochta

**An Rannán Breisoideachais agus Oiliúna**




Tá Rannán FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach as bainistiú agus oibriú 37 Ionad FET atá cláraithe le QQI i Luimneach agus i gCo. an Chláir, áit ar sholáthair sé sraith de sholáthar lánaimseartha agus páirtaimseartha, agus seirbhísí tacaíochta trínár gColáiste Oideachais agus Oiliúna ilchampais do 22,939 tairbhí.

**Printíseachtaí**

Cuireadh tús leis an soláthar éigeandála do chúrsaí printíseachta ar nós cúrsaí Pluiméireachta agus Leictreachais in 2022. Reáchtáladh cúrsa oiliúna nua do thiománaithe HGV in 2022. Reáchtáladh an cúrsa seo mar fhreagairt don ghanntanas tiománaithe san earnáil. D'éirigh go han-mhaith le cúrsa nua faofa do Theagascóirí Tiomána chun freastal ar an ngá atá le teagascóirí tiomána atá faofa ag an RSA, a cuireadh ar fáil mar chuid de chúrsa oiliúna ar conradh.

I mí na Nollag, reáchtáladh trí bhlaschlár gruagaireachta ar ár gCampas i Raithean. Bhain na scoileanna a ghlac páirt sna cláir lae seo (dhá chlár do mhic léinn Idirbhliana agus clár amháin do ghrúpa ATF) an-taitneamh astu. Reáchtáladh trí chlár bhreise dhá lá CNC do mhic léinn idirbhliana chomh maith.

Forbairt nua eile in 2022 ba ea na cúrsaí oiliúna nua i nDearadh Façade agus Máistir Bád Oibre.

**Seirbhísí Tacaíochta**

Ionchuimsiú Gníomhach

In 2022 cuireadh críoch leis an obair ar an Mol Foghlama nua athfhorbartha i gCampas Shráid Mulgrave agus tá obair ar bun chun Mol Foghlama a fhorbairt ar Champas Bhóthar Chill Mocheallóg agus chun obair athchóirithe a dhéanamh ar an Mol Foghlama i gCampas Ascaill Uí Chonaill;

**Oideachas & Oiliúint Allamuigh**

Réimse soláthair nua faoi FARR 2022 ba ea Conairí Oideachais Allamuigh do Mhic Léinn Idirbhliana, Oideachas Allamuigh d'fhoghlaimeoirí FET, Oideachas Allamuigh agus Oideachas Pobail.

Leanadh ar aghaidh le Conairí FET BOOLC chuig gairm bheatha i gcláir Oideachais Allamuigh do Sholáthar don Aos Óg agus cuireadh fáilte roimh atosú chlár iomlán na Seirbhíse Oideachais agus Oiliúna Allamuigh d'iar-bhunscoileanna agus do bhunscoileanna, lena n-áirítear cláir chónaithe i ndiaidh COVID 19.

**Glúin an Cheoil**

Tairgeadh cúrsa nua - Bunchúrsa i Scileanna Craolacháin Raidió Pobail - ag ár gCampas sa Scairbh i gcomhpháirt le Glúin an Cheoil in an Clár.

In 2022, d'oibrigh Glúin an Cheoil in an Clár le craobh Streetwise de Bhráithre na Carthanachta in Inis chun clár oideachais nua sé seachtaine faoin mbodhrán ar chur ar fáil d'aosaigh óga faoi mhíchumas intleachta.

Chríochnaigh triúr oideoirí-ceoltóirí ó Ghlúin an Cheoil in an Clár, a reáchtálann Cúrsa Ceoil creidiúnaithe QQI, Leibhéal 3, d'fhoghlaimeoirí Ógtheagmhála, ionduchtú Dearbhaithe Cáilíochta.

Chríochnaigh beirt oideoirí-ceoltóirí ó Ghlúin an Cheoil in an Clár, a reáchtálann Cúrsa Ceoil creidiúnaithe QQI, Leibhéal 5, d'fhoghlaimeoirí aosaigh VTOS, ionduchtú Dearbhaithe Cáilíochta freisin.

Sheol Glúin an Cheoil in an Clár PIMA! Féile atá á reáchtáil ag an deireadh seachtaine, an 14ú - 16ú Deireadh Fómhair in Glór, in Inis. Mar chuid den fhéile nua seo, reáchtáladh cúig mhór-imeacht, agus bhí gnéithe ceardlainne nasctha leo ar fad a raibh cead ag an bpobal freastal orthu. I measc na n-imeachtaí a bhí ar siúl, a bhí ar fáil saor in aisce, bhí ceardlanna maidir le córais taibhithe leictreonacha, scríbhneoireacht amhrán, cnaguirlisí idirghníomhacha, fínéid amharclainne ghearra a scannánú, agus páirt a ghlacadh i bhfuaimdhreach giniúnach fíor-ama.

Chun Lá Idirnáisiúnta na Cruite a cheiliúradh, sheinn baill de Ensemble Cruiteanna Ghlúin an Cheoil in an Clár i Leabharlann na Sionainne ar an Satharn an 1 Deireadh Fómhair do lucht éisteacha a raibh úsáideoirí leabharlainne de gach aois ina measc. Sheinn baill ón Ensemble Cruiteanna ar an stáitse in Glór, in Inis ar an Aoine, an 14 Deireadh Fómhair freisin, i gcomhar le cruiteoirí ó Ghlúin an Cheoil in Laois, chomh maith leis na ceoltóirí gairmiúla Aisling Lyons agus Dale McKay;

D'fhreastail oideoirí-ceoltóirí ar chúrsaí oiliúna maidir le príomhstraitéisí a bhaineann le dea-chleachtas sa seomra ranga agus bainistíocht sa seomra ranga.

**Scileanna atá le Forbairt**

An Earnáil Turasóireachta

D'eagraigh an fhoireann Scileanna atá le Forbairt i gcomhar le Coláiste FET, Campas Inse, an Cúrsa Treorach maidir le Turas Réigiúnach, do naonúr fostaithe san earnáil Turasóireachta/Fáilteachais, rud a chuir ar a gcumas cúrsaí uasoiliúna a dhéanamh agus feidhmiú mar Threoraithe Turas ina gceantar áitiúil faoi seach.

**Cúrsaí Scileanna atá le Forbairt R-choláiste**

Chuir Scileanna atá le Forbairt i gcomhar le r-choláiste ar chumas ceithre fhoghlaimeoir déag dul i mbun cúrsaí r-choláiste i réimsí cosúil le Ríomhchlárú trí úsáid a bhaint as Python, Gnéithe Bunúsacha Bunachar Sonraí, Gnéithe Bunúsacha Córas Oibriúcháin Windows agus Cláir a bhaineann úsáid as HTML agus CSS.

**Scileanna Digiteacha**

Chuir an fhoireann Scileanna atá le Forbairt i gcomhar le Coláiste FET, Campas Raithin, cúrsa maidir le Scarbhileoga ECDL ar fáil d'ochtar fostaithe agus ECDL leagan 6 ar fáil do naonúr fostaithe, cúrsaí a thug deis d'fhoghlaimeoirí scileanna a shealbhú agus eolas a fháil faoi raon feidhmchlár bogearraí.

**Rannpháirtíocht Fiontair**

Seó Bóthair Coinneála Tallaine an Mheán-Iarthair: D'eagraigh an fhoireann Rannpháirtíochta Fiontair, in éineacht leis an bhfoireann Treorach & Faisnéise, seastán ag Seó Bóthair Coinneála Tallainne an Mheán-Iarthair in Inis. Ardán ba ea an ócáid seo do Scileanna atá le Forbairt chun léargas a thabhairt ar na cúrsaí ar fad atá ar fáil d'fhostóirí i réigiún an Chláir. D'fhreastail roinnt comhlachtaí ón réigiún atá ag obair in earnálacha éagsúla ar an ócáid.

An Tionscal Tógála: Mar thoradh ar dhul i dteagmháil le comhlachtaí i dtionscal na tógála, chuir foireann Scileanna atá le Forbairt, i gcomhar le Coláiste FET, Campas Inse, ar chumas 11 fhostaí páirt a ghlacadh sa chúrsa Bainistíochta Tionscadail. Tá ochtar fostaithe ó Conack i mbun an chúrsa Bainistíochta Maoirseachta.

An Earnáil Innealtóireachta/ Déantúsaíochta: Chuir Scileanna atá le Forbairt, i gcomhar le Limerick for Engineering agus Coláiste FET, Campas na Sionainne ar chumas 8 bhfostaí (Oibrithe) tabhairt faoin gcúrsa faoi Chórais Leictreachais Thionsclaíocha. Is é seo an dara modúl atá le déanamh mar chuid de dhámhachtain L6 Teicneolaíocht Scileanna Cothabhála. Is ag obair do Johnson & Johnson agus EI Electronics atá na fostaithe.

**Coláiste FET, Campas Inse**

Cúis áthais do Champas Inse fáilte a chur roimh an tAire Simon Harris, Dé Luain, an 30 Bealtaine, áit ar bhuail sé le foghlaimeoirí agus baill foirne atá ag díriú ar chláir agus seirbhísí tacaíochtaí éagsúla. Tá cead faighte ag an bhfhoireann ar Champas Inse páirt a ghlacadh i dtionscadal soghluaisteachta foirne Erasmus+ agus tá sé beartaithe acu taisteal chun na hIodáile ag deireadh mhí Lúnasa chun staidéar a dhéanamh ar Bhainistíocht Seomra Ranga agus Éagsúlacht.

Tá líon mór dídeanaithe as an Úcráin ina gcónaí i gCo. an Chláir faoi láthair. Bhuail an fhoireann Chroíscileanna le 1,500 Úcránach le cúpla seachtain anuas. Forbraíodh cúrsaí éagsúla chun freastal ar an éileamh - cúrsaí Béarla ag leibhéil dhifriúla, Ealaín, Ióga agus Tuismitheoir agus Leanbh, Mo Leanbh agus Mise. I measc na n-áiteanna ar reáchtáladh cúrsaí tá Lios Dúin Bhearna, Baile Uí Bheacháin, Lios Ceannúir, An Leacht, Inis, Sionainn, Leacain an Éadain agus Cill Chaoi.

**Coláiste FET, Campas Chill Rois**

Cúis áthais do Champas Cill Rois fáilte a chur roimh an tAire Simon Harris, Dé Luain, an 30 Bealtaine, áit ar bhuail sé le foghlaimeoirí agus baill foirne atá ag díriú ar chláir agus seirbhísí tacaíochtaí éagsúla. Rinne foireann an Champais cur síos ar na buntáistí a bhaineann le tacaíocht mhaoinithe MAED i ndáil le saoirseacht bád; an bosca capall a athchóiriú mar thrucail bia agus ballaí cloiche traidisiúnta a thógáil.

**Coláiste FET, Campas Shráid Mulgrave LCFE**

Thug an tAire Simon Harris cuairt ar an gCampas seo ar an Luan, an 23 Bealtaine agus bhuail sé le múinteoirí, lucht bainistíochta agus foghlaimeoirí. D'fhógair sé go raibh an suíomh 0.7 n-acra in aice leis an gCampas le ceannach. Táthar ag súil go mbeidh Ionad Barr Feabhais Scannán & Meán Digiteach á fhorbairt ar an suíomh seo;

**Coláiste FET, Campas Fáilteachais**

Tá an Campas Fáilteachais ainmnithe mar an Lárionad Barr Feabhais d'oiliúint Fhoireann Éireann; tá áiteanna bainte amach ar an bhfoireann ag beirt fhoghlaimeoirí ón gCampas Fáilteachais atá i ndiaidh roinnt míonna a chaitheamh i mbun na mbabhtaí cáilithe.

Thaistil ochtar foghlaimeoirí chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag an gCorn Domhanda Cócaireachta, Expogast 2022, Villeroy & Boch i Lucsamburg, i mbliana.

Ainmníodh Megan Watkins mar 'Printíseach na Bliana' sa Chatagóir Scileanna ag Teach an Ardmhéara. Bhronn an tAire Simon Harris an gradam agus d'fhreastail Megan ar Chomórtas na Scileanna Domhanda san RDS freisin chun a gairm bheatha a phlé.

Cuireadh tús le hEalaíona Cócaireachta QQI Leibhéal 6, cúrsa nua a forbraíodh i gcomhar le bailiúchán iNua. Clár dhá bhliain a bheidh ann agus beidh deis ag cócairí atá ag obair i ngrúpa óstán iNua taisteal ar fud na tíre. Is í seo an dara bliain de chlár QQI Leibhéal 6 ina mbeidh an Campas Fáilteachais ag obair le iNua;

Chuir an Campas Fáilteachais, i gcomhpháirt le Ollscoil Luimnigh, tús le modúil Bhia & Chothaithe, Leibhéal 9, agus tá sé fhoghlaimeoir déag cláraithe.

Buaiteoirí ag Comhdháil na Chefanna Domhanda, Abú Daibí - Duais bronnta ar an gCampas Fáilteachais. An Phlaic “Rise Together" bronnta ar Bernadette Enright ag Ahmed Saeed Salem Al Kaabi, Bainisteoir Rialaithe Bia Údarás Talmhaíochta agus Sábháilteachta Bia Abú Daibí mar aitheantas ar Phlean Oiliúna Córas, Nósanna Imeachta agus Tionscail an Champais Fáilteachais i gCócaireacht agus HACCP;

D'oibrigh foireann an champais i gcomhpháirt leis an gCróit chun máistir-rang seacláide agus siúcra a fhorbairt chun cabhrú leo ullmhú do chomórtais náisiúnta; rinne foireann an Champais agallamh raidió faoin rath a bhí ar an gCampas Fáilteachais ag Leibhéal Idirnáisiúnta. Bhunaigh Lárionad Idirnáisiúnta d'Ealaíona Cócaireachta Dubai, roinnt comhpháirtíochtaí lena n-áirítear comhpháirtíochtaí leis an Coláiste Turasóireachta agus Bainistíocht Óstán, an Phacastáin, Institiúid Óstán agus Bainistíochta HTMi, an Eilvéis.

D'óstáil an Campas Fáilteachais mic léinn na Fraince in 2022. Tá socrúcháin in Óstáin Luimnigh agus an Chláir bunaithe agus tá lóistín curtha ar fáil ag na hóstáin.

**Coláiste FET, Campas Raithin**

Cuireadh tús le Suiteáil an Inslithe Theirmigh Iarfheistithe ag Lárionad Barr Feabhais NZEB-Iarfheistithe, LEDP, Cúrsa Suiteálaí Painéal Gréine nua a forbraíodh le haghaidh Lárionad Barr Feabhais Iarfheistithe NZEB, LEDP, Teagascóirí nua a earcú chun cúrsaí Scileanna Tógála a reáchtáil in Acadamh don Aos Óg Mhaigh Rois agus Ag Tógáil Chathair Luimnigh araon;

Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla: Tairgeadh áit do thriúr foghlaimeoirí ó chúrsa forbartha imreoirí BOO/FAI na bliana seo caite don chúrsa BA Leibhéal 7 i Spórt agus Aclaíocht FAI in IT Cheatharlach. Tairgeadh áit ar an gcúrsa seo d'fhoghlaimeoir eile a rinne cúrsa forbartha d'imreoirí BOO/FAI anuraidh.

**Coláiste FET, Campas Shráid Mulgrave**

Ar an 25 Lúnasa d'fhill foireann an dá chláir (Campas KRC, Campas Shráid Mulgrave) chun tús a chur leis an mbliain acadúil nua mar fhoireann chomhtháite amháin a bhí dírithe ar chláir lánaimseartha FET a sholáthar ag leibhéal QQI 3, 4, 5 & 6 ar an dá champas. Tá comhtháthú an dá chúrsa FET ar siúl ó mhí Eanáir 2022. Ar an tslí sin, tugadh deis don fhoireann bhainistíochta agus don fhoireann an comhtháthú seo a chur i bhfeidhm ar fud an dá champais chun forbairt an choláiste aonair FET a fheabhsú tuilleadh;

Nuair a cuireadh an próiseas deimhniúcháin QQI i gcrích i mí Iúil agus nuair a eisíodh torthaí QQI foghlaimeoirí, bhíothas den tuairim go raibh obair curtha i gcrích agus go raibh gach duine sásta gur éirigh le cohórt foghlaimeoirí 2022 an próiseas creidiúnaithe agus deimhniúcháin a chur i gcrích go

rathúil. Cuireadh os cionn 6000 modúl QQI i gcrích - modúil ar éirigh le breis is 800 foghlaimeoir a chur i gcrích i rith bliana nuair a bhí neart dúshlán le sárú mar gheall ar Covid srl. Éacht iontach ba ea gur éirigh leis an bhfoireann agus leis an bhfoireann bhainistíochta a chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí leanúint ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile dá n-aistir fostaíochta, foghlama agus oiliúna.

D'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, agus an tAire Stáit Scileanna agus Breisoideachais, Niall Collins, infheistíocht shuntasach chun tacú le hIonad Barr Feabhais Scannán agus Meán Digiteach nua a bhunú ar Shráid Mulgrave, Luimneach. Tá an príomhthionscadal seo i Luimneach san áireamh sa chéad chéim de thionscadail atá le forbairt faoi Chiste Náisiúnta Uasghrádaithe an Bhonneagair Straitéisigh Breisoideachais agus Oiliúna (FET).

**Coláiste FET, Campas na Ceapaí Móire**

Reáchtáladh Searmanas Bronnta Céimeanna Scileanna Gaibhneachta Duibhe agus Ceardaíochta Iarainn City & Guilds ar an 31 Lúnasa 2022. Ar an oíche chéanna, sheol an tAire O'Donovan Dealbh ceardaíochta iarainn atá ar taispeáint go bródúil i bpríomhfhoirgneamh Champas na Ceapaí Móire. Rinneadh ceiliúradh ar éacht an chéad bhean riamh in Éirinn a bhain céim amach i ndiaidh di cúrsa oiliúna, deimhnithe ag City and Guilds, a dhéanamh i scileanna gaibhneachta duibhe agus ceardaíochta iarainn, i rith an tsearmanais bhronnta. Chuir Mary Hallinan, a tógadh ar fheirm taobh amuigh de Chluain Meala, Co. Thiobraid Árann, an cúrsa gaibhneachta duibhe ag Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna (CFET) Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Campas na Ceapaí Móire.

**Dearbhú Cáilíochta na Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta**

Cuireadh tús le clár iasachta um Fhorbairt Ghairmiúil na Foghlama Cumaisc 2022-2023. Deis ba ea an clár seo do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a bheith ainmnithe mar an chéad BOO a d'fhorbair clár speisialta a bhí dírithe ar an bhfoghlaim chumais. Bíonn deichniúr ball foirne teagaisc i mbun clár foghlama cumaisc ar ardchaighdeán a fhorbairt a chuirfidh ar chumas BOOLC a bheith ar thús cadhnaíochta chomh fada is a bhaineann le soláthar cumais agus ar líne a fhorbairt ag leibhéal náisiúnta;

Forbraíodh dréachtbheartas nua maidir le measúnú digiteach (i gcomhar le QASS), lena n-áirítear treochlár measúnaithe dhigitigh do na trí bliana amach romhainn. Tá físeáin oiliúna céim ar chéim agus tacaíocht shuntasach forbartha gairmiúla agus foirne ar fáil chun measúnú digiteach sábháilte ar ardchaighdeán a chinntiú. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hinfheistíocht a dhéanamh i saoráidí úrscothacha lena n-áirítear stiúideo taifeadta agus seomraí teagaisc tiomnaithe ar líne a fhorbairt ag Campas Inse agus Painéil Idirghníomhacha a rolladh amach ar gach Campas FET.

**Coláiste FET, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg**

Príomhfhorbairt ar Champas Bhóthar Chill Mocheallóg an téarma seo is ea an Plean Bliantúil Meastóireachta agus Feabhsúcháin Ionaid (CEIP) a chur i gcrích. Buaicphointe eile ba ea Cigireacht na Roinne Oideachais. Is éard a bhí i gceist leis sin iniúchadh a dhéanamh ar shrianta Covid-19 a bheith á gcomhlíonadh san Ionad – Filleadh Sábháilte ar Scoil agus Leibhéal 1. Cigireacht um Chosaint/ um Chumhdach Leanaí (cf. suíomh gréasáin na Roinne Oideachais don tuarascáil deiridh). I measc na bhforbairtí eile tá Críochnú an chláir Conairí i dTreoir Gairme Amuigh faoin Aer, clár ar éirigh go hiontach leis. Leabú agus comhdhlúthú Thionscnamh Meantóireachta an Fhoghlaimeora (LMI).

**Soláthraithe Cúrsaí Sainoiliúna**

Aird breis is 4,000 foghlaimeoir a tharraingt ar Choláiste FET ag Aonach Gairmeacha IGC an Mheán-Iarthair - Chomhordaigh an IRGSS i gcomhar leis an bhFoireann Cumarsáide agus Margaíochta, a láithreacht ag Aonach Gairmeacha bliantúla IGC an Mheán-Iarthair. Ar an 6 Deireadh Fómhair, tharraing Coláiste FET, mar Choláiste comhtháite, ilchampais, aird breis is 4000 mac léinn na sraithe sinsearaí ó scoileanna ar fud an réigiúin ar na cúrsaí ar fad atá á reáchtáil aige, agus bhí sé go hiontach go raibh ionadaithe i láthair ó gach cúrsa lánaimseartha, i dteannta a chéile, agus ina n-aonar, ag seastán an Choláiste FET nua.

Deimhniú Chéad Chéimithe na Printíseachta Náisiúnta Gruagaireachta: Tá próiseas Aitheantais Réamhfhoghlama curtha i gcrích ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir le grúpa píolótach d'ochtar iarratasóirí, agus tá an próiseas curtha i gcrích go rathúil ag gach iarratasóir agus eisíodh Sainteastais Leibhéal 6 i nGruagaireacht ó QQI. Is é an tionscadal seo an chéad tionscadal dá leithéid in Éirinn, inar forbraíodh agus inar cuireadh chun feidhme próiseas RPL ionas go bhféadfadh iarratasóirí mórdhámhachtain a bhaint amach.

Aguisín 1 Creat Monatóireachta agus Meastóireachta: Tuarascáil Bhliantúil 2022 - Nuashonrú ar Sheachadadh Seirbhíse

Ceanglaítear le hAlt 28 d'Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 ar BOOnna tuarascáil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna i rith na bliana díreach roimh an mbliain ina gcuirtear an tuarascáil isteach tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain. Is léiriú príomha ar chuntasacht phoiblí do BOOnna é tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a fhoilsiú. Leagtar amach i bplean seirbhíse bliantúil an BOO na seirbhísí a bheartaíonn an bord a sholáthar mar aon le meastachán ar ioncam agus caiteachas an bhoird don bhliain airgeadais sin (Alt 47, An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013). Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar an dul chun cinn a rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (an BOO) in 2022 maidir le gealltanais a leagtar amach i bPlean Seirbhíse 2022 an BOO a chur i bhfeidhm.

| **Sprioc Straitéiseach 1 Eispéireas Ardchaighdeáin Mac Léinn agus Foghlaimeoirí**<br>Aidhm: Oideachas, oiliúint agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus a chur chun cinn d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíochta, agus fostaíochta ár bpobail.<br>Is éard atá i gceist leis seo a chinntiú go bhfuil fianaise ar na heispéiris foghlama agus mhúinteoireachta den chaighdeán is airde le fáil inár scoileanna, campais agus cláir FET. | | |
|---|---|---|
| **Tosaíocht** | Gealltanas i bPlean Seirbhíse 2022 | Éachtaí in 2022 |
| 1.1 Cothroime rochtana ar oideachas agus oiliúint do chách chun tairbhe ár bpobal. | Le linn 2022, oibreoidh gach ceann de na rannóga laistigh de Stiúrthóireacht **Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíocht BOOLC** (Airgeadas, TFC, Acmhainní Daonna, Caipiteal agus Soláthar agus Seirbhísí Corparáideacha) i gcomhar le Stiúrthóir na Scoileanna agus Stiúrthóir FET d'fhonn a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach scoil agus gach lárionad FET ar na hacmhainní (airgeadas, bonneagar agus pearsanra) a chuirfidh ar a gcumas eispéiris dhearfacha a chruthú do gach foghlaimeoir, foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe ina measc. Beifear ag díriú ar na gníomhartha sonracha seo a leanas in 2022:<br>• Leanúint le timthriall pleanáilte d'fheabhsuithe ar shaoráidí trí scéim na n-oibreacha samhraidh, scéim na n-oibreacha éigeandála agus Scéim na nDeontas Caipitil Spóirt.<br>• Oibriú leis an Roinn Oideachais chun tuilleadh forbairt a dhéanamh ar inniúlachtaí TFC inár scoileanna agus Lárionaid FET, lena n-áirítear rochtain a fháil ar dheontais le haghaidh trealamh TFC, agus comhairle agus ábhair thacaíochta | Leanadh ar aghaidh le cur chun feidhme Chlár Infheistíochta Caipitil Scoileanna BOOLC in 2022 agus tá céimeanna deartha agus tógála tionscadal á gcur i gcrích mar atá sonraithe sa tuarascáil seo.<br>Mar thoradh ar bhunú RBATNE agus leithdháileadh Buiséid Chaipitil don Earnáil FET, d'oibrigh an Roinn C & P i ndlúthchomhar le Stiúrthóir FET chun réimsí infheistíochta tosaíochta a shainaithint. Cuireadh iarratais isteach faoi Chlár SIUF agus SAR agus BOOLC araon. Roimh dheireadh 2022, deimhníodh go raibh Ionad na Scannán agus na Meán Digiteach in LCFE agus i gColáiste FET na Todhchaí in An Caisleán Nua luaite sna cláir faoi seach.<br>Rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail seo a leanas in 2022 mar fhreagairt do riachtanais éigeandála agus do riachtanais forbartha leanúnacha araon trí mhaoiniú a aimsiú faoi na cláir seo:<br>• Coláiste Pobail Iósaif, Cill Chaoi – Deisiúcháin Dín |

| | | |
|---|---|---|
| | Ag obair laistigh de gach foireann, aontóidh na Príomhoifigh Chúnta ar chuspóirí aonair, is beidh cruthúnas acu gur chuir siad deiseanna Forbartha Gairmiúla Leanúnaí agus Forbartha agus Aiseolas ar fáil chun tacú le dea-chleachtas. | • Coláiste Pobail Iósaif, Cill Chaoi – Suiteáil Soilsithe, Soilsithe Éigeandála & Aláram Dóiteáin<br>• CNS Choill an Ráithín - Uasghrádú Seomraí Ranga<br>• Coláiste na Trócaire – Uasghráduithe Teasa agus Gáis<br>• Uasghrádú Leictreach LCFE<br>• Coláiste Pobail Mhichíl, Cill Mhichíl – Athchóiriú Seomra Ranga<br>• Coláiste Pobail Mhichíl, Cill Mhichíl – Limistéar Súgartha Crua & Uasghrádú an Riain críochnaithe<br>Ag an am céanna, rinneadh infheistíocht shuntasach i Scoileanna éagsúla i rith 2022 chun trealamh i Seomraí Ranga Speisialtóra a nuashonrú agus a athsholáthar chun na háiseanna is fearr agus is féidir a chur ar fáil do mhic léinn agus do bhaill foirne.<br>Ceadaíodh maoiniú faoi Chlár na nOibreacha Samhraidh do thograí i gColáiste Mhuire, Eas Géitine, Coláiste Deasmhumhan, An Caisleán Nua, Coláiste Iósaif, Cill Mocheallóg & Coláiste Pobail Mhichíl, Cill Mhichíl in 2022, agus tá na hoibreacha atá le déanamh in 2023. |
| | Tabharfaidh Rannóg Scoileanna an BOO tacaíocht do scoileanna in 2022 chun leanúint d'fhorbairt cleachtas ionchuimsithe scoile lena n-áirítear tacaíocht leanúnach do Bhoird Bhainistíochta Scoile, ceannairí Scoile agus forbairt Foirne agus Comhordaitheoirí Tacaíochta Mac Léinn chun tacú le mic léinn agus baill foirne ag leibhéal na scoile. Beifear ag díriú ar na gníomhartha sonracha seo a leanas in 2022:<br>• Tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh ar fheachtais phátrúnachta i gcomhréir le Straitéis na Roinne Oideachais um Athchumrú agus comhairliúchán le pátrúin réigiúnacha eile.<br>• Bunú agus forbairt leanúnach sholáthar ASD agus Ranganna Speisialta i scoileanna agus coláistí BOO.<br>• Athbhreithniú, athrú agus daingniú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta iontrála a chuireann ionchuimsiú chun cinn agus a leagann béim ar thacaíochtaí do ghrúpaí imeallaithe. | Tá Rannóg Scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) tar éis tacú le Ranganna Speisialta agus iad a fhorbairt ar fud líonra scoileanna BOO áit a bhfuil a leithéid de ranganna ag teastáil ón bpobal agus ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE).<br>Faoi láthair, tá forálacha déanta ag gach iar-bhunscoil, seachas scoil amháin, do Ranganna Speisialta, agus faoin mbliain 2023, beidh a leithéid de ranganna á reáchtáil i ngach iar-bhunscoil.<br>Tá tionscnamh na gceannairí curaclaim, a thacaíonn le scoileanna le Féinmheastóireacht Scoile, Pleananna Feabhsúcháin Scoile agus Pleanáil DEIS, curtha i bhfeidhm. Admhaíodh i dtuarascálacha Chigireacht na Roinne Oideachais a foilsíodh gur cuireadh a leithéid sin de thacaíocht ar fáil do scoileanna. Eagraíodh imeachtaí Lá na Braisle Fíorúla chun forbairt a éascú de réir spriocanna an Phlean Feabhsúcháin Scoile atá leagtha |

| | | |
|---|---|---|
| | • Oiliúint a sholáthar do bhaill nua de na Foirne Tacaíochta Mac Léinn agus tuilleadh oiliúna a saincheapadh d'Fhoirne Tacaíochta Mac Léinn seanbhunaithe i dtaca le teagmhais chriticiúla.<br>• Forbairt agus rolladh amach tacaíochtaí digiteacha a chuireann faisnéis agus treoir ar fáil.<br>• Obair go dlúth le gníomhaireachtaí stáit eile chun tacú le mic léinn lasmuigh de na huaireanta scoile - m.sh. Tusla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Barnardos, Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, Jigsaw.<br>• Cuirfear oiliúint ar fáil do Bhoird Bhainistíochta ar an Acht Iontrálacha Scoile 2020 agus ar Mheon Saintréitheach Scoileanna BOO.<br>• Pleanáil do dhéimeagrafaic athraitheach. | síos ag scoileanna de réir 'Ag Breathnú ar an Scoil Againn (LAOS).'<br>Lean Grúpaí Comhairleacha do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag teacht le chéile chun plé a dhéanamh ar na príomhréimsí tacaíochta do scoileanna. I measc na réimsí sin tá Clár Riosca, lena n-áirítear Cosaint; Sláinte & Sábháilteacht; Riachtanais Speisialta Oideachais; Scoileanna lán-Ghaeilge; Tuismitheoirí & Caomhnóirí; Foghlaim Dhigiteach; Curaclam, Teagasc & Foghlaim san áireamh; Comhordaitheoirí Idirbhliana; agus an Fóram Comhairleoireachta Treorach. |
| | Le linn 2022, cuirfidh **Roinn TFC** an BOO faoin **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta** deiseanna comhoibre ar fáil, a bhainfidh úsáid as ardáin ar líne, lena n-áirítear córas StaffCONNECT (MS SharePoint) an BOO chun tacú le scoileanna agus lárionaid BOO. Le linn 2022, tacóidh an Roinn TFC leis na gníomhartha seo a leanas:<br>Cothabháil leanúnach shuíomhanna sonracha SharePoint do gach scoil mar aon leis an oiliúint agus tacaíocht a ghabhann léi.<br>Forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar chun tacú le rolladh amach Office 365, lena n-áirítear úsáid a bhaint as MS Teams do chianteagasc agus cianfhoghlaim.<br>Leanúint ar aghaidh ag obair leis an Roinn Oideachais chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar inniúlachtaí TFC sna scoileanna BOO agus sna Coláistí/Lárionaid FET, lena n-áirítear rochtain a fháil ar dheontais le haghaidh trealamh TFC, agus comhairle agus ábhair thacaíochta.<br>Cianrochtain shlán a chumrú trí Thairseach BOO, a chuirfidh ar chumas ball foirne sonrach nascadh le bonnegar TFC BOO chun críche tacú le cuspóirí BOO.<br>Tacaíocht chomhairleach a chur ar fáil maidir le soláthar TFC.<br>Monatóireacht a dhéanamh ar bhogearraí/crua-earraí BOO agus iad a nuashonrú freisin. | • Tá gach ball foirne BOOLC cláraithe chun StaffCONNECT (MS SharePoint) a úsáid. Tá athbhreithniú agus uasghrádú déanta ag an roinn TFC ar gach suíomh scoile ar StaffCONNECT. Leanfaimid ar aghaidh leis an obair forbartha agus chothabhála a bhaineann leis seo.<br>• Tá an Roinn TFC ag leanúint ar aghaidh le hidirchaidreamh agus plé le ceannairí digiteacha inár scoileanna agus inár n-ionaid maidir le húsáid a bhaint as Office 365 agus ár n-ardán MS Teams. Tá rochtain shlán ag gach fostaí BOOLC ar Office 365<br>• Tá BOOLC ag leanúint ar aghaidh ag tacú le húsáid éifeachtach a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach, comhtháite mar ghné lárnach den chleachtas teagaisc, foghlama agus measúnaithe i ngach seomra ranga. Mar chuid den ghealltanas seo, déantar aon mhaoiniú/deontas atá ar fáil a dhaingniú agus a chaitheamh de réir na Straitéise Digití do Scoileanna 2027<br>• Tá rochtain fós ag gach ball foirne riaracháin ar Thairseach shlán BOO in 2022. |

| | | |
|---|---|---|
| | Fíordheimhniú Ilmhodha a rolladh amach in BOOLC. | • Tá an Roinn TFC ag leanúint ar aghaidh ag tacú le gach scoil agus ionad BOOLC agus i mbun rannpháirtíochta lenár gcomhpháirtithe Tacaíochta agus Cothabhála $3^{ú}$ páirtí chun cabhrú le scoileanna agus ionaid lena riachtanais TFC ar fad.<br>• Tá an Roinn TFC ag leanúint ar aghaidh le hanailís aoise agus tástálacha oiriúnacha don fheidhm a dhéanamh ar gach uasghrádú crua-earraí/bogearraí BOOLC nuair is gá.<br>• Tá rolladh amach an Fhíordheimhnithe Ilmhodha curtha i gcrích in BOOLC. |
| | Tá pleanáil an tsoláthair cúrsaí oiliúna lánaimseartha bunaithe ar an Treochlár um Chuimsiú Sóisialta 2020-2025 (paraiméadar 3.37) agus tá sé bunaithe ar thorthaí na tuarascála ar Bhacainní ar Rannpháirtíocht i gCláir FET (2017). Tá fiche a haon Ceantar ina bhfuil na Leibhéil Dífhostaíochta ard suite laistigh dá limistéar geografach i Luimneach agus An Clár. Is ionann é sin agus 27% de na ceantair ina bhfuil na leibhéil dífhostaíochta ard ar fud na tíre agus tá ocht gcinn den deich gceantar ina bhfuil na leibhéil dífhostaíochta ard sa tír le fáil i gCathair Luimnigh.<br><br>Ar fud na rannóige FET, tuigimid go n-eascraíonn go leor de na bacainní a mbíonn ar ár bhfoghlaimeoirí déileáil leo, agus na daoine nach mbaineann tairbhe as ár seirbhísí, as idirghníomhú casta idir bacainní, cúinsí pearsanta agus teaghlaigh, agus gnéithe aonair den chóras oideachais.<br>1. Mar chuid de Chéim Mheasúnaithe ár nDualgais Earnála Poiblí, i mí Mheán Fómhair 2021, d'fhoilsigh an BOO ár measúnú ar na ceisteanna cearta daonna agus comhionannais atá roimh ár bpáirtithe leasmhara ó gach ceann den 9 bhforas idirdhealaitheacha, chomh maith le daoine atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.<br>2. Is í sprioc na Seirbhíse Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach a chinntiú, a mhéid is féidir le réasún, go gcuirtear na tacaíochtaí is gá ar fáil do gach foghlaimeoir ionas go mbeidh siad in ann páirt iomlán a ghlacadh agus | Ceann de phríomhchuspóirí an Choláiste FET é ionchuimsiú a chothú, trí rochtain níos fearr a chinntiú d'fhoghlaimeoirí, trí fhoghlaim a aithint i ngach foirm, timpeallachtaí foghlama agus oibre atá ionchuimsitheach agus éagsúil d'aon ghnó a fheabhsú, tacaíochtaí comhsheasmhacha d'fhoghlaimeoirí a sholáthar agus ionchuimsiú digiteach a chur chun cinn.<br>**I measc na bpríomhfhorbairtí a rinneadh in 2022 tá:**<br>Creat Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Choláiste FET<br>Seolta i mí Mheán Fómhair 2022, leagtar amach i gCreat Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Choláiste FET na struchtúir agus na próisis atá curtha i bhfeidhm ag Coláiste FET lena chinntiú go bhfaigheann gach foghlaimeoir agus foghlaimeoir ionchasach an fhaisnéis, an chomhairle, an treoir agus an tacaíocht is gá chun a rannpháirtíocht rathúil le soláthar FET a chinntiú ar bhealach atá oiriúnach dá riachtanais agus aidhmeanna.<br><br>• **Líonra na Mol Foghlama:**<br>Tá ról sainithe ag na Moil Foghlama laistigh den champas agus feidhmíonn siad mar 'aghaidh siopa' do raon tacaíochtaí foghlama agus soláthraíonn siad acmhainní agus saoráidí chun tacú le foghlaim fhéinstiúrtha agus foghlaim a bhfuil teagascóirí freagrach aisti araon. Roghnaíodh a suíomhanna chun |

tairbhe a bhaint as na deiseanna oideachais atá ar fáil fad is atá siad ag glacadh páirte i gcúrsa Breisoideachais agus Oiliúna.

Is é an aidhm atá ag Rannóg FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chinntiú, a oiread agus is féidir le réasún, go gcuirtear tacaíochtaí saincheaptha ar fáil do gach foghlaimeoir chun deis a thabhairt dó nó di páirt iomlán a ghlacadh sna deiseanna oideachais atá ar fáil dóibh agus tairbhe a bhaint astu. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach d'fhoghlaimeoirí atá ag freastal ar chúrsaí a bhfuil cúlraí de mhíbhuntáiste oideachais acu nó d'fhoghlaimeoirí a bhféadfadh tacaíochtaí breise a bheith ag teastáil uathu mar gheall ar mhíchumas nó saincheist eile. Is féidir le foghlaimeoirí clárú le haghaidh tacaíochtaí sna cásanna seo a leanas:

- teastaíonn tacaíocht foghlama nó socruithe scrúdaithe réasúnta uathu mar gheall ar mhíchumas diagnóisithe, riocht sláinte coirp nó meabhrach leanúnach nó deacracht foghlama;
- teastaíonn rochtain uathu ar ríomhairí nó ar theicneolaíocht chun cabhrú leo páirt a ghlacadh ina soláthar oideachais;
- teastaíonn cabhair uathu le léitheoireacht, scríbhneoireacht, matamaitic, scileanna staidéir, scileanna ríomhaireachta nó chun scileanna Béarla a fheabhsú;
- ba mhaith leo comhairle agus eolas gairme nó oideachais a rochtain.
- ba mhaith leo an tseirbhís chomhairleoireachta d'fhoghlaimeoirí a rochtain.

Tá líonra tiomnaithe de mhoil foghlama, a bhfuil baill foirne ag obair iontu, bunaithe ar fud Luimnigh agus an Chláir. Tá an raon tacaíochtaí aonair atá ar fáil trí na tacaíochtaí seo bunaithe go geografach ar an bhfaisnéis faoi cheantair ina bhfuil na leibhéil dífhostaíochta ard/ar an bhfaisnéis díothachta atá ar fáil agus ar riachtanais chasta ár ngrúpa foghlama éagsúil. Le linn 2020, rochtain breis is 1100 foghlaimeoir an raon tacaíochtaí a bhfuil na moil Foghlama freagrach astu.

3. Tá acmhainní forbartha ag AISS agus leanfaidh sé ar

díriú ar fhoghlaimeoirí ó cheantair ina bhfuil na leibhéil dífhostaíochta arda/ó cheantair dhíothacha agus bhí ról ríthábhachtach ag foireann an mhoil chomh fada is a bhain le tacaíochtaí aonair, spriocdhírithe a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí i rith Phaindéim Covid-19. Trí bheith ag obair leis an bhfoireann TEL, forbraíodh tacar ar líne de chláir Moodle i mol fíorúil chun tacú le hobair líonra na mol foghlama.

Le linn 2022, lean Líonra an Mhoil Foghlama, ina bhfuil naoi mol, ar aghaidh ag soláthar spáis fhisiciúil ina gcuireann foireann na Seirbhíse Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach, i gcomhar le Seirbhís Tacaíochta na Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL), tacaíochtaí duine le duine agus tacaíocht i bhfoirm grúpaí beaga ar fáil d'fhoghlaimeoirí. Tá 12 bhall foirne páirteach i bhFoireann an Mhoil Foghlama ar fud Luimnigh agus an Chláir anois.

Rinneadh an-iarracht eolas a roinnt le foghlaimeoirí agus leis an bhfoireann faoin tionchar atá ag Moil Foghlama ar Thacaíochtaí Foghlaimeora a chur ar fáil agus ionchuimsiú a chothú ar fud an réigiúin. Mar shampla, dhírigh 11 eipeasóid Show & TEL ar an obair atá á déanamh ag moil foghlama, agus is féidir breathnú orthu ar an gCainéal Mol Foghlama Show&TEL.

- **Coláiste FET ESOL agus Creat d'Fhoghlaimeoirí Imircigh**

D'fhorbair agus sheol an AISS Coláiste FET ESOL agus Creat d'Fhoghlaimeoirí Imircigh in 2022. Ag cur leis an obair a rinneadh mar thoradh ar thionscadal AMIF agus ar thaighde suntasach ar fud Choláiste FET, ceadaíonn an Creat struchtúir a fhorbairt chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ionchuimsitheach agus éifeachtach a phleanáil agus a sheachadadh d'Fhoghlaimeoirí Imircigh a bhfuil tairbhe á baint acu as raon leathan cúrsaí FET, ESOL san áireamh.

- Coláiste Tacaíochtaí FET d'Fhoghlaimeoirí faoi Mhíchumas

| | | |
|---|---|---|
| | aghaidh ag forbairt acmhainní agus ag seachadadh cúrsaí oiliúna agus tacaíochtaí feasachta míchumais don fhoireann maidir le foghlaimeoirí faoi mhíchumas.<br>Beidh an oiliúint maidir leis an Measúnú ar Riachtanais Thosaigh AHEAD curtha i gcrích ag gach ball foirne sna moil foghlama faoi mhí Aibreáin 2022 agus d'éirigh le 6 bhall foirne cúrsa Leibhéal 6 i dTeicneolaíocht Chúnta a chur i gcrích le Cumas Éireann / OT Bhaile Átha Cliath i bhFómhar na bliana 2021. Cuirtear tacaíochtaí ar fáil d'fhoghlaimeoirí a chuireann in iúl go bhfuil siad faoi mhíchumas, cosúil leis na tacaíochtaí atá á maoiniú faoin gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas. Nuair a chuirtear a leithéid in iúl, tugtar deis d'fhoghlaimeoirí measúnú riachtanas a dhéanamh i gceann de na moil foghlama. Nuair a bhíonn sé seo curtha i gcrích roinntear Tuarascáil Achomair ar Riachtanais Oideachais Foghlaimeora (LENS) leis na foghlaimeoirí agus leis an bhfoireann soláthair ábhartha ina sonraítear na tacaíochtaí breise atá ag teastáil don fhoghlaimeoir – lena n-áirítear leideanna don fhoireann teagaisc agus aon teicneolaíocht chúnta nó tacaíochtaí pearsanta breise.<br>4. Leanfaidh an Rannán FET le hinrochtaineacht ar chúrsaí FET a fheabhsú trí iompar a sholáthar nuair is gá. Mar shampla, tá seirbhís bus ar fáil d'fhoghlaimeoirí Chill Rois (ceantar ina bhfuil an leibhéal dífhostaíochta ard) ionas gur féidir leo leas a bhaint as cúrsaí oíche ar leith, cúrsaí nach mbíonn á reáchtáil i gCill Rois de ghnáth.<br>5. Ceapadh oifigeach don Fhoghlaim Ar Líne agus don Fhoghlaim Chumaisc chun cumas FET cúrsaí ar líne/cúrsaí foghlama cumaisc a thairiscint a fheabhsú ar mhaithe le rochtain ar chúrsaí FET a éascú.<br>6. Leanfaidh an Rannán FET ar aghaidh ag forbairt bealaí lena chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí tabhairt faoi chláir phrintíseachta/cúrsaí oiliúna, agus beidh raon cúrsaí á dtairiscint ar féidir le foghlaimeoirí díriú orthu sula ndéanann siad cúrsa printíseachta. In 2022, beidh 4 chlár conaire ar fáil lena n-áirítear scileanna innealtóireachta, tógála, gruagaireachta agus cócaireachta. | Is é an aidhm atá ag Coláiste FET timpeallacht a chruthú ina nglactar leis nach bac ar fhoghlaim é míchumas nó riachtanas sláinte (lena n-áirítear riachtanas meabhairshláinte) agus ina dtugtar deis do gach duine barr a c(h)umais a bhaint amach. Tá Coláiste FET airdeallach ar reachtaíocht chomhionannais, lena n-áirítear an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (Acht IHREC, 2014), na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015, na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2018, an tAcht Oideachais, 1998.<br>Iarrtar ar iarratasóirí a dhéanann iarratas ar áit eolas maidir le haon mhíchumas, riachtanas sláinte fisiciúil, fadtéarmach nó riachtanas meabhairshláinte nó riachtanas breise tacaíochta foghlama a roinnt; is féidir é seo a dhéanamh mar chuid den phróiseas treorach réamhiontrála agus cuirtear eolas ar fáil faoi rún agus ní úsáidtear eolas ach amháin chun na críche a bhailítear é. Le linn 2022, leithdháileadh os cionn €200k chun tacaíochtaí a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas faoin gCiste d'Fhoghlaimeoirí faoi Mhíchumas (FLD) agus faoi Chiste Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí FET araon:<br>• Grúpaí faoi ghannionadaíocht<br>Le linn 2022, d'fhostaigh ár Seirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach beirt oideoirí aosaigh atá tiomanta do chonairí a chruthú do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as FET. Tá ról amháin ar chonairí ó scoileanna chuig cúrsaí breisoideachas a éascú agus tá an dara ról dírithe ar chonairí a éascú d'fhoghlaimeoirí den Lucht Siúil/ den Phobal Romach. Tá ár n-oideoirí aosaigh páirteach sna hiarrachtaí atá á ndéanamh suim a chothú in FET agus é a chur chun cinn mar rogha luachmhar agus chliste.<br>Chomh maith le tacú le soláthar ESOL, d'aithníomar cohóirt foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais éagsúla acu amhail foghlaimeoirí faoi mhíchumas, imircigh nua, an |

| | | |
|---|---|---|
| | | Lucht Siúil, foghlaimeoirí óga iar-bhunscoile den Lucht Siúil agus den Phobal Romach a bhfuil an scoil á fágáil acu agus nach bhfuil ag baint tairbhe as FET, agus Foghlaimeoirí den Lucht Siúil agus den Phobal Romach nach bhfuil aon spéis á léiriú acu i gcúrsaí FET. D'oibríomar le foghlaimeoirí atá i mbun clár éagsúil lena n-áirítear cláir atá dírithe ar ghairneoireacht, peil, ealaíona cruthaitheacha agus teiripe scéimhe. Tá sé tábhachtach freisin go leanfaimid ar aghaidh ag tacú le luathfhágálaithe scoile trí dheiseanna a thairiscint dóibh chun filleadh ar chúrsaí oideachais agus oiliúna. Cuireadh tacaíocht ar fáil do ghrúpa mac léinn Fainlog ó Ráth Caola chun freastal ar thaispeántas Printíseachta. Bhí naisc idirghníomhaireachta thar a bheith tábhachtach chomh fada is a bhain le caidreamh a bhunú le cohóirt na bhfoghlaimeoirí a mbíonn cláir chonaire á rochtain acu. Tá naisc déanta againn le hionaid acmhainní teaghlaigh, Tusla, SCP, HSCLanna, cuideachtaí forbartha áitiúla agus CYSPCanna. |
| | Sheol an tAire Simon Harris TD straitéis litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití 10 mbliana d'aosaigh ar an 8 Meán Fómhair 2021. Is é an aidhm atá leis an Straitéis a chinntiú go bhfuil an litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach riachtanach ag gach duine fásta chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus a barr a c(h)umais a bhaint amach. Bhí baint ag BOO Luimnigh agus an Chláir le forbairt na straitéise. Tá tacaíochtaí litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha forlíontacha ar fáil agus á gcur chun cinn do gach foghlaimeoir mar aon le conairí atreoraithe ar leith sna seirbhísí ar fad atá á soláthar. In 2022, bainfidh an BOO tairbhe as an gCreat Gníomhaíochta maidir le GACH Straitéis. Déanfar athbhreithniú ar phróisis an Mheasúnaithe Tosaigh reatha in 2022, agus glacfar le cur chuige cuíchóirithe ar fud an réigiúin agus an tsoláthair. Le linn 2022, oibreoidh na Moil Foghlama le bainisteoirí soláthair chun tacú le foghlaimeoirí agus leis an bhfoireann na háiteanna inar féidir leis an teicneolaíocht cabhrú le foghlaim agus forbairt na litearthachta agus na huimhearthachta a aithint. Ina theannta sin, | San áireamh i measc nabpríomhinniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil tá eolas, scileanna agus dearcthaí a theastaíonn ó gach duine le haghaidh sásamh agus forbairt phearsanta, infhostaitheacht, ionchuimsiú sóisialta agus saoránacht ghníomhach. “Is iad bunscileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil na bloic thógála a réitíonn na dúshláin a bhaineann le soláthar scileanna” (Moladh maidir le hInniúlachtaí don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh). Tá Coláiste FET tiomanta do na deiseanna oideachais agus oiliúna is fearr a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí, rud a chuireann ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Tá ár soláthar Oideachais Pobail agus Croíscileanna bunaithe ar chláir áitiúla phobalbhunaithe a chur ar fáil, a bhfuil daoine aonair agus grúpaí páirteach iontu, daoine agus grúpaí a bhíonn ag déileáil le bacainní áirithe agus suntasacha ar rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint go minic. |

| | | |
|---|---|---|
| | tá an rannóg FET ag cur Measúnú Riachtanas ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bhfuil Deacrachtaí Foghlama acu/atá faoi Mhíchumas, ag cabhrú leo agus le cleachtóirí foghlama ábhartha díriú ar straitéisí sonracha foghlama agus teagaisc chun go n-éireoidh leo a scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fheabhsú. Ina theannta sin, tá pleananna i bhfeidhm chun struchtúir agus acmhainní a fheabhsú ag leibhéal an ionaid aonair agus an tsoláthair chun tacú le timpeallacht foghlama chuimsitheach.<br>Tá obair ar bun chun a chinntiú go n-áirítear sna modhanna teagaisc atá in úsáid cheana féin úsáid a bhaint as modhanna atá oiriúnach d'Fhoghlaimeoirí a bhfuil taithí acu ar na nithe seo a leanas: Droch-chuimhne Fheidhmiúil, Luas Próiseála Mall, Léamhthuiscint Lag (ach cluastuiscint mhaith) agus Scileanna Feidhm Feidhmiúcháin Lag. Moltar do Chleachtóirí Foghlama oibriú le chéile, úsáid a bhaint as cur chuige Pobal Cleachtais chun infheictheacht scileanna teanga, litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha a ardú chomh fada is a bhaineann le hábhar, gníomhaíochtaí agus measúnú cúrsa. Tugtar tús áite freisin d'fhoghlaimeoirí a bhfuil tacaíocht LLN acu atá oiriúnach d'ábhar agus leibhéal a gcúrsa. Spreagtar úsáid a bhaint as Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) agus tá sé ag éirí níos soiléire i ndearadh, seachadadh, measúnú agus dul chun cinn cúrsaí, agus dá bhrí sin, tacaítear le Foghlaim Dhifreálach mar fhreagairt don éagsúlacht eispéireas foghlaimeora i ndearadh cúrsaí, ábhar, modheolaíochtaí agus struchtúir chumarsáide.<br><br>Leanfaidh BOO Luimnigh agus an Chláir ar aghaidh ag obair le gníomhaireachtaí eile chun feasacht ar sholáthar a chur chun cinn agus a chruthú trí scrúdú a dhéanamh ar chuir chuige a chuirfidh deireadh le bacainní ar rannpháirtíocht. In 2022, leanfaidh an BOO ar aghaidh ag forbairt comhpháirtíochtaí le comhpháirtithe ábhartha. Bunaíodh próiseas gnó nua i Ráithe 4 de 2021 agus tá sé beartaithe ag an BOO cur leis sin in 2022 trí fhoghlaim aosach pobalbhunaithe a éascú agus tacú léi agus trí chead a thabhairt do raon leathan grúpaí ar fud an réigiúin rochtain a fháil ar sholáthar laistigh dá bpobail. Cuirfear ar chumas Comhpháirtithe Pobail spéis a léiriú i bhfeidhmiú mar chomhpháirtithe trínár suíomh gréasáin https://lcetb.ie/communities/ agus tarraingeofar aird ar an méid seo i rith 2022 | Cuireann ár gcláir oideachais pobail thraidisiúnta ar chumas foghlaimeoirí a riachtanais foghlama féin a aithint agus páirt a ghlacadh i bhfoghlaim sheachfhoirmiúil ar feadh an tsaoil i suíomh neamhfhoirmiúil - ina bpobal féin.<br>Tacaítear le dul chun cinn trí rochtain leanúnach ar an tSeirbhís Treorach d'Aosaigh agus tríd an gcomhoibriú agus pleanáil chomhpháirteach a tharlaíonn trí na líonraí foghlama, grúpaí pobail agus laistigh den soláthar páirtaimseartha / lánaimseartha FET.<br>In 2022, chomhoibrigh PL&D agus Croíscileanna an Chláir lena chéile chun an dara leagan d'Oiliúint Teagascóirí Foghlama Teaghlaigh ar líne a thairiscint. Is ar bhonn duine le duine a reáchtáiltear an cúrsa oiliúna seo de ghnáth, cúrsa oiliúna a thairgtear do theagascóirí ar fud na tíre. Ba é an aidhm a bhí leis an gcúrsa tacú le cur i bhfeidhm na dTreoirlínte um Litearthacht Teaghlaigh (2020) agus aird teagascóirí nua a tharraingt ar dhisciplín na Foghlama Teaghlaigh agus ar phríomhacmhainní. Sé aonad féinbhainistithe a bhí páirteach sa chlár agus eagraíodh 3 chruinniú tráthnóna ar líne ar Teams agus 18 n-uair an chloig d'iarracht foghlaimeora a bhí i gceist. Tríd is tríd, chríochnaigh 42 rannpháirtí an cúrsa agus an measúnú, agus ba bhaill foirne de chuid BOO Luimnigh agus an Chláir 15 de na rannpháirtithe sin. |

| | | |
|---|---|---|
| | Tá Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann (IRPP) á threorú ag grúpa oibre Idirghníomhaireachta a bhfuil an tÚdarás Áitiúil, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Bord Oideachais agus Oiliúna, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach - TUSLA, an Garda Síochána, Coiste Cúraim Leanaí an Chontae, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus CTR Freagra (Tacaíocht) páirteach ann. Cinntíonn comhar idirghníomhaireachta den sórt sin go dtugtar tacaíocht leordhóthanach do na teaghlaigh i gcomhthéacs imeaschta.<br>Ó Mheán Fómhair 2021, tá ceithre theaghlach tar éis cur fúthu i Sionainn agus trí theaghlach in Inis tríd an RRP.<br>Tá Croíscileanna in Inis agus i Sionainn ag obair i ndlúthchomhar leis na hoibrithe Athlonnaithe atá freagrach as cabhrú leis na teaghlaigh seo socrú isteach ina bpobail áitiúla. Ina theannta sin, cuirtear roinnt tionscnamh ar fáil don chohórt foghlaimeora seo trí mhaoiniú / tionscadail eile (AMIF/ESOL/FL).<br>In 2021 bhí 137 foghlaimeoir páirteach in 17 ngrúpa.<br>In 2022, forbrófar an fhoráil seo ionas gur féidir tús a chur le Litearthacht ESOL bunaithe ar théamaí chun cabhrú le cumas teanga a fhorbairt ar bhealach praiticiúil. Cuirfear 6 uair an chloig, ar a laghad, de sholáthar teanga ar fáil do gach foghlaimeoir in aghaidh na seachtaine. Forbrófar Conairí nua ón Scoil go dtí FET d'Fhoghlaimeoirí Imircigh Iar-bhunscoile ó Fhómhar 2022 chun ceachtanna a eascraíonn as Tionscadal an Chiste um Lánpháirtiú Imirceach Tearmainn (AMIF) a phríomhshruthú. | Coláiste FET ESOL agus Creat d'Fhoghlaimeoirí Imircigh<br>In 2022, tháinig borradh gan choinne ar an éileamh ar sholáthar ESOL, rud a chuir brú suntasach ar na struchtúir a bhí bunaithe cheana agus a raibh úsáid acmhainní bainistíochta, airgeadais agus riaracháin mar thoradh air.<br>D'fhorbair agus sheol an AISS Coláiste FET ESOL agus Creat d'Fhoghlaimeoirí Imircigh in 2022. Ag cur leis an obair a rinneadh mar thoradh ar thionscadal AMIF agus ar thaighde suntasach ar fud Choláiste FET, ceadaíonn an Creat struchtúir a fhorbairt chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ionchuimsitheach agus éifeachtach a phleanáil agus a sheachadadh d'Fhoghlaimeoirí Imircigh a bhfuil tairbhe á baint acu as raon leathan cúrsaí FET, ESOL san áireamh.<br>Le linn 2022, bhí raon tacaíochtaí nuálacha ar fáil freisin chun freastal ar líon mór foghlaimeoirí ESOL agus Imircigh a bhfuil ár seirbhísí á rochtain acu, lena n-áirítear:<br>o Príomhdhoiciméid a aistriú agus a dháileadh a bhaineann le réimsí ar nós clárú cúrsaí, raon seirbhísí, deimhniú, RCS, srl.<br>o Rinneadh Tástálacha Measúnaithe Tosaigh, go pearsanta agus ar líne, d'fhonn a chinntiú go bhfuil foghlaimeoirí ag baint tairbhe as an leibhéal ceart CEFR.<br>o Sraith de Cheardlanna Óstán agus Lónadóireachta ESOL, cúrsaí Tiomána agus Pas Sábháilte. Raon cúrsaí Lánaimseartha ESOL dírithe ar an Tionscal Seirbhíse, Fáilteachas agus Turasóireacht. Díriú ar ghanntanais scileanna<br>o Conairí a sholáthar chun ranganna Béarla a chur ar fáil do mhic léinn dara leibhéal. Raon clár samhraidh dírithe ar pháistí agus ar theaghlaigh. Mar shampla, Croíscileanna Chathair Luimnigh, tacaíocht teanga bhreise do 35 mac léinn Meánscoile agus tá sé beartaithe acu an rogha seo a fhorbairt tuilleadh in 2023. Ghlac 15 |

| | | |
|---|---|---|
| | | Dhéagóir páirt i gClár Samhraidh ESOL chun iad a ullmhú chun páirt a ghlacadh sa chóras Meánoideachais san Fhómhar, agus chun an deis is fearr a thabhairt dóibh tairbhe a bhaint as a gcuid ranganna.<br>o Tacaíochtaí iompair agus taistil d'fhoghlaimeoirí. Naisc chuig seirbhísí síceolaíochta/comhairleoireachta agus tacaíochta. Tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí chun gléasanna a rochtain. Tacú le rochtain.<br>o Teagascóirí breise ESOL a earcú agus a ionduchtú. Tacú le soláthar.<br><br>• **AMIF - Tionscadal 'Barr do Chumais a Bhaint Amach' 2019 - 2022**<br>I mí Mheán Fómhair 2022 tháinig deireadh go hoifigiúil lenár dtionscadal píolótach AMIF dar teideal "Barr do Chumais a Bhaint Amach", tionscadal ar éirigh go breá leis, a bhí mar bhonn leis an gCreat ESOL agus Imircigh is tábhachtaí. Ó thaobh cúrsaí Gairmthreorach de, ba é an aidhm a bhí leis an tionscadal "Barr do Chumais a Bhaint Amach", na bearnaí struchtúracha atá ann i Luimneach agus sa Chlár maidir le Treoir a sholáthar d'imircigh ar bheagán oiliúna, d'imircigh, d'iarrthóirí tearmainn agus do dhídeanaithe a aithint agus freagairt dóibh. D'fhreagair BOOLC do na riachtanais a aithníodh agus cuireadh cúrsaí éagsúla ar fáil, cuid acu deartha go sonrach, d'fhoghlaimeoirí. Chuaigh an tionscadal seo i bhfeidhm go mór orthu siúd a bhí páirteach ann, thug sé deis dóibh teagmháil a dhéanamh leis na foghlaimeoirí is leochailí agus bealaí nithiúla a thairiscint dóibh i dtreo na fostaíochta agus an oideachais.<br>Roinnt Buaicphointí in 2022:<br>o Bunaíodh Clinic Bhóthar an Duga – tionscadal comhoibritheach idirghníomhaireachta le Doras agus Comhpháirtíocht Paul<br>o Leanadh ar aghaidh go rathúil le clinicí Treorach atá |

| | | |
|---|---|---|
| | | á reáchtáil cheana féin in ionaid soláthair dhírigh i Luimneach agus sa Chlár agus bunaíodh clinicí breise in Hanratty's agus ag Timpeallán Ó Cuanach<br>o Bunaíodh tionscadal píolótach – dianchúrsa Béarla – 115 uair an chloig i gcomhpháirt le Coláiste Mhuire gan Smál – d'fhreastail 18 mac léinn ar an gcúrsa<br>o Dearadh agus seachadadh tionscadal iomlánaíoch ocht seachtaine, "Fuinneamh", arb é an aidhm a bhí leis riachtanais ghairmoideachais, oideachais, sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte na gcónaitheoirí atá ina gcónaí in ionad cóiríochta Chnoc an Lisín a aithint agus a fheabhsú<br>o Rochtain níos fearr agus níos cothroime ar theicneolaíocht a chinntiú trí Mhaoiniú Reach agus tacaíochtaí leanúnacha foghlaimeora CISS<br>o Bunaíodh an Chéad Mhol Oideachais in Éirinn in ionad cóiríochta i gCnoc an Lisín<br>o Reáchtáladh sraith seisiún eolais faoi shaol agus cultúr na hÉireann i Leabharlann Chathair Luimnigh |
| 1.2 Chun a chinntiú go gcoinnítear na caighdeáin is airde ó thaobh oideachais, oiliúna agus eitice de ar fud scoileanna agus champais bhreisoideachais agus oiliúna na heagraíochta. | Leanfaidh **Rannóg Scoileanna** an BOO uirthi ag fáil tacaíochta d'fhoghlaim agus eispéireas ó na scoileanna tacaíochta trína fóram Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, an Grúpa Comhairleach um fhéinmheastóireacht chun dearbhú cáilíochta a chinntiú i dtaca le hardchaighdeáin i dteagasc agus foghlaim a choinneáil. Tacóidh Foireann Tacaíochta na Rannóige le feidhmiú leanúnach an tionscnaimh um Fheabhsú Scoile a Threorú (LSI) agus thionscnamh na gCeannairí Curaclaim in 2022, chun cur ar chumas ár scoileanna dul i mbun rannpháirtíochta go réamhghníomhach le féinmheastóireacht, Pleananna Feabhsaithe Scoile agus Pleanáil Deis. Áirítear ar na gníomhartha in 2022:<br>1. An próiseas Féinmheastóireachta Scoile a chur i bhfeidhm.<br>2. Tacaíodh leis an ullmhúchán do Mheastóireachtaí Scoile Uile (WSE) agus do mheastóireachtaí ábhair trí thionscnamh an Teagaisc agus na Foghlama Ceannaireachta.<br>3. Cuireadh comhoibriú gairmiúil múinteoirí chur chun cinn tríd an Tionscnamh Teagaisc agus Foghlama Ceannaireachta. | In 2022, chuir Rannán na Scoileanna den BOO tacaíocht ar fáil do scoileanna chun an próiseas Féinmheastóireachta Scoile a chur i bhfeidhm agus chun ullmhú do Mheastóireacht ar an Scoil Uile agus do mheastóireachtaí ábhair. Éascaíodh an tacaíocht seo trí ghníomhaíochtaí éagsúla ar nós cuairteanna scoile ón Stiúrthóir Scoileanna, cruinnithe le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, comhairliúcháin leis an gCigireacht, agus rannpháirtíocht sa tionscnamh Teagaisc agus Foghlama Ceannaireachta, a chothaíonn comhoibriú gairmiúil i measc múinteoirí. Féach ar fhéilire na dtacaíochtaí forbartha gairmiúla faoi Bhuaicphointí 2022. |

| | | |
|---|---|---|
| | 4. Eagrófar cruinnithe le Stiúrthóireacht na Roinne Oideachais do scoileanna i dtaca le samhlacha dea-chleachtais.<br>5. Ceannairí Guth na Mac Léinn a bhunú i ngach scoil BOO ar fud Luimnigh agus an Chláir agus Cairt Mac Léinn do gach mac léinn a leabú.<br>Forbairt ghairmiúil a chur ar fáil do Cheannairí Ghuth na Mac Léinn. | |
| 1.3 Chun riachtanais aitheanta phearsanta, acadúla, shóisialta, eacnamaíochta agus infhostaitheachta ár bpáirtithe leasmhara a fhreagairt. | I gcomhréir le Fóram Scileanna Réigiúnacha an Mheán-Iarthair (MWRSF), an Straitéis Náisiúnta Scileanna agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Poist, tá **Seirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair (EESS)** bunaithe ag Rannán FET BOO. Le linn 2022, leanfaidh an EESS ar aghaidh ag dul i mbun rannpháirtíochta le raon leathan páirtithe leasmhara, fostóirí agus foghlaimeoirí chun rannpháirtíocht fostóirí a mhéadú idir an BOO agus comhlachtaí amhail MWRSF, Comhlachais Tráchtála, OFÁnna, IBEC, GFT agus RCS, agus ar an mbealadh sin cuirfear ar chumas an BOO freastal ar riachtanais shonracha oiliúna agus cláir shaincheaptha a dhearadh nuair is gá.<br>Déanfaidh an EESS an méid seo a leanas i rith 2022:<br>• Beidh sé ina bhall gníomhach d'Fhóram Scileanna Réigiúnach an Mheán-Iarthair.<br>• Cinnteoidh sé go bhfreastalaíonn soláthraithe oideachais ar riachtanais tionscail trí ionadaíocht BOO ar Chomhlachais Tráchtála, Fóram Scileanna Réigiúnach an Mheán-Iarthair, OFÁnna, Fiontraíocht Éireann agus IBEC.<br>• Leanfaidh sé le cnuasghrúpaí tionscail a fhorbairt sa Mheán-Iarthar i.e. Fáilteachas agus Turasóireacht, Innealtóireacht, TF, Miondíola.<br>• Oibreoidh sé le 'Limerick for Engineering' chun nasc díreach a dhéanamh le fostóirí d'fhonn píblíne printíseach, teicneoirí agus innealtóirí a fhorbairt a fhreastalóidh ar riachtanais shonracha na hearnála innealtóireachta sa Mheán-Iarthar.<br>• Cothófar feasacht bhreise ar chustaim agus oiliúint imréitigh custam ag leibhéal níos airde do bhaill foirne san earnáil lóistíochta de réir mar a éiríonn impleachtaí Brexit níos soiléire le linn 2022. | Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir airdeallach ar an tábhacht a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar an nganntanas scileanna i Réigiún an Mheán-Iarthair, an gá atá le huasoiliúint agus athoiliúint chun freastal ar athruithe sa teicneolaíocht agus ar riachtanais athraitheacha an mhargadh saothair agus chun dul i ngleic le neamhréir scileanna.<br>In 2022, lean an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair (EESS) ar aghaidh leis an bplé le raon leathan páirtithe leasmhara, fostóirí agus foghlaimeoirí, ag leagan béim ar ról straitéiseach an BOO i ndáil le forbairt scileanna sa Mheán-Iarthar. Chuir an raon gníomhaíochtaí rannpháirtíochta le fostóirí, lena n-áirítear cruinnithe straitéiseacha ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil, comhairliúcháin, cuairteanna suímh, ionchur i bhforbairt an churaclaim, srl. leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ábharthacht ár soláthar FET a fheabhsú. Chomh maith leis sin, tá Coláiste na gCampas FET ag leanúint ar aghaidh le naisc áitiúla a fhorbairt tríd an obair atá á déanamh ag comhordaitheoirí FET ar fud an réigiúin, agus trí naisc ghnó ag leibhéal áitiúil a neartú. Tá sé seo ríthábhachtach chomh fada is a bhaineann le deiseanna socrúcháin oibre d'fhoghlaimeoirí FET.<br>In 2022, mar thoradh ar rannpháirtíocht le fostóirí, seachadadh soláthar FET leis na fostóirí seo a leanas:<br>Údarás Eitlíochta na hÉireann: Bhuail foireann EESS le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann i mBaile Uí Gheirín, Co. an Chláir, chun riachtanais uasoiliúna a fhostaithe a phlé. I gcomhar le Coláiste FET, Campas Inse, cuireadh |

| | | |
|---|---|---|
| | • Neartófar bonn scileanna fostaithe san earnáil Fáilteachais, Turasóireachta agus Áineasa ar Champas Fáilteachais an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna agus trí thionscnaimh eile a sholáthar in 2022.<br>• Glacfar páirt i bhforbairt CRM um Fhorbairt Straitéiseach na Rannpháirtíochta le Fostóirí (SEED) i dteannta le BOO Mhaigh Eo, Shligigh, Liatroma. | cúrsa inmheánach faoi Microsoft Word ar fáil dá seisear Oifigeach Raidió nua.<br>Rusal Aughinish: I gcomhpháirt le Coláiste FET, Campas Ascaill Uí Chonaill, eagraíodh cúrsa inmheánach faoi Microsoft Excel do naonúr ball foirne ó Rusal Aughinish.<br>Virgin Media: Tá Rannpháirtíocht Fiontair i mbun cainteanna forbartha le Virgin Media maidir le hOiliúint Bogearraí UiPath a fhorbairt;<br>Trí líonrú a dhéanamh le Fóram Réigiúnach Scileanna an Mheán-Iarthair, GFT, na Comhairlí áitiúla, IBEC, Cuideachtaí Forbartha Pobail áitiúla, Comhpháirtíocht PAUL, Fiontair OFÁ, FBManna, srl., forbraíodh Scileanna atá le Forbairt (STA) agus soláthar eile, a sholáthair deiseanna uasoiliúna agus athoiliúna do 1,530 fostaí mar chuid de 102 clár, rud a chiallaigh go raibh na scileanna ag na fostaithe seo a bhí riachtanach chun dul chun cinn a dhéanamh ina ról reatha nó chun dul in oiriúint don mhargadh fostaíochta atá ag athrú. In 2022, cuireadh seachadadh ar líne san áireamh i gcláir na Scileanna atá le Forbairt, agus thacaigh seisiúin faisnéise fíorúla tionscail, imeachtaí taispeántais beo a raibh daoine i láthair acu, leis na páirtithe leasmhara. |
| 1.4 Tacú le forbairt an duine aonair mar dhuine iomlán chun a chumas a uasmhéadú ag gach céim den phróiseas foghlama. | Oibreoidh **Rannán Scoileanna** BOO d'fhonn a chinntiú go gcuirfidh ár scoileanna foghlaim, teagasc, measúnú agus eispéiris folláine ag an gcaighdeán is airde agus is féidir ar fáil in 2022. Áirítear ar na tionscnaimh shonracha a cuireadh i gcrích in 2022:<br>1. Leanfaidh na scoileanna ar aghaidh le tacaíocht a fháil ó na Cnuasghrúpaí agus Grúpaí Comhairleacha a bunaíodh in 2020 chun comhairle a chur ar scoileanna faoi dhea-chleachtas agus straitéisí éifeachtacha chun eispéiris na mac léinn a fheabhsú.<br>2. Cuirfear obair i gcrích le Fóram Réigiúnach Scileanna an Mheán-Iarthair agus é mar aidhm comhpháirtíocht idir na scoileanna agus gnóthaí agus an tionscal agus an pobal taighde a fheabhsú. | In 2022, d'éascaigh Rannán na Scoileanna an BOO roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo na caighdeáin oideachais a fheabhsú agus tacú le hidirphlé gairmiúil i measc na mball foirne i scoileanna BOO. I measc na dtionscnamh sin bhí an Fhoghlaim agus an Teagasc agus an Measúnú Ionchuimsitheach a Threorú, Laethanta Braislithe na gCeannairí Digiteacha agus Laethanta Braislithe SENCo. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar Fhoghlaim agus Teagasc Ionchuimsitheach a Threorú, a bhí mar bhonn le samhail tacaíochta bhreise a fhorbairt d'Fheabhsú Scoile ar a dtugtar Forbairt Scoile a Threorú (LSI).<br>Chomh maith leis sin, d'eagraigh Rannán Scoileanna BOO ceithre Lá Braislithe do Threoirchomhairleoirí agus |

| | | |
|---|---|---|
| | 3. Cuirfear obair i gcrích leis an Roinn Oideachais agus ceithre Scoil BOO chun Céim 1 den siollabas Corpoideachais nua don tSraith Shinsearach a chur i bhfeidhm.<br>4. Deimhneofar go ndéanann níos mó scoileanna obair ullmhúcháin chun Siollabas Ardteistiméireachta Corpoideachais, Ríomheolaíochta, Polaitíochta agus Sochaí ar fáil don tSraith Shinsearach.<br>5. Leanfar ar aghaidh ag tacú le Siollabas Ríomheolaíochta don Ardteistiméireacht a bhunú mar ábhar in 2 iar-bhunscoil de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.<br>6. Leanfar ar aghaidh ag obair le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh chun Meabhrán Tuisceana a fhorbairt idir Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.<br>7. Cuirfear beartais náisiúnta éagsúla i bhfeidhm tríd an bpróiseas SSE atá nasctha le creat cáilíochta LAOS, ina léireofar meas ar gach pobal scoile.<br>8. Leanfar leis an gcomhpháirtíocht le hAcadamh na nEolaíochtaí Sláinte in Ollscoil Luimnigh, agus le feasacht faoi fholláine a mhúscailt.<br>9. Eagraíodh cur i láthair do Bhord Bainistíochta gach scoil maidir le bunluachanna an Teagaisc, na Foghlama agus an Mheasúnaithe inár scoileanna. | reáchtáil siad cruinnithe le Fóram Scileanna Réigiúnacha an Mheán-Iarthair chun faisnéis bhreise a chur ar fáil faoi chonairí chuig FET agus cúrsaí Tríú Leibhéal. Ina theannta sin, bhunaigh an Rannán comhpháirtíocht le BD Scientific chun comórtas STEM a fhorbairt do scoileanna sa réigiún, agus chuir Comhpháirtíocht Tionscail & Oideachais STEM clár ar fáil chun deis a thabhairt d'oideoirí, mic léinn agus teaghlaigh taitneamh a bhaint as eispéiris STEM.<br>Lean Rannán Scoileanna BOO ar aghaidh ag tacú le scoileanna a chuireann Céim 1 den siollabas Corpoideachais nua don tSraith Shinsearach ar fáil agus chabhraigh sé le níos mó scoileanna tús a chur leis an rogha seo a chur ar fáil dá gcuid mac léinn. Ina theannta sin, d'oibrigh an Rannán i ndlúthchomhar le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh chun tacú le múinteoirí faoi oiliúint tabhairt faoina dtréimhse socrúcháin i scoileanna, scoileanna BOO agus neamh-BOO araon. |
| | Mar BOO, tá tairbhe á baint againn as cur chuige réamhghníomhach maidir le deiseanna uasoiliúna agus athoiliúna a sholáthar, bímid ag comhoibriú le raon leathan grúpaí agus eagraíochtaí pobail, chun díriú ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus atá leochaileach ó thaobh na socheacnamaíochta de, amhail luathfhágálaithe scoile, atá i mbaol a bheith dífhostaithe go fadtéarmach.<br><br>**1. Leanúint ar aghaidh le croíscileanna a leabú i ngach soláthar FET**<br>Tá ullmhúchán gairme, litearthacht, uimhearthacht, cumarsáid, obair foirne agus éifeachtacht phearsanta leabaithe i ngach cúrsa. Aimsítear foghlaimeoirí le haghaidh na gcúrsaí seo trí chabhair | Ag cur leis an obair a rinneadh sna blianta roimhe seo maidir lenár nDualgas Earnála Poiblí agus ag féachaint d'aiseolas ó bhreis agus 130 duine a ghlac páirt inár gcomhairliúchán, sheol Coláiste FET Creat Meabhairshláinte agus Folláine d'Fhoghlaimeoirí in 2022. Déantar cur síos sa chreat ar an gcaoi a gcuireann an BOO Meabhairshláinte agus Folláine Foghlaimeoirí chun cinn agus ar an tslí a dtacaíonn sé lena leithéid ar bhealach comhsheasmhach, struchtúrtha agus pleanáilte.<br>Tacaíonn an Creat le Coláiste FET chun ceannaireacht agus acmhainní a chur ar fáil chun Meabhairshláinte agus Folláine Foghlaimeoirí a chur chun cinn agus tacú lena leithéid agus le linn 2022, cuireadh maoiniú ar fáil |

| | | |
|---|---|---|
| | a fháil ó oibrithe pobail agus cásoibrithe atá ag obair don RCS. Oibrímid i gcomhar le rannóg athnuachana Chomhairle Cathrach Luimnigh agus déanaimid teagmháil le fostóirí trínár Seirbhísí Rannpháirtíochta agus Tacaíochta d'Fhostóirí chun socrúcháin oibre agus deiseanna fostaíochta a eagrú.<br>**2. In 2022, forbrófar** Creat Meabhairshláinte agus Folláine an Fhoghlaimeora FET.<br>**3. Tionscnamh Meantóireachta d'Fhoghlaimeoirí (LMI)**<br>Tá maoiniú faighte chun an raon tacaíochtaí atá ar fáil go traidisiúnta tríd an Tionscnamh Riachtanas Speisialta Oideachais (SENI) a leathnú agus a chur ar fáil san 9 n-ionad Ógtheagmhála. Is é aidhm an chláir cabhrú le rannpháirtithe scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt, agus bealaí chun deiseanna fostaíochta a aimsiú dóibh féin a fhiosrú.<br>Tá an ciste AISS agus an tSeirbhís Tacaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil ag tacú le LMI. Cinnteoidh cur i gcrích rolladh amach an tionscnaimh seo in Earrach 2022 go bhfuil an BOO ag cur seirbhís chomhtháite Breisoideachais agus Oiliúna LMI ar ardchaighdeán ar fáil ina ocht n-ionad Sholáthar Ógtheagmhála BOO, seirbhís a mbeidh 100 ball foirne agus 267 foghlaimeoir páirteach inti.<br>4. In 2022, leanfaidh Oifigeach Tacaíochta RPL i Seirbhís Tacaíochta Dearbhaithe Cáilíochta le tús áite a thabhairt d'**Aitheantas Réamhfhoghlama** agus á fheabhsú. Méadófar acmhainneacht eagraíochta trí oiliúint, beartas agus forbairt nósanna imeachta, srl. | d'Fhoirne Meabhairshláinte agus Folláine an Champais chun imeachtaí agus gníomhaíochtaí a reáchtáil a thacaíonn le dea-mheabhairshláinte agus a chuireann a leithéid chun cinn i measc phobail an champais.<br>Chomh maith le maoiniú ar leibhéal an champais do ghníomhaíochtaí Meabhairshláinte agus Folláine, le linn 2022, tar éis iarratas rathúil a dhéanamh ar mhaoiniú REACH, thacaigh Ciste Cúnaimh Foghlaimeora AISS le 211 foghlaimeoir aonair faoi mhíbhuntáiste ó gach cearn den Choláiste FET, Maoiniú Cúnaimh d'Fhoghlaimeoirí luach €50,000 a rochtain. Bhain go leor de thosaíochtaí na bhFoghlaimeoirí i mbliana le costais bhreise a bhain le taisteal chuig agus ó ranganna.<br>Tá Coláiste FET tiomanta do na deiseanna oideachais agus oiliúna is fearr a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí, rud a chuireann ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Tá ár soláthar Oideachais Pobail agus Croíscileanna bunaithe ar chláir áitiúla phobalbhunaithe a chur ar fáil, a bhfuil daoine aonair agus grúpaí páirteach iontu, daoine agus grúpaí a bhíonn ag déileáil le bacainní áirithe agus suntasacha ar rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint go minic. Cuireann ár gcláir oideachais pobail thraidisiúnta ar chumas foghlaimeoirí a riachtanais foghlama féin a aithint agus páirt a ghlacadh i bhfoghlaim sheachfhoirmiúil ar feadh an tsaoil i suíomh neamhfhoirmiúil - ina bpobal féin.<br>Tacaítear le dul chun cinn trí rochtain leanúnach ar an tSeirbhís Treorach d'Aosaigh agus tríd an gcomhoibriú agus pleanáil chomhpháirteach a tharlaíonn trí na líonraí foghlama, grúpaí pobail agus laistigh den soláthar páirtaimseartha / lánaimseartha FET.<br>In 2022, cuireadh raon leathan deiseanna foghlama ar fáil, lena n-áirítear Ealaíona agus Ceardaíocht, Ceardaíocht Sailí, Stair Áitiúil, Spáinnis do Thosaitheoirí, Teicneolaíocht Faisnéise, Adhmadóireacht, Tógáil Bád, Garraíodóireacht Pobail, Bia agus Cócaireacht, |

| | | |
|---|---|---|
| | | Bunchúrsa Barista, Sláinte agus Folláine, Aireachas agus Ióga agus Scríbhneoireacht Chruthaitheach.<br>Go suntasach in 2022, chuir an Coláiste FET críoch le próiseas Aitheantais Réamhfhoghlama le grúpa píolótach d'ochtar iarratasóirí, agus d'éirigh le gach iarratasóir an próiseas a chur i gcrích agus bronnadh Sainteastas Leibhéal 6 i nGruagaireacht ó QQI orthu. Is é an tionscadal seo an chéad tionscadal dá leithéid in Éirinn, inar forbraíodh agus inar cuireadh chun feidhme próiseas RPL ionas go bhféadfadh iarratasóirí mórdhámhachtain a bhaint amach. Tá fianaise le fáil sa tionscadal seo ar nuálaíocht shuntasach sa chur chuige maidir le cáilíochtaí mórdhámhachtana a dheimhniú, go háirithe iad siúd a bhfuil cáilíochtaí printíseachta mar thoradh orthu.<br>Tá Clár NHA uathúil ag leibhéal náisiúnta freisin chomh fada is a bhaineann le húsáid chomhtháite a bheith á baint as teicneolaíocht. Chuidigh comhoibriú idir foireann TELSS agus NHA le clár foghlama saincheaptha comhtháite a chruthú ina gcuireann úsáid na teicneolaíochta go mór le heispéireas na bprintíseach.<br>**<u>Buneolas ar RPL do Mheantóirí agus Measúnóirí</u>**<br>In 2022, eagraíodh dianchúrsaí oiliúna faoi Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) do Chomhordaitheoirí FET, Foireann na Seirbhíse Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach, agus baill foirne eile. Dearadh ár gclár suaitheanta, "Buneolas ar RPL do Mheantóirí agus Measúnóirí", chun oideachas agus oiliúint a chur ar fhoireann FET chun tacú le hiarratasóirí RPL. Bhí 4 sheisiún ar líne agus 2 sheisiún phearsanta le cur i gcrích mar chuid den chúrsa 6 seachtaine seo, agus ba é an aidhm a bhí leis cur le tuiscint daoine ar phrionsabail agus ar chleachtais RPL, cumas a fhorbairt do mheantóirí agus measúnóirí féideartha RPL, agus eolas agus scileanna praiticiúla na mball foirne rannpháirteach a fheabhsú. D'éirigh le 36 duine an cúrsa a chríochnú mar chuid de dhá thimthriall, agus roinneadh aiseolas dearfach le gach duine. |

| | | |
|---|---|---|
| 1.5 Faisnéis, treoir, comhairleacht agus seirbhísí tacaíochta mac léinn/foghlaimeoirí ar ardchaighdeán a chur ar fáil i scoileanna agus campais FET na heagraíochta. | Tacóidh **Rannán Scoileanna** an BOO le creat treorach don scoil uile a fhorbairt, agus forbróidh sé naisc le hInstitiúidí FET agus Tríú Leibhéal trí Fhóram na dTreoirchomhairleoirí (a bunaíodh i Mí Dheireadh Fómhair 2019). I measc na ngníomhartha atá le cur i gcrích in 2022, tá:<br>1. Creat Treorach don Scoil Uile a fhorbairt. Cuirfear na réimsí foghlama seo a leanas san áireamh:<br>- Féinmheas agus féinchoincheap dearfach a fhorbairt agus a chothabháil.<br>- Idirghníomhú éifeachtach le daoine eile (aghaidh ar aghaidh & ar líne).<br>- Forbairt & fás ar feadh an tsaoil.<br>- Straitéisí éifeachtacha pearsanta a fhorbairt don fhoghlaim/straitéisí scrúdaithe.<br>- Roghanna oideachais a dhéanamh i gcomhréir le huaillmhianta gairmiúla.<br>- Faisnéis agus foinsí a bhaineann leis an ngairm a úsáid go héifeachtach.<br>- Saol na hoibre agus róil an tsaoil a thuiscint.<br>- Forbairt ghairme a bhainistiú agus cinnteoireacht.<br>- Tacaíocht leanúnach agus Forbairt Fhóram na dTreoirchomhairleoirí, fóram nuabhunaithe. | Lean Rannán na Scoil den BOO ar aghaidh ag cur le hacmhainní agus seirbhísí tacaíochta do scoileanna trína mol acmhainní a sheoladh, atá le fáil ag www.lcetbschools.com. Feidhmíonn an suíomh seo mar stór cuimsitheach acmhainní chun tacú le folláine mac léinn i scoileanna.<br>Ó mhí an Mheithimh 2019 i leith, d'oibrigh an BOO i ndlúthchomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Tusla agus NEPS chun moltaí an Tascfhórsa Náisiúnta um Mheabhairshláinte na nÓg, an Tionscadail Pathfinder maidir le Meabhairshláinte an Aosa Óig agus an Straitéis um Nascadh don Bheatha (2015-2020) a chur i bhfeidhm.<br>Ina theannta sin, ceapadh príomhoide agus leas-phríomhoide ó scoileanna BOO ar bhord na gCoistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga (CYPSC). Is struchtúr ríthábhachtach iad na coistí seo atá aitheanta ag an rialtas chun seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga i ngach contae in Éirinn a phleanáil agus a chomhordú. Cuimsíonn a sainchúram aoise leanaí agus daoine óga atá idir 0 agus 24 bliain d'aois, agus is é an príomhchuspóir comhordú agus comhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta a chinntiú chun na torthaí is fearr a bhaint amach do gach leanbh agus duine óg ina gceantair faoi seach. |
| | Forbróidh **Rannán Scoileanna** an BOO straitéisí agus acmhainní teagaisc agus foghlama chun foghlaim fhéinriartha agus foghlaim chomhoibritheach a chur cinn i measc mac léinn ina scoileanna trí dheiseanna líonraithe phroifisiúnta a chur chun cinn i measc a mball foirne ar fud Luimnigh agus an Chláir.<br>Leanfaidh Rannán na Scoileanna ar aghaidh ag forbairt acmhainní agus tacaíochtaí do scoileanna ar féidir iad a úsáid ag leibhéal na scoile chun aghaidh a thabhairt ar riosca an mhíbhuntáiste oideachais.<br>Tabharfar tacaíocht do Scoileanna i gcónaí le cúrsaí oiliúna d'Fhoirne Tacaíochta Mac Léinn i ngach scoil chun cabhrú le mic | Le linn 2022, thug Rannán Scoileanna BOO faoi roinnt tionscnamh chun tacú le scoileanna agus chun eispéireas foghlama na mac léinn a fheabhsú. I measc na dtionscnamh sin bhí Foghlaim agus Teagasc agus Measúnú Ionchuimsitheach a Threorú, Laethanta Braislithe faoi Cheannaireacht Dhigiteach agus Laethanta Braislithe SENCo, arb é an aidhm a bhí leo ar fad idirphlé gairmiúil a chothú i measc ball foirne i scoileanna BOO agus caighdeáin oideachais a fheabhsú. Lena chois sin, rinne an Rannán athbhreithniú ar a chlár LLT in 2022 chun samhail tacaíochta nua don Fheabhsú |

| | | |
|---|---|---|
| | léinn a d'fhéadfadh a bheith i mbaol.<br>Oibreoidh Rannán na Scoileanna i gcomhar leis an Roinn Oideachais, an Roinn Sláinte agus Ranna eile in 2022 chun moltaí an Tascfhórsa Náisiúnta um Meabhairshláinte na nÓg, an Tionscadail Pathfinder maidir le Meabhairshláinte an Aosa Óig agus na Straitéise um Nascadh don Bheatha (2015-2021) a chur i bhfeidhm. | Scoile (SI) a chruthú do scoileanna ar a dtugtar Forbairt Scoile a Threorú (LSI), a cuireadh i bhfeidhm don bhliain acadúil 2022/23. D'eagraigh an Rannán ceithre Lá Braislithe do Threoirchomhairleoirí freisin agus chomhoibrigh sé le Fóram Scileanna Réigiúnacha an Mheán-Iarthair chun tuilleadh eolais a chur ar fáil faoi chonairí chuig cúrsaí FET agus Tríú Leibhéal. Anuas air sin, d'oibrigh an Rannán i gcomhpháirt le BD Scientific chun comórtas STEM a bhunú do scoileanna sa réigiún agus chun oideoirí, mic léinn agus teaghlaigh a mhealladh chun tairbhe a bhaint as eispéiris STEM, agus leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le hoideachas STEM agus na deiseanna gairme a sholáthraíonn sé. Ina theannta sin, lean an Rannán ar aghaidh ag tacú le scoileanna a chuireann Céim 1 den siollabas Corpoideachais nua ar fáil don tSraith Shinsearach, agus thosaigh scoileanna breise ag cur an rogha seo ar fáil dá gcuid mac léinn. Ar deireadh, lean Rannán Scoileanna BOO ag obair i ndlúthpháirt le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh chun cabhrú le múinteoirí faoi oiliúint lena n-aistriú chuig socrúchán i scoileanna, lena n-áirítear institiúidí BOO agus institiúidí neamh-BOO araon.<br>**Comhdháil Bhliantúil na Foirne Tacaíochta do Mhic Léinn 2022**<br>Reáchtáladh Comhdháil Bhliantúil na Foirne Tacaíochta do Mhic Léinn ar an Aoine, an 18 Samhain 2022, agus d'fhreastail Comhaltaí SST, Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, ár bhFoireann Tacaíochta BOO agus aíonna ar tugadh cuireadh dóibh lena n-áirítear NEPS, an Chigireacht agus Tusla, ar an gComhdháil. Bhí an chomhdháil ar siúl in Óstán Castletroy Park agus thug an Dr Colman Noctor eochairléacht ar an lá a bhí bunaithe ar théama na comhdhála – 'Ag Tacú le Scoileanna chun cabhrú le mic léinn barr a gcumais a bhaint amach agus maireachtáil i saol an lae inniu'. Is Síciteiripeoir Síocanailíseach Leanaí agus Ógánach é an Dr Colman |

| | | |
|---|---|---|
| | | Noctor. Tá tréimhsí caite aige ag obair i raon Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh in Éirinn agus thar lear, agus tá neart taithí chliniciúil náisiúnta agus idirnáisiúnta aige. |
| | Is é an aidhm atá ag **Seirbhís**Tacaíochta **Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach FET** a chinntiú gur dlúthchuid de phleanáil agus de sholáthar FET é faisnéis agus treoir. Leanfaidh foirne FET IRG an BOO ar aghaidh ag obair le foghlaimeoirí in 2022 chun conairí dul chun cinn a fhorbairt agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.<br>Osclaíodh Moil Faisnéise i Luimneach agus in Inis agus tá eolas le fáil ar ár suíomh gréasáin FET http://learningandskills.ie/contact/ d'fhoghlaimeoirí maidir le conas tairbhe a bhaint as spás tairsí chun coinní a chur in áirithe/fiosrúcháin a dhéanamh, agus tá uimhir shaorghlao ar fáil freisin, 1800 70 70 77, d'fhoghlaimeoirí agus don phobal i gcoitinne.<br>Bunaithe ar Chreat Straitéiseach na Seirbhíse Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta & Treorach 2021 – 2025, beidh an phríomhobair seo a leanas á cur i gcrích in 2022:<br>• Seisiúin faisnéise tionscail do Threoirchomhairleoirí.<br>• Feachtais mhargaíochta ar na meáin shóisialta chun aird a tharraingt ar chúrsaí FET<br>• Treoir agus Faisnéis a thairisint ar líne ar fáil do gach duine a dhéanann fiosrúchán.<br>• Naisc níos fearr idir IRGSS agus rannpháirtithe na gclár Scileanna atá le Forbairt.<br>• Oibriú le Comhpháirtíocht PAUL chun athbhreithniú a dhéanamh ar sheachadadh Treorach ar fud Chathair Luimnigh agus comhoibriú le SICAP.<br>• Naisc níos fearr le 19 scoil BOO.<br>Tairseach Aonair do roghanna CAO agus Breisoideachais<br>Seoladh an tairseach ar an 5 Samhain, agus táthar ag súil go dtacóidh sí le cothrom na Féinne a thabhairt do gach rogha staidéir agus go mbeidh deis ag mic léinn iarratas díreach a dhéanamh ar chúrsaí ardoideachais agus breisoideachais. D'fhreagair BOO Luimnigh agus an Chláir go dearfach don tionscadal seo agus faoi láthair tá thart ar 720 cúrsa á gcur ar fáil | Glactar le Conairí a Chruthú mar cheann de na trí cholún de phríomhchuspóir Choláiste FET. Is é an aidhm atá leis bealaí chuig agus ó FET a shimpliú agus é a chur chun cinn mar rogha luachmhar do gach foghlaimeoir. Cuireann Coláiste FET Seirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach (IRGSS), gairmiúil agus rúnda, ar fáil do gach foghlaimeoir. Tá ról lárnach ag IRGSS trí thacaíochtaí faisnéise agus treorach réamhiontrála agus cúrsa atá soiléir, trédhearcach agus inrochtana, agus dírithe ar an duine, a sholáthar a bhfuil sé mar aidhm leo rochtain d'fhoghlaimeoirí a éascú. San áireamh anseo tá Fógráin Réamhiontrála; D'fhreastail foireann IRGSS ar aontaí áitiúla agus réigiúnacha éagsúla agus ar fhóraim eile chun deiseanna FET a chur chun cinn; Moil Eolais i Luimneach agus i gCo. an Chláir mar ionaid ilfhreastail; Córais láraithe chun déileáil le hiarratais faisnéise; Seirbhísí buail isteach; Treoir duine le duine, réamhiontrála atá ar fáil i gColáistí/Ionaid FET agus i láithreacha Pobail ar fud an réigiúin le haghaidh spriocghrúpa atá sainithe go soiléir.<br>Tá ár Seirbhís Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach tar éis raon imeachtaí Treorach agus Faisnéise Oideachais ar leithligh a chur ar fáil nó páirt a ghlacadh iontu, imeachtaí ar tarraingíodh aird breis is 3000 foghlaimeoir orthu. Reáchtáladh go leor de na himeachtaí seo i gcomhar le gníomhaireachtaí eile. Chomh maith leis na himeachtaí aonuaire, tá amchlár seachtainiúil de sheisiúin Treorach / Faisnéise forbartha ag ár IRGS a sholáthraíonn rochtain ar an tseirbhís le haghaidh treoir oideachais for-rochtana agus champasbhunaithe araon.<br>I measc na bpríomhfhorbairtí a rinneadh in 2022 tá:<br>• Físeán Treorach beoite nua - D'fhorbair IRGSS físeán treorach beoite nua ina léirítear an luach |

| | | |
|---|---|---|
| | tríd an CAO a bhaineann le raon leathan disciplíní. Is tionscadal píolótach é seo ach is dócha go leanfar leis an bhforbairt agus go mbeidh sé in úsáid le haghaidh gach cúrsa dár gcuid an bhliain seo chugainn. Cuirfidh sé le próifíl na gcúrsaí breisoideachais agus na bprintíseachtaí ní hamháin i Luimneach agus i gCo. an Chláir ach ar fud na tíre freisin. | a bhaineann le bualadh le Treoirchomhairleoir FET ó Choláiste FET chun cabhrú le daoine conair oideachais agus ghairme a phleanáil, aosaigh atá ag smaoineamh ar fhilleadh ar an oideachas. Beidh sé leabaithe ar shuíomh gréasáin Choláiste FET agus úsáidfear seatanna freisin i bhfeachtais ar na meáin shóisialta agus i ngníomhaíochtaí múscailte feasachta eile thar shaolré Straitéis reatha FET IRGSS;<br>• Tá IRGSS ag leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt leis an RCS ag freastal ar Aontaí Faisnéise Intreo atá dírithe orthu dóibh siúd atá ag lorg fostaíochta agus faisnéise maidir le conairí a chuireann ar a gcumas tairbhe a bhaint as cúrsaí oiliúna agus oideachais.<br>• Cuireadh faisnéis faoi bhealaí agus roghanna FET ar fáil do 19 scoil BOO, trí sheimineár eolais do scoileanna. Forbraíodh Seimineáir Ghréasáin Eolais Spriocdhírithe faoi PLC, Printíseachtaí & Cúrsaí Oiliúna d'Iar-bhunscoileanna, a bhí dírithe go háirithe ar mhic léinn Idirbhliana.<br>• Chuir an IRGSS lena rannpháirtíocht le Grúpaí Scileanna atá le Forbairt le haghaidh Tacaíocht Ghairmthreorach trí sheimineáir ghréasáin atá dírithe ar fhaisnéis a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí STA maidir le conairí breise laistigh de FET.<br>• D'eagraigh IRGSS feachtais ar Facebook agus ar na meáin shóisialta chun deis a thabhairt do chliaint tairbhe a bhaint as an raon seirbhísí atá ar fáil. |
| 1.6 Chun cultúr foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn trí aitheantas a thabhairt don luach atá ag oideachas | Déanfaidh **Rannán na Scoileanna** agus **Soláthar Obair don Aos Óg** iarracht a chinntiú go mbeidh rochtain ag daoine óga ar fud an réigiúin ar obair don aos óg ar ardchaighdeán. Déanfar é sin trí dhíriú ar an méid seo a leanas:<br>• Cabhrú le, tacú le, cur chun feidhme agus monatóireacht a dhéánamh ar phróiseas Fheabhsú Leanúnach na scéime maoinithe spriocdhírithe UBU Do Áit Do Spás. | In 2022 rinneadh monatóireacht ar fheidhmíocht agus dul chun cinn agus is fianaise air sin an méid seo a leanas:<br>Tacú le heagraíochtaí le soláthar oibre don aos óg ar ardchaighdeán faoi phróiseas Fheabhsú Leanúnach na scéimeanna spriocdhírithe atá á mbainistiú ag an BOO.<br>A chinntiú go bhfuil clubanna agus grúpaí a bhfuil rochtain acu ar Scéim Deontais do Chlubanna Óige |

| | | |
|---|---|---|
| foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear oideachas lasmuigh agus oideachas ceoil agus an ról claochlaitheach atá ag Obair don Aos Óg inár bpobail. | • Tacú le cur chun feidhme na gCaighdeán Cáilíochta do mheithleacha Oibre don Aos Óg Deonacha. | Áitiúla 2022 tiomanta do chreat na gCaighdeán Cáilíochta a chur chun feidhme.<br>A chinntiú go bhfuil rochtain ag gach tionscadal oibre don aos óg agus ag gach club ar scéimeanna deontais trí BOO Luimnigh agus an Chláir. |
| | Bhí Rannán Scoileanna BOO i measc ceann de 3 BOO phíolótacha a roghnaíodh ag leibhéal náisiúnta chun Maoiniú Óige Ildánach a fháil faoi chlár Éire Ildánach chun Comhpháirtíocht Óige Ildánach a bhunú. Is é aidhm na comhpháirtíochta seo raon leathan acmhainní a thabhairt le chéile chun deiseanna cruthaitheacha a chur ar fáil do pháistí agus daoine óga lasmuigh d'uaireanta scoile a chuireann le agus a oibríonn le suíomhanna scoile foirmiúla. Seoladh an chéad phlean straitéiseach in 2021 inar leagadh síos cuspóirí agus gníomhartha atá bunaithe ar Phlean um Obair don Aos Óg Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2018-2021 agus ar Phlean Óige Ildánach Éire Ildánach ina n-aithnítear an méid seo a leanas, 'cuireann gníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach, folláine an duine aonair, an phobail agus na tíre chun cinn'<br>Le linn 2022, cuirfidh an BOO, trí Chomhordaitheoir na Comhpháirtíochta Áitiúla Óige Ildánach, gníomhaíochtaí cruthaitheacha ar fáil do pháistí agus daoine óga lasmuigh d'uaireanta scoile agus leagfar béim ar leith ar phobail imeallaithe. | Mar chuid de mheastóireacht sheachtrach a rinneadh ar thrí Chomhpháirtíocht Áitiúla Óige Ildánach, rinne Éire Ildánach meastóireacht ar LCYP Luimnigh agus an Chláir in 2022 agus tugadh torthaí an-dearfacha faoi deara i ndáil leis an obair atá á déanamh i suíomhanna lasmuigh den scoil.<br>Choimisiúnaigh agus d'fhoilsigh an LCYP meastóireacht ar a chuid oibre luathbhlianta in 2022 agus moladh go láidir leanúint ar aghaidh leis an gclár seo.<br>Cuireadh cláir oibre ar fáil i gcomhpháirt le soláthraithe seirbhísí óige ar fud Luimnigh agus an Chláir in 2022.<br>Bhí fianaise ar an obair a cuireadh i gcrích ar fáil i rith fhéile LCYP, Glao & Freagairt 2022.<br>Bhí ról lárnach ag folláine san obair seo ar fad a rabhthas ag leanúint ar aghaidh léi de réir phrionsabail ghuth an duine óig.<br>Tríd an obair seo a bhunú ar chearta, d'fhorbair Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach cláir oibre spriocdhírithe do dhaoine óga ó phobal an Lucht Siúil, imircigh, daoine atá faoi mhíchumas agus daoine atá ina gcónaí i gceantair atá aitheanta mar cheantair atá ag déileáil le díothacht shocheacnamaíoch. |
| | Leanfaidh **Rannán Scoileanna** BOO uirthi ag forbairt tacaíochtaí agus feasacht corpoideachais i scoileanna in 2022 tríd an dá Lárionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh. Ar an tslí seo, cinnteofar go bhfaighidh mic léinn deis tairbhe a bhaint as an seomra ranga lasmuigh mar mheán cumhachtach agus uathúil don fhoghlaim agus forbairt. I measc na ngníomhartha sonracha a mbeifear ag díriú orthu i rith 2022 tá:<br>1. Clár "Going Well" CLG maidir le Folláine a chur chun cinn i gcomhar le Comhairle Contae an Chláir agus Ionad | In 2022, tarraingíodh aird mhór ar ionaid oideachais agus oiliúna lasmuigh an BOO in institiúidí oideachais éagsúla, lena n-áirítear Ionaid FET, Pobalscoileanna Náisiúnta agus Iar-Bhunscoileanna. Bhain Fóram na gComhordaitheoirí Idirbhliana neart úsáide as na hionaid chun críocha oideachais agus oiliúna lasmuigh, agus d'eagraigh bainisteoirí an dá ionad cuairteanna scoile, go réamhghníomhach, chun tacaíocht a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, tarraingíodh aird ar na hionaid |

| | | |
|---|---|---|
| | Mhichíl Cíosóg chun pacáiste a fhorbairt do scoileanna ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as tacaíochtaí folláine.<br>2. Tacú le scoileanna oibriú leis na OETCanna chun cabhrú le mic léinn atá ag díriú ar Gaisce (Gradam an Uachtaráin). Is é misean Ghradam an Uachtaráin "deiseanna a thabhairt do dhaoine óga barr a gcumais a bhaint amach trí dhúshláin phearsanta, rud a éascaíonn an t-aistriú ó dhuine óg go haosach óg agus a fheabhsaíonn a n-acmhainneacht agus an méid a chuirfidh siad leis an tsochaí mar rannpháirtithe gníomhacha."<br>3. Cúrsaí curaclambhunaithe a chur chun cinn i scoileanna BOO lena n-áirítear<br>- Foghlaim Lasmuigh chun tacú le Corpoideachas & Folláine.<br>- Gearrchúrsa Treodóireachta na Sraithe Sóisearaí don CBA Treodóireachta (Measúnuithe Seomra Ranga) a eagrú.<br>- Imeacht Treodóireachta Bliantúil na Scoileanna.<br>- Comórtas Bollánóireachta na Scoileanna.<br>- Pacáistí cianfhoghlama a fhorbairt do scoileanna chun cláir bhreise bunaithe ar theoiric a chur ar fáil do scoileanna. | ag Scoil Samhraidh Mheáncheannairí ETBI, a d'eagraigh Stiúrthóir Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i dteannta le ETBI in Ollscoil Luimnigh.<br><br>Chuir ionad Bhoirne agus Chill Fhionáin réimse leathan gníomhaíochtaí agus áiseanna ar fáil do scoileanna, agus chomhoibrigh an dá ionad le scoileanna BOO chun cláir folláine a fhorbairt. Is léir ó na háirithintí go raibh an-éileamh ar an dá ionad in 2022, éileamh ónár gColáistí Pobail, Scoileanna Pobail agus Pobalscoileanna Náisiúnta BOO. |
| | Leanfaidh **Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOCL** ar aghaidh ag tacú le forbairt an dá Lárionad Oideachais Lasmuigh in 2022, trí thacaíocht a chur ar fáil chun deiseanna maoinithe a aimsiú ionas gur féidir infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar na Lárionad agus ionas gur féidir freastal ar riachtanais deisiúcháin agus chothabhála. | Rinneadh mionoibreacha deisiúcháin agus cothabhála sa dá Ionad OEC i rith 2022. Cuireadh tús le huasghrádú mór ar an soilsiú éigeandála agus ar an aláram dóiteáin in OEC Chill Fhíonáin in 2022, uasghrádú atá le cur i gcrích ag tús 2023. Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe tuilleadh infheistíochta a dhéanamh in oibreacha athsholáthair dín agus i gcóiríocht foirne. |
| | Cuirfidh an Rannán FET ról na foghlama ó thaithí chun cinn mar chonair chuig breisoideachas agus fostaíocht trína oideachas lasmuigh (Kayak4Dads le haithreacha agus máithreacha ó phobal de phobal an Lucht Siúil in 2022; Croíscileanna an Chláir/SICAP do mhná den Lucht Siúil ó Bhóthar Childers agus Caladh an Treoigh ag baint úsáid as ceardaíocht agus cócaireacht ar mhaithe le neartú foirniúlachta; i gcomhar leis an Straitéis Oideachais um Chosc Drugaí/CDP Chathair Luimnigh, cúrsa faoi chúram capall d'fhir de | In 2022, tháinig méadú ar líon na gconairí chuig FET agus trí chomhpháirtíocht fheabhsaithe, tá dul chun cinn breise déanta i réimse an Bhreisoideachais agus na hOiliúna. |

| | | |
|---|---|---|
| | phobal an Lucht Siúil agus dá mic; tionscadal tiontaithe veain champála) agus cúrsaí san oideachas ceoil a chur ar fáil;<br>Tá BOOLC ag feidhmiú mar chathaoirleach ar chomhpháirtíocht Luimneach ag Foghlaim a bhfuil sé mar aidhm leis Luimneach a fhorbairt mar Réigiún Foghlama. Páirteach san obair tá baill ó na hearnálacha seo a leanas - Rialtas Áitiúil, Ardoideachas, Breisoideachas agus Oiliúint, Forbairt Áitiúil, Oideachas Pobail, Cultúr agus Ealaíona, Obair Óige, Leas Sóisialach, Cúram Leanaí, Lánpháirtiú Imirceach, Seirbhísí Meabhairshláinte agus Skillnet Chomhlachas Luimnigh. In 2022, eagróidh an chomhpháirtíocht, faoi stiúir an BOO, Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Chomhpháirtíocht PAUL, Féile Foghlama Luimnigh, féile nua, agus tionscnaimh ghaolmhara. | |

**Sprioc Straitéiseach 2 – Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta**

Aidhm: Timpeallacht oibre atá comhoibríoch, tacúil, ionchuimsitheach, comhbhách, sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil do gach ball foirne, trí thacaíochtaí freagrúla ábhartha, cumarsáid oscailte agus beartais agus nósanna imeachta cuí a sholáthar, a mbeidh cultúr de mheas, dínit, comhionannas agus forbairt ghairmiúil leanúnach mar bhonn léi.

Is é an aidhm atá leis seo timpeallacht oibre dhearfach a chruthú a bhfuil cultúr de mheas, dínit agus comhionannas mar bhonn léi.

| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | Gealltanas i bPlean Seirbhíse 2022 | Éachtaí in 2022 |
|---|---|---|
| 2.1 Straitéisí earcaíochta agus ionduchtaithe solúbtha a fhorbairt chun na baill foirne den chaighdeán is airde a mhealladh, a earcú agus a choinneáil. | Cinnteoidh **Roinn Acmhainní Daonna** an BOO go mbeidh dea-chleachtas i bhfeidhm i dtaca le hearcú agus roghnú foirne san eagraíocht trí chéile in 2022. San áireamh sa phróiseas seo beidh sonraíocht fostaí, sainchuntais phoist, doiciméid agallamh ar bhonn inniúlachta chun tacú leis an bpróiseas agallaimh, beartais earcaíochta agus roghnúcháin agus oiliúint chomhaltaí an bhoird agallaimh. | Trí bheith ag obair i gcomhar le scoileanna BOOLC agus rannáin FET, bhainistigh an Roinn Acmhainní Daonna earcú agus roghnú 304 pearsanra agus cuireadh 40 post Ceannaireachta agus Bainistíochta ar fáil inár scoileanna in 2022 chun tacú le seirbhísí a chur ar fáil do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí BOOLC agus cinntíodh go raibh aird á thabhairt ar dhea-chleachtas agus go raibh oibleagáidí reachtúla á gcomhlíonadh i rith 2022. |
| | Éascóidh **Rannán Scoileanna** an BOO imeacht ionduchtaithe (ar líne) go luath i mí Mheán Fómhair 2022 chun aird a tharraingt ar na tacaíochtaí atá ar fáil do mhúinteoirí agus SNAnna nuacheaptha i scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir sna réimsí seo:<br>• Straitéisí Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe.<br>• Tacaíochtaí Forbartha Gairmiúla ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.<br>• Treoir maidir le straitéisí bainistíochta ranga.<br>• Úsáid na foghlama le cuidiú teicneolaíochta.<br>• Folláine.<br>Folláine phearsanta agus tacaíochtaí atá ar fáil don fhoireann mar chuid de Sheirbhís Chúnta Fostaithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. | Ar an 12ú Meán Fómhair éascaíodh cúrsa ionduchtúcháin do Mhúinteoirí agus SNAnna nuacheaptha ar Zoom san eagraíocht trí chéile. D'fhreastail neart ball foirne ar an gcúrsa seo agus tá sé beartaithe cúrsa eile a reáchtáil in 2023 ó tharla go raibh an t-aiseolas a fuarthas faoin gcúrsa seo an-dearfach. |

| | | |
|---|---|---|
| 2.2 Beartas forbartha gairmiúla leanúnaí a chur i bhfeidhm agus a choinneáil cothrom le dáta ina léirítear cuspóirí na heagraíochta agus tiomantas na heagraíochta d'fhás agus d'fhorbairt fostaithe. | Leanfaidh **Rannán Scoileanna** BOO ar aghaidh le haird a thabhairt ar dhea-chleachtas trí thacaíocht a chur ar fáil do scoileanna trí laethanta braislithe, cur chuige ar cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair 2019. Beifear ag díriú ar na gníomhartha sonracha seo a leanas in 2022:<br>• Beidh rochtain ag scoileanna ar chomhairle agus tacaíocht trí thairseach na scoileanna laistigh de StaffCONNECT.<br>• Tacófar le fóram na gCeannairí Digiteacha trí dheiseanna a thabhairt do bhaill foirne breithmheas a dhéanamh ar a gcuid oibre agus tairbhe a bhaint as cúrsaí uasoiliúna ionas go mbeidh ar a gcumas tionscnaimh foghlama digití a stiúradh ag leibhéal scoile.<br>• Tairgfear tacaíochtaí saincheaptha do scoileanna a úsáideann MS Office 365, sa chaoi is go mbeidh siad in ann suíomhanna MS SharePoint a úsáid ina scoileanna chomh maith le MS Teams.<br>• Leanfaidh an BOO ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar fhóram Ghrúpa Oideachais Google chun tacú le scoileanna atá páirteach sa BOO agus lonnaithe ar fud na hÉireann.<br>• Déanfar nuashonrú ar an tacar de thacaíochtaí atá ar fáil chun tacú le dea-chleachtas a bhaineann le straitéisí chun tairbhe a bhaint as Cianfhoghlaim (RL) agus nuashonrófar an tacar de réir mar is gá.<br>• Aiseolas maidir le dul chun cinn a gcuid páistí a chur ar fáil go rialta do thuismitheoirí na bhfoghlaimeoirí inár scoileanna.<br>• Gach cruinniú Tuismitheoirí is Múinteoirí i scoileanna a reáchtáil mar chruinnithe físchomhdhála trí úsáid a bhaint as Zoom, Microsoft Teams nó Google Meets. | I rith 2022, rinneadh forbairt shuntasach ar shuíomhanna SharePoint agus cainéil Teams ar StaffCONNECT ar mhaithe leis na hacmhainní is déanaí agus is ábhartha do scoileanna a ullmhú. Eagraíodh ceithre chruinniú de chuid na gCeannairí Digiteacha le linn 2022, lena n-áirítear cruinniú amháin leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Teicneolaíocht san Oideachas (SFGM), maidir le Straitéis Dhigiteach do Scoileanna na Roinne Oideachais a seoladh le déanaí. Tá SFGM maoinithe ag an Rannóg Oideachais Múinteoirí (ROM) sa Roinn Oideachais (RO) agus tá sí á bainistiú ag Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar.<br>Reáchtáil Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir seimineár ar líne do na múinteoirí nuacheaptha go léir a thosaigh ag obair ina scoileanna ó Mheán Fómhair 2021 ag cruinniú speisialta ar líne le Príomhfheidhmeannach an údaráis, an tUasal George O' Callaghan, Stiúrthóir na Scoileanna, an tUasal Donncha Ó Treasaigh, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta, Shelagh Graham, Uasal agus Foireann Tacaíochta Rannáin na Scoile i Meán Fómhair 2022. Ba é cuspóir na hócáide seo forbhreathnú a thabhairt do bhaill foirne nuacheaptha ar Rannán Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus ar an tacaíocht atá ar fáil do mhúinteoirí ar fud an BOO. D'fhreastail 127 múinteoir ar an seisiún seo. |

| | | |
|---|---|---|
| 2.2 Beartas forbartha gairmiúla leanúnaí a chur i bhfeidhm agus a choinneáil cothrom le dáta ina léirítear cuspóirí na heagraíochta agus tiomantas na heagraíochta d'fhás agus d'fhorbairt fostaithe. | Cinnteoidh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** an BOO go leanfar le deiseanna forbartha gairmiúla a thairiscint do bhaill foirne ó gach grád mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach in 2022. | Cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do gach grád foirne in 2022 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Tugadh tacaíocht do go leor ball foirne tríd an gCiste um Fhorbairt Ghairmiúil Foirne agus trí ardáin FGL ar nós MOODLE, Privacy Engine agus CORE University |
| | **Forbairt Ghairmiúil Rannán FET** an BOO: Le linn 2022, cuirfidh an fhoireann Forfheidhmithe um Fhorbairt Ghairmiúil deiseanna ar fáil do bhaill foirne FET lena chinntiú go bhfuil siad ag freastal ar riachtanais foghlaimeoirí trí úsáid a bhaint as scileanna agus modheolaíochtaí atá oiriúnach agus cothrom le dáta.<br>I measc na ngníomhartha a mbeifear ag díriú orthu in 2022 tá:<br>• Tairbhe a bhaint as Clár Erasmus+ an AE chun deiseanna foghlama a chur ar fáil do bhaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí i gcomhthéacsanna éagsúla Gairmoideachais agus Gairmoiliúna (VET) san Eoraip.<br>• Oibriú leis na Foirne Forfheidhmithe, Seirbhísí Corparáideacha agus Bainisteoirí chun tabhairt faoi anailís ar riachtanais oiliúna chun Féilire um Fhorbairt Ghairmiúil 2022 a fhorbairt.<br>• Creat Foghlama agus Forbartha Gairmiúla SOLAS FET le haghaidh FET a chur i bhfeidhm in 2022. | Leagtar amach i gCreat Straitéiseach Choláiste FET roinnt réimsí tosaíochta a mbeifear ag díriú orthu as seo go ceann cúig bliana, agus tá béim ar leith á leagan ar bhonneagar foirne agus deiseanna a chur ar fáil do Chleachtóirí Foghlama FET chun cur lena gcuid eolais agus saineolais.<br>Chun é sin a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta um Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil (2019-2024) cuimsitheach forbartha ag Coláiste FET. Trí dheiseanna éagsúla foghlama agus forbartha gairmiúla (F&FG) agus ionchur seachtrach, is é an aidhm atá leis an bplean seo caighdeáin ghairmiúla a chaomhnú agus ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta agus eagraíochtúla achinntiú.<br>Chun tacú lena fhoireann agus chun ailíniú le cuspóirí beartais náisiúnta agus áitiúla, soláthraíonn Coláiste FET clár leathan foghlama agus forbartha gairmiúla gach bliain. In 2022, eagraíodh thart ar 130 imeacht oiliúna go lárnach, agus fostaíodh 2,220 ball foirne ar fad. Mar chuid den chlár seo úsáidtear saineolas inmheánach agus seachtrach araon, tairgtear ceardlanna leathlae agus lae, dioplómaí speisialaithe agus céimeanna máistreachta, agus ardáin foghlama ar líne atá curtha in oiriúint chun freastal ar riachtanais shonracha. Tá achoimre le fáil sa tábla thíos ar na réimsí tosaíochta d'fhorbairt ghairmiúil agus samplaí d'imeachtaí a reáchtáladh in 2022.<br>I gColáiste FET, tuigimid an tábhacht a bhaineann le cumarsáid éifeachtach maidir le deiseanna foghlama agus forbartha gairmiúla (FG&L) a chur chun cinn. D'fhonn a chinntiú go bhfuil an t-eolas is déanaí ag ár bhfoireann, bhaineamar tairbhe as raon modhanna traidisiúnta agus nuálacha araon: |

- Sheolamar ár Nuachtlitir Wakelet míosúil, ina soláthraítear nuashonruithe rialta agus ina dtarraingítear aird ar dheiseanna F&FG a bheidh á reáchtáil go luath d'fhoireann FET. Le fáil sa nuachtlitir freisin tá naisc áirithinte agus chlárúcháin, d'fhonn a chinntiú go bhfuil ar chumas na foirne tairbhe a bhaint as gach deis FG&L.
- Is acmhainn luachmhar eile dár bhfoireann é an Féilire um Fhorbairt Ghairmiúil atá ar fáil ar StaffCONNECT, ina bhfuil faisnéis le fáil faoi FG&L atá eagraithe go lárnach agus faoi phríomhimeachtaí seachtracha.

Tá an tSeirbhís Tacaíochta FG&L tiomanta i gcónaí do chomhoibriú agus do chomhtháthú lenár gcomhghleacaithe eile ar fud Choláiste FET agus ag leibhéal náisiúnta. Oibríonn ár bhfoireann i ndlúthchomhar le Bainisteoirí Sinsearacha agus Seirbhísí Tacaíochta i réimsí straitéiseacha ar nós Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta, Dearbhú Cáilíochta, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, Ionchuimsiú Gníomhach, agus go leor eile, chun riachtanais forbartha gairmiúla a aithint.

Chomh maith leis sin, comhoibríonn an tSeirbhís Tacaíochta FG&L chun tionscnaimh agus cláir nuálacha FG&L a dhearadh agus a sheachadadh, agus cinntítear go bhfuil suaitheantas bronnta le haghaidh gach FG&L forbartha go lárnach, agus go bhfuil an FG&L seo á rianú agus go bhfuil monatóireacht á déanamh uirthi.

**Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim**

Ba bhliain chinniúnach eile í 2022 dár rannpháirtíocht i Suaitheantas Digiteach an Fhóraim Náisiúnta Teagaisc agus Foghlama i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim. Is í seo an cheathrú huair a bhfuil an suaitheantas á thairiscint againn agus an tríú huair a bhfuilimid páirteach sa rolladh amach náisiúnta. Bhí foireann de 3 éascaitheoir suaitheantais againn, a thacaigh le cohórt rannpháirtithe ó gach cúinne den Choláiste FET chomh maith le comhghleacaithe ó BOO Thiobraid Árann. Bronnadh Suaitheantas sa Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim ar 17 mball dár bhfoireann ar fad. Leanfaimid orainn ag tabhairt tús áite don chlár seo amach anseo, go háirithe i gcomhthéacs na Straitéise um Litearthacht don Saol d'Aosaigh, Straitéis SOLAS agus ár gCreat Straitéiseach féin. Tá sé beartaithe sárthaispeántas de thionscadail athdheartha a reáchtáil i mí an Mhárta 2023.

**Cúrsa Teagaisc agus Foghlama Ar Líne**

Cuireadh an clár seo ar fáil i bhFómhar 2022 thar thréimhse sé seachtaine. Lean an clár seo ar aghaidh le húsáid a bhaint as an tsamhail seachadta piarthreoraithe a raibh ranganna seachtainiúla beo, piarghrúpaí agus gníomhaíochtaí aisioncronacha san áireamh ann. Bhain naonúr rannpháirtithe an chláir seo tairbhe as buneolas faoi theagasc agus foghlaim ar líne agus cumaisc. Bhí tuairimí na rannpháirtithe maidir le hábharthacht agus úsáideacht an chúrsa an-dearfach

**Rolladh Amach ELC**

In 2022, reáchtáil an tSeirbhís Tacaíochta um Dhearbhú Cáilíochta sraith seisiún taithíochta clár agus nuashonruithe do Bhainisteoirí agus do Mhúinteoirí a raibh baint acu leis an gclár Foghlaim agus Chúram na Luath-Óige (ELC) nua a sholáthar. I rith na seisiúin seo díríodh ar ghnéithe éagsúla den chlár ELC lena n-áirítear dearbhú cáilíochta, ról agus freagrachtaí PPP, rochtain, aistriú, agus dul chun cinn, measúnú, agus eispéiris BOOnna eile. Chuir an 297 rannpháirtí in iúl gur bhain siad an-tairbhe as na seisiúin seo, múinteoirí, bainisteoirí, monatóirí agus comhordaitheoirí ina measc. Bhí an t-aiseolas dearfach a fuarthas dearfach agus bhain na rannpháirtithe taitneamh as an deis ullmhú do chur i bhfeidhm an chláir ELC.

**Tionscadal Píolótach Micridhintiúr le hOllscoil Luimnigh**

Moladh an tionscnamh píolótach seo in 2022 agus bhí sé dírithe ar dheiseanna a thabhairt do bhainisteoirí a gcuid eolais agus scileanna a fheabhsú i réimsí éagsúla bainistíochta agus ceannaireachta. Tá an clár píolótach ar siúl go leanúnach agus tabharfaidh an mheastóireacht a dhéanfar uirthi léargas tábhachtach ar éifeachtacht an chláir oiliúna, a bheidh úsáideach chun cinntí a dhéanamh faoi thodhchaí an chláir oiliúna.

**Idirnáisiúnú - Erasmus Plus**

In 2022, ceadaíodh dhá thionscadal creidiúnaithe foghlama agus forbartha Gairmiúla Fhoireann Choláiste FET – tionscadal amháin a bhí bunaithe ar VET agus tionscadal eile a bhí bunaithe ar Oideachas Aosach. Is lipéad cáilíochta é creidiúnú Erasmus+ a bhronnann an Coimisiún Eorpach ar eagraíochtaí a bhfuil tionscadail ardchaighdeáin curtha i bhfeidhm acu go rathúil faoin gclár Erasmus+. Cuireann an clár le cáil agus creidiúnacht na heagraíochta agus soláthraíonn sé

| | | |
|---|---|---|
| | | infheictheacht agus aitheantas níos fearr ag an leibhéal Eorpach. Mar chuid de na hiarratais, d'fhorbair Coláiste FET 'Pleananna Erasmus' a nascann gníomhaíochtaí soghluaisteachta le riachtanais agus cuspóirí ár n-eagraíochta, lena n-áirítear riachtanais agus cuspóirí QAIR agus ár gCreata Straitéisigh. Tríd is tríd, tá súil againn deiseanna soghluaisteachta a chruthú do bheagnach 200 ball foirne thar shaolré an tionscadail.<br>In 2022, d'fhill an chéad ghrúpa a bhain tairbhe as deiseanna soghluaisteachta i ndiaidh na paindéime; thaistil 18 mball foirne chuig áiteanna ar nós na hÍoslainne, na hIodáile agus na hEastóine chun freastal ar chúrsaí/ar chomhdhálacha. D'óstáil Coláiste FET roinnt ball foirne ón Iorua mar chuid de shocrú scáthfhoghlama in 2021 agus 2022 araon. |
| 2.3 Baill foirne a spreagadh, a mhealladh agus a dhreasú chun páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach. | Cinnteoidh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** an BOO go leanfar le deiseanna forbartha gairmiúla a thairiscint do bhaill foirne ó gach grád mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach in 2022. | Cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do gach grád foirne in 2022 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Chomh maith leis sin, tacaíodh le neart ball foirne tríd an gCiste um Fhorbairt Ghairmiúil Foirne agus trí ardáin FGL eile ar nós Moodle, eCollege agus CORE University. Eagraíodh cúrsaí oiliúna praiticiúla faoi phacáistí bogearraí in 2022. Mar gheall ar an bpaindéim dhomhanda, eagraíodh cúrsaí san fhorbairt ghairmiúil ar líne.<br>Tá FGL agus Uasoiliúint leanúnach fhoireann TFC ar siúl. Ina measc seo, bhí roinnt laethanta oiliúna a bhí dírithe ar MS SharePoint, PowerApps, MS Office365 Teams. Ina theannta sin, d'fhreagair baill foirne do na riachtanais uasoiliúna a theastaíonn chun freastal d'athruithe reachtacha, lena n-áirítear oiliúint ar líne agus freastal ar sheimineáir faoi ábhair éagsúla lena n-áirítear: Saoráil Faisnéise, RGCS, Cibearfheasacht, an Clár Ríomhfhoghlama um Thús Áite do Leanaí, an Cód Rialachais do Charthanais, Sábháilteacht ó Dhóiteán, agus Sláinte agus Sábháilteacht.<br>Tá BOOLC ag leanúint ar aghaidh lena chumas foghlama ar líne a fheabhsú trí thacar físeán oiliúna intí atá uaslódáilte chuig Privacy Engine. Tá na físeáin oiliúna seo in úsáid mar chuid de phróiseas ionduchtaithe gach ball foirne nuacheaptha Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.<br>Bhí oiliúint FGL maidir le Cumhdach á cur ar fáil go leanúnach in 2022 agus tá clár cothrom le dáta de na DLPanna agus na DDLPanna go léir á choinneáil. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Cuireadh cúrsaí oiliúna athnuachana ar fáil do DLPanna agus DDLPanna in 2022.<br>Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar Thacaíochtaí agus Acmhainní d'fhonn a chinntiú go bhfuil Nósanna Imeachta um Chumhdach agus Cosaint Leanaí á gcomhlíonadh.<br>Cuireadh cúrsaí oiliúna don Bhord Bainistíochta ar fáil do Bhoird Bhainistíochta na scoileanna ar fad trí Zoom agus cuireadh meastóireachtaí i gcrích maidir le leibhéil sástachta na gcúrsaí oiliúna.<br>Cuireadh oiliúint éigeantach ar gach ball foirne a earcaíodh in 2022 maidir le Nósanna Imeachta um Chumhdach/Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017 agus léirítear comhlíonadh sa réimse seo trínár mbogearraí saincheaptha, Privacy Engine, a úsáidtear chun an comhlíonadh sin a thaifeadadh agus a léiriú.<br>Rinneadh athbhreithniú cumhdaigh in 2022 d'fhonn a chinntiú go raibh gach seicliosta, athbhreithniú agus dearbhú scoileanna agus campas a bhaineann le riachtanais Chumhdaigh Leanaí á dtiomsú. |
| | Deiseanna Forbartha Gairmiúla (FG) le linn 2022.<br>I measc na ngníomhartha a mbeifear ag díriú orthu in 2022 tá:<br>• Tacaíocht bhreise a chur ar fáil do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí nuacheaptha trí chlár meantóireachta Cheannairí Scoileanna an BOO.<br>• Próiseas promhaidh do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus Múinteoirí curtha i gcrích i ngach scoil, chomh maith le Cláir Dearbhaithe Cáilíochta NIPT.<br>• Plean oiliúna agus tacaíochta breise a chur i bhfeidhm le haghaidh Ceannairí Curaclaim, comhordaitheoirí Feabhsú Scoile a Stiúradh (LSI) agus Ceannairí Digiteacha.<br>• Forbairt leanúnach Fhóram Comhordaitheoirí na hIdirbhliana chun tacú le clár na hIdirbhliana.<br>• Tuilleadh forbartha ar mhúinteoirí mar cheannairí i réimsí amhail curaclam, cúrsaí | In 2022, d'eagraigh Rannán Scoileanna BOO raon cuimsitheach cúrsaí agus seimineár forbartha gairmiúla do mhúinteoirí scoileanna BOO. Ba é an aidhm a bhí leis na cúrsaí agus seimineáir seo freastal ar riachtanais athraitheacha scoileanna agus tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí, agus cur lena róil cheannaireachta i scoileanna.<br>D'eagraigh Rannán na Scoileanna seimineáir tacaíochta agus cúrsaí oiliúna do phearsanra iar-bhunscoile i réimsí éagsúla, lena n-áirítear oiliúint don Cheann Bliana, oiliúint maidir le Braislí Digiteacha agus pobal dea-chleachtais Lá 1, Cruinniú Lá Braislithe 2 Chomhordaitheoirí na Foirne Tacaíochta do Mhic Léinn, Cruinniú an Ghrúpa Oibre um Fhoghlaim Dhigiteach, agus Lá Braislithe 1 den Fhoghlaim, Teagasc agus Measúnú Ionchuimsitheach (LILTA) a Threorú.<br>D'éascaigh Rannán na Scoileanna cruinnithe le foirne tacaíochta aonair na mac léinn i scoileanna an údaráis, agus tá na foirne fós ag obair ar bhonn réamhghníomhach chun tacú le mic léinn atá i mbaol. Bhuail comhordaitheoirí fhoirne tacaíochta na mac léinn le |

| | | |
|---|---|---|
| | digiteacha, uileghabhálacht agus tacaíocht do mhic léinn.<br>• Clár leasaithe de phlean forbartha gairmiúla na bhFoirne Tacaíochta do scoileanna a chur i bhfeidhm ina n-áireofar:<br>- Tacaíocht do Scoileanna DEIS.<br>- Forbairt Ghairmiúil i dtaca le hÉiteas a chur chun cinn i scoileanna.<br>- Acmhainní agus Uasoiliúint do Ranganna Speisialta.<br>- Clár Forbartha Gairmiúla maidir le Guth na Mac Léinn do scoileanna.<br>Oiliúint Chomhairle na Mac Léinn do scoileanna an líonra Tacaíochta Corpoideachais agus Folláine. | chéile ceithre huaire le linn 2022.<br>D'éascaigh Rannán na Scoileanna seisiún oiliúna dhá lá d'fhoirne tacaíochta nuacheaptha na mac léinn i mí Dheireadh Fómhair 2022. Chomhordaigh an Stiúrthóir Scoileanna an oiliúint seo, a cuireadh ar fáil mar chuid de chur chuige ilghníomhaireachta, le hionchur ó raon seirbhísí agus grúpaí i réigiún Luimnigh agus an Chláir, lena n-áirítear NEPS, TUSLA, roinn AD an BOO, Tionscadal Children's Grief, Jigsaw agus Foireann Tacaíochta Rannán Scoileanna an BOO. |
| 2.4 Cultúr a spreagadh agus a chur chun cinn atá bunaithe ar na luachanna seo a leanas - ceannaireacht, cóitseáil agus meantóireacht gach ball foirne. | Dearadh struchtúr **Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** an BOO chun ceannaireacht agus nuálaíocht a chur chun cinn i measc ball foirne ar gach grád. Le linn 2022, leanfar le cruinnithe foirne struchtúrtha rialta, ag leibhéal roinne agus trasrannach. San áireamh i measc na ngníomhartha breise a chuirfear i bhfeidhm in 2022 tá:<br>Tacú le rannpháirtíocht na foirne i bhfóraim, líonraí agus meithleacha oibre náisiúnta éagsúla, agus ar an gcaoi sin, deiseanna a chur ar fáil chun beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus chun dea-chleachtas a chur chun cinn. | Ionadaíocht foirne ag cruinnithe fhóram ETBI maidir le hAcmhainní Daonna, Airgeadas, Rialachas Corparáideach, Cosaint Sonraí/Saoráil Faisnéise agus Comhlíonadh Rialachais. Buaileann na grúpaí seo le chéile go rialta ar líne agus go pearsanta chun dea-chleachtas a roinnt agus chun cur leis an dea-chleachtas agus chun bonn eolais a chur faoi.<br>Ghlac baill foirne ón Rannóg C & P páirt san Fhóram Náisiúnta Soláthair agus i bhFóram na bhFoirgneamh.<br>D'oibrigh foireann BOOLC le OGP, EPS agus BOOnna eile ar thairiscintí náisiúnta agus earnála. |
| | Tabharfaidh **Rannán Scoileanna** an BOO tacaíocht do phobail scoile in 2022, chun ceannaireacht agus saineolas a fhorbairt trí na gníomhartha seo a leanas:<br>- Leanfar le cruinnithe rialta Fhóram na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí a eagrú in 2022.<br>- Bainfear úsáid as tacaíochtaí chun ceannaireacht dáilte a chur i bhfeidhm ag an leibhéal cuí i rith 2022 agus beidh deis ag Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí freastal | Le linn 2022, lean Rannán Scoileanna an BOO ar aghaidh ag eagrú cruinnithe seachtainiúla do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, nuair ba ghá, chun cabhrú le scoileanna na dúshláin a bhain le paindéim COVID-19 a bhainistiú. Tionóladh na cruinnithe seo i gcomhpháirt le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí araon a bhí i láthair. Chomh maith leis sin, d'fhorbair an rannán acmhainní chun cabhrú le scoileanna, a dáileadh trí ríomhphost agus Cainéal Microsoft Teams na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí.<br>Anuas air sin, thairg an rannán cúrsaí meantóireachta do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí nuacheaptha i rith na bliana.<br>Ghlac Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí páirt i gComhdháil TFC |

| | | |
|---|---|---|
| | ar chruinnithe uile na gCeannairí Scoile.<br>- Déanfar Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí meantóra a oiliúint chun oibriú le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nuacheaptha in 2022.<br>- Forbrófar, eagrófar agus cuirfear Clár Meánbhainisteoirí (ar líne) ar fáil do Phríomhoidí Cúnta ar fud líonra na scoileanna i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál, Durlas.<br>- Tiomsófar grúpa poist de na Príomhoidí Cúnta go léir chun ábhar ábhartha maidir le cúrsaí ceannaireachta a roinnt.<br>- Éascófar foireann na scoileanna chun páirt a ghlacadh i bhFóraim Náisiúnta agus chun cur leo, lena n-áirítear Líonra Príomhoidí BOOÉ, Comhdháil Oideachais Bhliantúil Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus Clár Ionduchtaithe BOOÉ do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nuacheaptha. | BOOÉ, a d'eagraigh Rannán Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i mí Meithimh 2022 (www.ictconference.ie). Ina theannta sin, bhain siad leas as ceithre chomhdháil ar líne a d'eagraigh BOOÉ chun tacú le scoileanna i rith na bliana.<br>Seimineáir do Phríomhoidí Cúnta<br>D'eagraigh Rannán na Scoileanna sraith seimineár do Phríomhoidí Cúnta na gColáistí Pobail le linn 2022 i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál, Durlas.<br>Ba é cuspóir na seimineár seo rannpháirtithe a spreagadh agus tacú leo chun an méid a chiallaíonn agus a iarrann an Fhoireann Mheánbhainistíochta orthu a cheistiú, bunaithe ar theoiric agus ar chleachtas feidhmeach. Thacaigh an tsraith seo le rannpháirtithe chun cur lena n-inniúlacht agus lena muinín maidir le freagairt d'athruithe i scoileanna.<br>Gné eile de na seimineáir seo gur tugadh deis líonraithe do na rannpháirtithe trí Sheomraí Plé a eagrú le haghaidh leath den seisiún agus díríodh ar an méid seo a leanas;<br>- Cultúr, Iontaoibh & Foirne Rathúla<br>- Athrú a Bhainistiú<br>- Cumarsáid Éifeachtach<br>- Cleachtas Machnamhach<br>Comhoibriú le Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh<br>D'óstáil Rannán na Scoileanna roinnt seimineár ar líne do mhic léinn Scoil Oideachais Ollscoil Luimnigh sular thug siad faoi shocrúchán scoile. Tugadh léargas do na múinteoirí faoi oiliúint seo i rith gach seimineár ar líne, 'Teagasc & Foghlaim i scoileanna i ndiaidh Covid: Peirspictíocht Scoileanna' ar na réimsí seo a leanas;<br>• Beartas agus Treoirlínte Náisiúnta<br>• Breithniúcháin sláinte agus sábháilteachta<br>• Athruithe ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú<br>• Tacaíochtaí do mhúinteoirí<br>Seimineáir do Thuismitheoirí & Caomhnóirí<br>D'eagraigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir sraith seimineár speisialta ar líne do thuismitheoirí/caomhnóirí leanaí a fhreastalaíonn ar scoileanna, seimineáir maidir le hábhair thábhachtacha do thuismitheoirí. Bhí an chéad seimineár dírithe ar |

| | | |
|---|---|---|
| | | thábhacht na codlata agus conas is féidir linn a chinntiú go mbainfidh ár leanaí tairbhe as gnáthamh maith codlata, seimineár a bhí á reáchtáil ag an gcomhairleoir Tom Coleman. Tá níos mó spéise á léiriú ag tuismitheoirí agus caomhnóirí, de réir a chéile, sna seimineáir atá á reáchtáil ar fud Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. |
| 2.5 Chun Plean Gnímh um Chomhionannas, Éagsúlacht, agus Ionchuimsiú a chur i bhfeidhm mar chuid dár nDualgas Earnála Poiblí. | A chinntiú go ndéanann an Tuarascáil Mheasúnaithe a foilsíodh in 2021, eolas do thráthanna tábhachtacha de thimthriall pleanála agus athbhreithnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, is go mbeidh sí mar dhlúthchuid díobh | Laistigh den Rannán FET, chuir Tuarascáil Mheasúnaithe Dhualgas na hEarnála Poiblí bonn eolais faoi fhorbairt an Chreata Straitéisigh nua FET agus roinnt Creataí agus Doiciméid Beartas sonrach FET lena n-áirítear:<br>o Creat Straitéiseach Choláiste FET 2022 - 2025<br>o Creat Meabhairshláinte & Folláine Foghlaimeoirí Choláiste FET<br>o Creat d'Fhoghlaimeoirí ESOL & Foghlaimeoirí Imircigh Choláiste FET<br>o Beartas Rochtana, Aistrithe agus Dul Chun Cinn Choláiste FET<br>o Creat Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Choláiste FET |
| | Mar chuid de Chéim Mheasúnaithe ár nDualgais Earnála Poiblí, i mí Mheán Fómhair 2021, d'fhoilsigh an BOO ár measúnú ar na ceisteanna cearta daonna agus comhionannais atá roimh ár bpáirtithe leasmhara ó gach ceann den 9 bhforas idirdhealaitheacha, chomh maith le daoine atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. Tuarascáil Mheasúnaithe Dhualgas na hEarnála Poiblí BOO Luimnigh & an Chláir (lcetb.ie)<br>Mar fhreagra air sin, tá sé mar aidhm ag Rannán FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a chinntiú, a oiread agus is féidir le réasún, go dtugtar tacaíochtaí atá saincheaptha dóibh do gach foghlaimeoir chun ligean dóibh páirt iomlán a ghlacadh sna deiseanna oideachais atá ar fáil dóibh agus tairbhe a bhaint astu.<br>Ceanglaíonn an Dualgas Earnála Poiblí ar an BOO an bealach a bhfuil Comhionannais agus Cearta Daoine á leabú ina phróisis phleanála agus tuairiscithe aige | Le linn 2022, d'úsáid an Rannán FET an measúnú chun bonn eolais a sholáthar don mhéid seo a leanas:<br>• **Réimsí gníomhaíochta a d'fhéadfadh an tionchar is mó a bheith acu (le haghaidh roinnt grúpaí aitheanta agus/nó i gcás roinnt réimsí feidhme agus/nó chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas nó idirdhealú ag leibhéal sistéamach)**. I rith 2022 díríodh ar an méid seo a leanas:<br>o Comhordaitheoir ESOL agus Foghlaimeoirí Imiricigh a cheapadh mar aon le Treoirchomhairleoir Sonrach d'Imircigh faoin gcreat nua dar teideal Creat d'Fhoghlaimeoirí ESOL & Foghlaimeoirí Imiricigh Choláiste FET<br>o Ceapadh Oideoirí Aosaigh Conairí X 2 chun tacú le grúpaí faoi ghannionadaíocht aistriú chuig FET lena n-áirítear Tionscadail a Bhaineann go Sonrach le pobal an Lucht Siúil/pobal na Romach<br>o Buiséad ESOL a ardú agus soláthar a athrú chun freagairt do thart ar 8,000 Úcránach breise i réigiún an BOO.<br>o Foireann Freagartha na hÚcráine Rannán FET a bhunú trí |

| | | |
|---|---|---|
| | a Mheasúnú, a Mhíniú agus a Thuairisciú. | úsáid a bhaint as MS Teams agus Sceideal de Chruinnithe Seachtainiúla.<br>○ Ionadaíocht an rannáin FET ag Fóraim Phobail na nÚdarás Áitiúil sa Chlár agus i Luimneach.<br>○ Tacú le Creat Meabhairshláinte & Folláine Foghlaimeoirí Choláiste FET agus maoiniú a chur ar fáil d'Fhoirne Meabhairshláinte agus Folláine Campais chun imeachtaí sonracha a reáchtáil.<br>○ Maoiniú a fháil faoi REACH 2022 chun rochtain a sholáthar ar Chiste Cúnaimh d'Fhoghlaimeoirí 2022 d'Fhoghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu a mbíonn tionchar acu ar a gcuid foghlama.<br>○ Maoiniú a fháil trí REACH 2022 chun cabhrú le costais iompair d'fhoghlaimeoirí a bhfuil IPAS ag freastal orthu in ionaid nach bhfuil gar do Champas FET.<br>• **Réimsí gníomhaíochta a chuir leis an obair chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine in 2022.**<br>○ Nuashonrú faisnéis feasachta maidir le míchumas do Chleachtóirí FET Reachtaíocht agus Teanga Feasachta Míchumais Choláiste FET agus Feasacht ar Mhíchumas i Seomra Ranga FET Choláiste FET<br>○ Cúrsaí Oiliúna Feasachta Míchumais a chur ar fáil ar Champais Choláiste FET<br>○ Dearadh Uilíoch a Chur ar Fáil le haghaidh Oiliúint Foghlama d'Fhoireann FET.<br>○ Beartas nua dar teideal Beartas Aistrithe agus Dul Chun Cinn Choláiste FET a fhorbairt<br>○ Creat nua dar teideal Creat Tacaíochta Foghlaimeora Choláiste FET a fhorbairt |
| 2.6 A chinntiú go bhfuil gach foirgneamh BOO ag feidhmiú ag an gcaighdeán is airde agus is féidir do gach duine. | Leanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC leis an gClár Infheistíochta Caipitil ilbhliantúil a chur i bhfeidhm i ngach scoil BOOLC le linn 2022 chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag Mic Léinn agus Baill Foirne ar na háiseanna oideachais den chaighdeán is airde. San áireamh anseo tá infheistíocht shuntasach sna tionscadail Chaipitil seo a leanas in 2022: | Achoimre ar Éachtaí 2022:<br>• Forbairt deartha do Scoileanna Náisiúnta Pobail nua ar láithreáin úrnua - Scoil an Raithin agus Scoil Mhol an Óige.<br>• Cuireadh críoch leis an síneadh neamhspleách nua ag Coláiste Pobail na hInse in 2022.<br>• Rinneadh dul chun cinn ar thógáil Ghaelcholáiste Luimnigh nua ar an suíomh agus tá sé beartaithe an tionscadal a chríochnú roimh |

| | | |
|---|---|---|
| | • Campas Nua Ghaelcholáiste Luimnigh do 750 mac léinn.<br>• Coláiste Pobail Mhungairit nua a bheidh in ann freastal ar 1,000 mac léinn.<br>• Scoil Náisiúnta Pobail Nua Mhol an Óige.<br>• Scoil Náisiúnta Pobail Nua Choillte Raithin.<br>• Síneadh a chur le Coláiste Pobail Thuamhan.<br>• Síneadh a chur le Coláiste Pobail na Scairbhe.<br>• Síneadh a chur le Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco<br>• Síneadh a chur le Coláiste Chaladh an Treoigh.<br><br>Ina theannta sin, tacóidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC le scoileanna nach scoileanna BOOLC iad in 2022, lena n-áirítear:<br>• Gaelscoil Mhichíl Cíosóg.<br>• Scoil an Chroí Rónaofa, Móin an Lín.<br>• Gaelscoil Donncha Rua, Sionainn.<br>• Bunscoil Naomh Muire, Luimneach.<br>• Coláiste na Sailéiseach, Pailís Chaonraí.<br>• Bunscoil Bhríde, Luimneach.<br>• Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn.<br>• Scoil San Cleimint, Luimneach.<br>• Gaelscoil Uí Choimín, Cill Rois.<br>Forbróidh an Rannóg Caipitil agus Soláthair na tionscadail mhóra FET seo a leanas in 2022:<br>• Campas Raithin FETC<br>• Campas na Sionainne FETC<br>• Campas an Chaisleáin Nua FETC<br>• Campas na Scairbhe FETC<br><br>Le linn 2022, leanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC ar aghaidh le timthriall pleanáilte feabhsúchán ar áiseanna trí scéim oibreacha an tsamhraidh, scéim na n-oibreacha éigeandála agus tríd an Scéim Deontas Caipitil Spóirt in áiteanna éagsúla. | dheireadh 2023.<br>• Cuireadh tús le tógáil Coláiste Pobail Mhungairit nua ar an láthair le linn Ráithe 2022 agus tá sé beartaithe an tionscadal a chríochnú i lár 2024.<br>• Cuireadh tús leis an síneadh a fhorbairt ag Coláiste Pobail na Scairbhe agus tá sé beartaithe an tionscadal a chríochnú i samhradh na bliana 2023.<br>• Cuireadh tús leis an síneadh a fhorbairt ag Coláiste Pobail Thuamhan agus tá sé beartaithe an tionscadal a chríochnú i Ráithe 4 2023.<br>• Tugadh cead pleanála don síneadh ag Gaelscoil Mhichíl Cíosóg in 2022. Ní fhéadfaí leanúint ar aghaidh leis an tionscadal seo, áfach, mar cuireadh achomharc in aghaidh an chinnidh sin faoi bhráid an Bhoird Pleanála. Táthar ag súil le cinneadh maidir leis an achomharc seo in 2023.<br>• Ceadaíodh iarratas pleanála chun an scoil atá ann faoi láthair a scartáil agus 32 Seomra Ranga nua a thógáil agus táthar ag súil go leanfar leis an bpróiseas tairisceana don tionscadal seo in 2023.<br>• Forbairt leanúnach dearaidh an tsínidh ar Choláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt agus tá sé beartaithe iarratas pleanála a dhéanamh in 2023.<br>• Pleanáil do thógáil bunscoil nua, Gaelscoil Donncha Rua, agus táthar ag súil go leanfar le próiseas tairisceana an tionscadail in 2023.<br>• Ceapadh Foireann Deartha chun tús a chur leis an bpróiseas deartha don síneadh atá le cur le Coláiste Chaladh an Treoigh.<br>Chomh maith leis na Mórthionscadail atá liostaithe thuas, seo a leanas achoimre ar éachtaí eile in 2022:<br>• Cuireadh tionscadail éagsúla Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Éigeandála i gcrích agus rinneadh dul chun cinn de réir mar a sonraíodh níos luaithe sa Tuarascáil.<br>• Maoiniú Caipitil Spóirt ceadaithe d'fhorbairt áiseanna i gColáiste Pobail na Scairbhe. Críochnaíodh an tionscadal Caipitil Spóirt chun an rian a uasghrádú i gColáiste Pobail Mhichíl in 2022.<br>Tionscadail Fuinnimh:<br>• Iarfheistiú domhainfhuinnimh Choláiste Iósaif, Cill Mocheallóg – Céim 2 críochnaithe in 2022. |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Conraitheoir ceaptha le haghaidh iarfheistiú domhainfhuinnimh Choláiste Pobail na hInse agus tá sé beartaithe tús a chur le hoibreacha ar an láthair i Ráithe 1 2023. |
| | **Bonneagar Breisoideachais agus Oiliúna:** Tá an BOO freagrach as 26 Coláiste agus Ionad FET. Tógadh roinnt mhaith de na foirgnimh seo ag tús na 1900idí agus tá athchóiriú suntasach chomh maith le deisiúchán agus cothabháil leanúnach le déanamh orthu. Éilíonn sé seo clár deisiúchán agus athfhorbartha leanúnach agus eagraítear tionscadail in ord tosaíochta chun freagairt do riachtanais.<br>Ó tharla go bhfuil buiséad agus clár caipitil i bhfeidhm anois faoi RBATNE/SOLAS, d'oibrigh an Rannóg Caiteachais & Soláthair i ndlúthchomhar le FET chun deiseanna maoinithe a aithint ar mhaithe le hinfheistíocht i mbonneagar FET a uasmhéadú.<br>• Lárionad FET, Ascaill Uí Chonaill: Ar mhaithe le Cuid M a chomhlíonadh, tá sé riachtanach ardaitheoir a shuiteáil laistigh den fhoirgneamh le rampa rochtana seachtrach do chathaoireacha rotha.<br>• Chun freastal ar éileamh méadaithe, cuirfear Ceardlanna agus Trealamh Printíseachta Leictreachais breise i bhfeidhm.<br>• Ceardlann Taispeántais Oiliúna NZEB a fhorbairt san Ionad FET, Campas Nuálaíochta Glaise.<br>• Dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le forbairtí ag Ionad FET, Campas Raithin agus Ionad FET, Campas na Sionainne.<br>• Dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le forbairtí ag iarláithreán Eircom in aice le Coláiste Breisoideachais Luimnigh i gCathair Luimnigh | Mar chuid de chur i bhfeidhm na dtosaíochtaí náisiúnta maidir le Bonneagar Caipitil FET, chomh maith le digitiú FET, rinneadh infheistíochtaí caipitil suntasacha agus fógraí suntasacha in 2022.<br>I mí na Nollag 2022, d'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, gur roghnaíodh BOOLC mar cheann de dheich n-ionad chun leanúint ar aghaidh le togra a fhorbairt do Choláiste Breisoideachais na Todhchaí ar Champas an Chaisleáin Nua, faoi Chiste Mórthionscadal Choláiste na Todhchaí. D'fhéadfadh an Ciste seo agus an fhorbairt bheartaithe i Luimneach raon cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus leanfar le Réamhchéim an Cháis Gnó in 2023. Beidh an tionscadal beartaithe dírithe ar chúrsaí digiteacha d'fhonn a chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar na tacair scileanna a theastaíonn uathu chun feidhmiú mar chuid den fhoireann oibre nua-aimseartha. Cruthaíonn sé deiseanna iontacha freisin d'fhoghlaimeoirí i gCo. Luimnigh leanúint ar aghaidh agus tairbhe a bhaint as FET agus HE.<br>Tháinig sé seo sna sála ar fhógra eile a rinneadh níos luaithe i mí Mheán Fómhair 2022, faoin gCiste Náisiúnta Uasghrádaithe Bonneagair Straitéisigh (SIUF) Breisoideachais agus Oiliúna (FET), chun tacú le hIonad Bairr Feabhais Scannán agus Meán Digiteach nua a bhunú i gColáiste FET, Campas Shráid Mulgrave i Luimneach.<br>I measc na n-infheistíochtaí suntasacha eile agus feabhsuithe suntasacha eile ar shaoráidí FET in 2022 bhí:<br>• **Campas na hInse** – Cuireadh síneadh suntasach ar áiseanna i gcrích le trí Cheardlann Leictreacha, Siopa Gruagaireachta, Sciamhlann, Seomraí Ranga Ginearálta, Ceaintín nua srl. Tógadh Both Taifeadta úrscothach don fhoireann chun ábhar ar líne ar ardchaighdeán a fhorbairt do ranganna.<br>• **Campas an Ospidéil** - forbraíodh garáiste nua dá chúrsaí cothabhála carranna. |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Maidir leis an gcúrsa Conair Tógála, **Campas Shráid an Chláir**, cuireadh innealra siúinéireachta nua ar fáil mar aon le hionsamhlóir tiomána réaltachta fíorúla chun cúrsaí oiliúna maidir le scileanna tiomána innealra trom a fheabhsú.<br>• Ag **Campas na Sionainne**, mar thoradh ar an méadú ar an líon Meicneoirí Aerárthaí agus iarratas ón tionscal eitlíochta ar chúrsaí cothabhála eitlíochta ar leith, cheannaigh Coláiste FET Inneall Inrite Turbaifhearsaide Roll Royce Allison 250 agus Héileacaptar Schweizer 300C. Cuireann ceannach na n-earraí seo ar ár gcumas na cúrsaí oiliúna a chuirtear ar fáil a fheabhsú agus síneadh a chur leis na raon modúl atá deimhnithe ag EASA.<br>• Ag **Campas Shráid Mulgrave** pleanáladh agus forbraíodh líon suntasach tionscadal tógála ag LCFE Shráid Mulgrave. Rinneadh athchóiriú suntasach ar an leabharlann agus ar an mol foghlama araon. Cuireadh infheistíocht shuntasach ar fáil don cheaintín agus rinneadh uasghrádú suntasach ar áiseanna agus tá soláthraí nua tar éis seilbh a ghlacadh ar bhainistíocht an cheaintín. Péinteáladh agus athchóiríodh líon mór seomraí, cruthaíodh dhá sheomra ealaíne nua, cuireadh troscán breise ar fáil agus rinneadh obair chothabhála ar thailte an champais. Forbraíodh bealach isteach níos sábháilte ag LCFE mar aon le córas nua bainistíochta tráchta agus lean foireann an champais ar aghaidh ag obair leis an tionscnamh taistil níos sábháilte.<br>• Ag **Campas Bhóthar Chill Mocheallóg** rinneadh obair athchóirithe ar an gceaintín agus forbraíodh a mhol foghlama. Rinneadh infheistíocht shuntasach freisin chun Ionad Bairr Feabhais sa Spórt a fhorbairt. Tá athchóiriú seomraí agus forbairt áiseanna nirt agus aclaithe faoi lán seoil, agus is forbairt spreagúil í an áis nua seo a chuirfidh go cinnte leis an timpeallacht teagaisc agus foghlama d'fhoghlaimeoirí spóirt agus áineasa amach anseo.<br>• Ag **Campas Ascaill Uí Chonaill**, cuireadh feabhas ar na háiseanna sa cheaintín agus athchóiríodh an Mol Foghlama chun tacaíochtaí iontacha a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí.<br>• Ag **Campas na Scairbhe**, uasghrádaíodh an seomra Ealaíne |

| | | |
|---|---|---|
| | | chun scáileán idirghníomhach nua a chur ar fáil, mar aon le Apple Macs agus roinnt príomhphíosaí de threalamh deartha, a bheidh in úsáid ag foghlaimeoirí Cúrsaí Faisin Leibhéal 5. |
| 2.7 Feasacht ghníomhach ar shláinte, sábháilteacht, leas agus folláine a chur chun cinn i measc gach ball foirne ag leibhéal pearsanta agus eagraíochta. | Tacóidh **Rannán FET** le rolladh amach Tionscnamh Folláine ar fud an champais lena n-áirítear:<br>• Cláir a nascann Oideachas Lasmuigh, Spórt agus Folláine le chéile.<br>• Cláir a nascann Ceol agus Folláine.<br>• Imeachtaí feasachta meabhairshláinte á reáchtáil ag Ionaid FET. | Ag cur leis an obair a rinneadh sna blianta roimhe seo maidir lenár nDualgas Earnála Poiblí agus ag féachaint d'aiseolas ó bhreis agus 130 duine a ghlac páirt inár gcomhairliúchán, sheol Coláiste FET Creat Meabhairshláinte agus Folláine d'Fhoghlaimeoirí in 2022. Déantar cur síos sa chreat ar an gcaoi a gcuireann an BOO Meabhairshláinte agus Folláine Foghlaimeoirí chun cinn agus ar an tslí a dtacaíonn sé lena leithéid ar bhealach comhsheasmhach, struchtúrtha agus pleanáilte.<br>Tacaíonn an Creat le Coláiste FET chun ceannaireacht agus acmhainní a chur ar fáil chun Meabhairshláinte agus Folláine Foghlaimeoirí a chur chun cinn agus tacú lena leithéid agus le linn 2022, cuireadh maoiniú ar fáil d'Fhoirne Meabhairshláinte agus Folláine an Champais chun imeachtaí agus gníomhaíochtaí a reáchtáil a thacaíonn le dea-mheabhairshláinte agus a chuireann a leithéid chun cinn i measc phobail an champais.<br>Ag leibhéal an champais, tabharfar tús áite i gcónaí d'fhoghlaimeoirí agus d'fholláine na foirne. I measc go leor tionscnamh a reáchtáladh in 2022 bhí:<br>• **Cur Chuige Campas-Uile maidir le Tionscnaimh Brait Ómra** - tá an tionscnamh á reáchtáil ag Teach Pieta chun aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí aonair soláthraithe oideachais agus grúpaí pobail timpeallachtaí sláintiúla, cuimsitheacha a chruthú a thacaíonn le meabhairshláinte agus folláine.<br>• **#Break the Bias:** Ó mhí Eanáir 2022 i leith, tá dáileoirí agus táirgí míostraithe saor in aisce curtha ar fáil do 22 Coláiste ar Champais FET faoin tionscnamh bochtaineachta míostraithe.<br>• Ag Campas Shráid Mulgrave, d'fhorbair Foireann T&L LCFE **Clár Sláinte agus Folláine** do gach Foghlaimeoir LCFE i rith na seachtaine Sláinte & Folláine i mí Dheireadh Fómhair 2022.<br>• Cruthaitheacht agus meabhairshláinte a nascadh: Tá nasc soiléir idir conas is féidir le saol cruthaitheach a chaitheamh |

| | | |
|---|---|---|
| | | cabhrú le folláine daoine. Chuir Coláiste FET, Campas na Scairbhe raon ranganna aclaíochta a bhaineann le sláinte ar fáil chun freastal ar riachtanais an phobail, agus tacaíodh le<br>• **Cláir Samhraidh:** Leanadh ar aghaidh le cláir thábhachtacha samhraidh Ógtheagmhála, go háirithe i bhfianaise na dturas teoranta le linn na dianghlasála. Deis a bhí iontu do tacar leathan eispéireas oideachais agus áineasa a chur ar fáil dár bhfoghlaimeoirí.<br>**<u>Meabhairshláinte agus Folláine – Clár Garchabhrach Meabhairshláinte</u>**<br>Mar chuid dár n-iarrachtaí an Creat agus an Plean Gníomhaíochta Meabhairshláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm, reáchtálamar cúrsaí oiliúna foirne le déanaí bunaithe ar an nGarchabhair Mheabhairshláinte (MHFA). Tá aithne mhaith ar na cúrsaí MHFA atá bunaithe ar thaighde agus a bhfuil taighde mar bhonn leo, agus a bhfuil sé mar aidhm leo a chinntiú go bhfuil na scileanna agus an mhuinín ag daoine chun tacú le daoine muinteartha nó comhghleacaithe a d'fhéadfadh a bheith ag déileáil le dúshlán nó géarchéim mheabhairshláinte, cosúil le smaointe féinmharfacha nó taom scaoill. Eagraíocht na cúrsaí oiliúna in dhá sheisiún dhá lá ar leith, seisiún amháin don Aos Óg agus seisiún eile d'Aosaigh, ar tugadh deis do dhaoine freastal air go pearsanta ag suíomhanna seachtracha in an Clár agus i Luimneach.<br>Bhí an t-aiseolas ón 37 rannpháirtí thar a bheith dearfach, agus bhí an meánscór idir 8 agus 10 as 10. Bhí rátálacha arda luaite leis na cúrsaí oiliúna i gcatagóirí éagsúla, mar shampla eolas agus gairmiúlacht na n-éascaitheoirí, an fhaisnéis a cuireadh ar fáil, agus an taithí oiliúna fhoriomlán, agus rátáil an chuid is mó de na rannpháirtithe an oiliúint mar oiliúint "Den scoth" nó oiliúint a bhí "Go maith." Shíl go leor rannpháirtithe go raibh an oiliúint luachmhar agus tarraingteach, agus bhí siad den tuairim go mbeadh tairbhe ag baint le hoiliúint leantach nó athnuachana. |
| | Tacóidh **Rannán Scoileanna** an BOO le timpeallacht oibre dhearfach agus thacúil in 2022 trí fhorbairt leanúnach grúpaí comhairleacha chun tacaíocht a chur ar fáil sna príomhréimsí seo aleanas: | In 2022, eagraíodh cuairteanna agus cruinnithe scoile agus é mar aidhm timpeallacht oibre dhearfach agus thacúil a chothú. Ina theannta sin, ghlac múinteoirí atá fostaithe i scoileanna BOO páirt i gcúrsaí agus seimineáir forbartha gairmiúla a d'eagraigh Rannán na Scoileanna. Dearadh na gníomhaíochtaí seo chun freastal |

| | | |
|---|---|---|
| | - An Clár Rioscaí lena n-áirítear Cumhdach<br>- Sláinte & Sábháilteacht<br>- Riachtanais Speisialta Oideachais<br>- Scoileanna lán-Ghaeilge<br>- Tuismitheoirí & Caomhnóirí<br>- Foghlaim Dhigiteach<br>- An Curaclam, lena n-áirítear Teagasc & Foghlaim<br>- Rannpháirtíocht leanúnach le NEPS (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais) | ar riachtanais athraitheacha scoileanna agus chun forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí a éascú, d'fhonn a róil cheannaireachta i scoileanna a fheabhsú.<br>Muintearas in ár Scoileanna - Ceangal inár Scoileanna - D'óstáil Rannán na Scoileanna Seimineár Gréasáin Bhliantúil Geimhridh Scoile-Uile<br>Reáchtáil Rannán Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a sheimineár gréasáin bhliantúil scoile-uile d'fhoireann na scoileanna go léir agus bhí aoi speisialta i láthair, an Dr Zachary Walker, saineolaí a bhfuil cáil idirnáisiúnta air i bhfeidhmíocht foghlama aonair agus eagraíochtúil, ar an 1 Nollaig 2022. Bhain múinteoirí, SNAnna agus PMEnna/Múinteoirí Comhartheagaisc, agus ceannairí scoile an-taitneamh as an seimineár gréasáin, ar ghlac painéal rannpháirtithe páirt ann freisin. Ina measc bhí Príomhfheidhmeannach BOO Luimnigh agus an Chláir, George O'Callaghan, agus Stiúrthóir na Scoileanna, Donncha Ó Treasaigh, in éineacht leis an Dr Niamh Lafferty, Stiúrthóir an Chúrsa, máistreacht i gceannaireacht oideachais in Ollscoil Luimnigh.<br>D'fhéach breis agus míle ball foirne as scoileanna agus coláistí éagsúla ar Muintearas inár Scoileanna – Ceangal inár Scoileanna, trí sheimineár gréasáin Zoom. |
| 2.8 Leanúint ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le cleachtais oibre nua-aimseartha agus sholúbtha a thacaíonn le cuspóirí eagraíochtúla, táirgiúlacht, sásamh foirne agus folláine. | Thacaigh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** an BOO le baill foirne, trí oiliúint agus bonneagar a chur ar fáil a thacaíonn le cianobair chun soláthar saoráideach teagaisc agus foghlama a chinntiú, chomh maith le leanúnachas sholáthar BOO a chinntiú ar fud rannán Scoileanna agus FET BOO. | Tá triail á baint as Tionscadal Píolótach Cianoibre i bhfeidhmeanna na Ceannoifige. Soláthróidh an tionscadal píolótach seo bonn eolais do straitéis Chianoibre na heagraíochta. |
| 2.9 Leanúint ar aghaidh ag tacú le próiseas deartha eagraíochta ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta, chun níos mó | Cinnteoidh **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** an BOO go leanfar le deiseanna forbartha gairmiúla a thairiscint do bhaill foirne ó gach grád mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach in 2022. | Cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do gach grád foirne in 2022 mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Chomh maith leis sin, tacaíodh le neart ball foirne tríd an gCiste um Fhorbairt Ghairmiúil Foirne agus trí ardáin FGL eile ar nós Moodle, eCollege agus CORE University. Eagraíodh oiliúint phraiticiúil i bpacáistí bogearraí in 2022 agus tá |

| | | |
|---|---|---|
| comhsheasmhachta agus comhleanúnachais a chinntiú i ndáil le struchtúir foirne agus dearadh eagraíochta in earnáil BOO trí chéile. | | sé beartaithe tuilleadh cúrsaí oiliúna a reáchtáil in 2023. Tá FGL agus Uasoiliúint leanúnach fhoireann TFC ar siúl. Ina measc bhí roinnt laethanta oiliúna a bhí dírithe ar MS SharePoint, PowerApps, MS Office365 Teams, Zoom srl., agus tá sé beartaithe níos mó laethanta oiliúna a reáchtáil in 2023. Ina theannta sin, d'fhreagair baill foirne do na riachtanais uasoiliúna a theastaíonn chun freastal ar athruithe reachtacha, lena n-áirítear oiliúint ar líne agus freastal ar sheimineáir faoi ábhair éagsúla in 2022 lena n-áirítear: Saoráil Faisnéise, RGCS, Cibearfheasacht, an Clár Ríomhfhoghlama um Thús Áite do Leanaí, an Cód Rialachais do Charthanais, Sábháilteacht ó Dhóiteán, agus Sláinte agus Sábháilteacht.<br><br>Tá BOOLC ag leanúint ar aghaidh lena chumas foghlama ar líne a fheabhsú trí thacar físeán oiliúna intí atá uaslódáilte chuig Privacy Engine. Tá na físeáin oiliúna seo in úsáid mar chuid de phróiseas ionduchtaithe do gach ball foirne nuacheaptha Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Tá Bainisteoir Oiliúna tiomnaithe ceaptha ag BOO Luimnigh agus an Chláir. |

**Cuspóir Straitéiseach 3: Dea-Rialachas**

Aidhm: Creat rialachais agus tacaíochta a chur ar fáil atá mar bhonn le soláthar éifeachtach agus éifeachtúil seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán.

Is éard atá i gceist leis seo a chinntiú go bhfaigheann cáilíocht oideachais agus oiliúna BOO tacaíocht ó chórais bhainistíochta agus riaracháin a chomhlíonann na caighdeáin is airde ó thaobh rialachais de, i dtéarmaí cuntasachta, trédhearcachta, comhlíontachta, cothromais agus luach ar airgead.

| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | Gealltanas i bPlean Seirbhíse 2022 | Éachtaí in 2022 |
|---|---|---|
| 3.1 A chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta láidre, atá i gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha athraitheacha, mar bhonn lenár struchtúir. | Tá obair á déanamh ag **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** an BOO d'fhonn a chinntiú go bhfuil an eagraíocht ullmhaithe chun bogadh chuig seirbhísí comhroinnte. | D'éirigh le LCETB aistriú chuig ardán Seirbhísí Comhroinnte Párolla Gnó Oideachais na Roinne Oideachais i mí Dheireadh Fómhair 2022. B'ionann an t-aistriú rathúil chuig an ardán seo agus críoch a bheith curtha leis an tionscadal seo ar cuireadh tús leis in 2019. |

| | | |
|---|---|---|
| | Cuireadh tús le comhoibriú idir-roinne AD/Párolla maidir le cur i bhfeidhm an aistrithe chuig Seirbhísí Comhroinnte in 2019, agus leanfar leis an rannpháirtíocht in 2022. Sainaithníodh ceannasaí aistrithe sna feidhmeanna Acmhainní Daonna agus Párolla araon agus tá na Ceannasaithe Aistrithe seo ag comhoibriú agus ag críochnú na hoibre réamh-aistrithe atá riachtanach chun an BOO a ullmhú dá aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte in 2022. | |
| | Leanfaidh **Roinn Seirbhísí Corparáideacha** an BOO faoin **Stiúrthóireacht Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta** leis an timthriall athbhreithnithe beartais a chur chun feidhme i rith 2022, d'fhonn a chinntiú go ndéantar gach doiciméad beartais a athbhreithniú agus a nuashonrú laistigh de thréimhse trí bliana. | Leanadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar Bheartas agus Nósanna Imeachta in 2022 d'fhonn a chinntiú go raibh reachtaíocht agus Imlitir á gcomhlíonadh. Chuir Seirbhísí Corparáideacha an modúl Rialaithe Doiciméad i bhfeidhm laistigh de Privacy Engine go sonrach chun na críche seo. Is léir gur bealach éifeachtach é seo chun aird ball foirne a tharraingt ar na huaireanta is gá an beartas a athbhreithniú. |
| | Le linn 2022, soláthróidh **Roinn TFC** an BOO deiseanna comhoibríocha chun tacú lenár scoileanna agus ionaid, a mbeidh ardáin ar líne ar fáil mar chuid díobh, StaffCONNECT san áireamh. Le linn 2022, tacóidh an Roinn TFC leis na gníomhartha seo a leanas:<br>- Leanúint le suíomhanna sonracha MS SharePoint a fhorbairt do gach scoil, mar aon leis na cúrsaí oiliúna agus an tacaíocht ghaolmhar.<br>- Forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil chun tacú le rolladh amach Office 365.<br>- Oibriú leis an Roinn Oideachais chun tuilleadh forbairt a dhéanamh ar | • Tá gach ball foirne BOOLC cláraithe chun StaffCONNECT (MS SharePoint) a úsáid. Tá athbhreithniú agus uasghrádú déanta ag an roinn TFC ar gach suíomh scoile ar StaffCONNECT. Leanfaimid ar aghaidh leis an obair forbartha agus chothabhála a bhaineann leis seo.<br>• Tá an Roinn TFC ag leanúint ar aghaidh le hidirchaidreamh agus plé le ceannairí digiteacha inár scoileanna agus inár n-ionaid maidir le húsáid a bhaint as Office 365 agus ár n-ardán MS Teams. Tá rochtain shlán ag gach fostaí BOOLC ar Office 365<br>• Tá BOOLC ag leanúint ar aghaidh ag tacú le húsáid éifeachtach a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach, comhtháite mar ghné lárnach den chleachtas teagaisc, foghlama agus measúnaithe i ngach seomra ranga. Mar chuid den ghealltanas seo, déantar aon mhaoiniú/deontas atá ar fáil a dhaingniú agus a chaitheamh de réir na Straitéise Digití do Scoileanna 2027 |

| | | |
|---|---|---|
| | acmhainní TFC inár scoileanna agus Coláistí/Ionaid FET, lena n-áirítear deontais a fháil do threalamh TFC, agus comhairle agus ábhair thacaíochta.<br>Fíordheimhniú Ilmhodha a rolladh amach in BOOLC. | • Tá rochtain fós ag gach ball foirne riaracháin ar Thairseach shlán BOO in 2022.<br>• Tá an Roinn TFC ag leanúint ar aghaidh ag tacú le gach scoil agus ionad BOOLC agus i mbun rannpháirtíochta lenár gcomhpháirtithe Tacaíochta agus Cothabhála 3ú páirtí chun cabhrú le scoileanna agus ionaid lena riachtanais TFC ar fad.<br>• Tá an Roinn TFC ag leanúint ar aghaidh le hanailís aoise agus tástálacha oiriúnacha don fheidhm a dhéanamh ar gach uasghrádú crua-earraí/bogearraí BOOLC nuair is gá.<br>• Tá rolladh amach an Fhíordheimhnithe Ilmhodha curtha i gcrích in BOOLC. |
| | Rialachas/Airgeadas/Acmhainní daonna mar mhíreanna ainmnithe ar an gclár oibre do chruinnithe príomhoidí agus ionchuir ó Stiúrthóir OSD agus Príomhoifigigh Chúnta.<br>Déanfaidh Coiste um Obair don Aos Óg an BOO athbhreithniú ar an bPlean straitéiseach Oibre don Aos Óg a bhí ann roimhe agus forbróidh sé Plean straitéiseach nua do na trí bliana atá le teacht (2022 – 2025). Is é príomhaidhm an phlean a chinntiú go n-éiríonn leis an BOO i dtaca lena fhreagrachtaí chun tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg i réigiún Luimnigh agus an Chláir.<br>Is í 2022 bliain a dó den scéim UBU Do Áit Do Spás. Mar thoradh ar an scéim beidh éilimh nua ar eagraíochtaí maidir leis na leibhéil tuairiscithe agus chuntasachta atá le cur i gcrích. Oibreoidh an BOO i ndlúthpháirt agus i gcomhar le gach eagraíocht chun tacú leo freastal ar na riachtanais seo. | Reáchtáil BOOLC Airgeadas cruinnithe rialta le Foireann Oibre don Aos Óg BOOLC chun an caiteachas airgeadais ar fad a athbhreithniú agus a rianú.<br>Cuireadh tús le plean straitéiseach nua d'Obair don Aos Óg sa réigiún in 2022, agus forbraíodh creat don phlean. Eagraíodh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus seolfar an Plean maidir le Obair don Aos Óg in 2023.<br>Cruinnithe Athbhreithnithe Ráithiúla Rialta le gach tionscadal chun a chinntiú go bhfuil an clár spriocdhírithe chomh héifeachtúil agus is féidir, agus go bhfuiltear ag cloí go hiomlán le rialacha na scéime UBU Do Áit Do Spás.<br>D'oibrigh an fhoireann oibre don aos óg le colún Airgeadais BOO Luimnigh agus an Chláir agus leis an ngrúpa comhordaithe chun comhlíonadh agus cuntasacht cistí poiblí a chinntiú. |

| | | |
|---|---|---|
| | Reáchtálfaidh Foireann Oibre don Aos Óg BOOLC cruinnithe gach ráithe le Rannóg Airgeadais BOOLC chun athbhreithniú agus rianú a dhéanamh ar an gcaiteachas airgeadais ar fad. | |
| | Tá struchtúr **Líonra Pleanáil Réigiúnach Straitéiseach Rannán FET, Grúpa Stiúrtha FET agus Foirne Feidhmithe FET** deartha chun ionchuimsitheacht a chinntiú. Tugann samhail na bhfoirne feidhmithe le haghaidh straitéisí agus creataí sonracha deiseanna don fhoireann dul i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann lena réimse spéise nó saineolais ar bhonn tras-soláthair. Le linn 2022, beidh an fhoireann ag díriú ar phleanáil gníomhaíochta struchtúrtha nua a fhorbairt sna nithe seo a leanas:<br>• Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta.<br>• Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil.<br>• Rannpháirtíocht Fiontair.<br>• Faisnéis, Earcaíocht agus Treoir.<br>• Dearbhú Cáilíochta.<br>• Ionchuimsiú Gníomhach. | Is í an Chomhairle Cáilíochta agus na foghrúpaí gaolmhara a dhéanann rialachas agus maoirseacht ar gach ábhar Dearbhaithe Cáilíochta laistigh de Choláiste FET BOO Luimnigh agus an Chláir. Leanann an Líonra Pleanála Réigiúnaí Straitéisí agus an Chomhairle Cáilíochta d'iarratais ar fhorbairt clár a rialú, printíseachtaí san áireamh.<br>In 2022, agus i gcomhréir le Straitéis náisiúnta FET SOLAS, leag forbairtí breise béim ar an aistriú ó sholáthar neamhchomhtháite go Coláiste ilchampais amháin FET i Luimneach agus sa Chlár.<br>• Mar chuid de chur chuige comhtháite an tsoláthair FET in aon Choláiste FET amháin, d'athlínigh Campas Bhaile Chill Mocheallóg a n-ionaid soláthair aonair ionas go bhféadfaí gach seirbhís a chur ar fáil ar champas amháin. Anois, is féidir le foghlaimeoirí rochtain a fháil ar mhodúil atá á gcur ar fáil tríd an gclár SDOG ar Champas Bhaile Chill Mocheallóg mar mhodúil neamhspleácha, rud a chiallaíonn go mbíonn foghlaimeoirí páirtaimseartha agus lánaimseartha le chéile in aon seomra ranga amháin.<br>• Ar an gcuma chéanna, ar Champas na hInse, tá an dá ionad ar leith do chúrsaí PLC agus SDOG cónasctha anois in aon ionad amháin do gach cúrsa lánaimseartha ar Champas na hInse.<br>• Bunaíodh Campas na Ceapaí Móire freisin mar ionad satailíte nua chun cúrsaí City and Guilds a sholáthar. Mar thoradh ar chruthú Lárionad City and Guilds, leibhéal BOO, tá cuíchóiriú suntasach déanta ar an bpróiseas chun ionaid satailíte a chur san áireamh ar mhaithe le cláir áitiúla a sholáthar.<br>• I mí Eanáir 2022, dhear Foireann Bhainistíochta Shinsearach BOOLC, in éineacht le foirne Bainistíochta SDOG LCFE/Shráid Mulgrave agus Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, comhtháthú an dá fhoráil i soláthar lánaimseartha amháin ó leibhéal QQI 3 go dtí leibhéal 6. Bhí an tionscadal suntasach seo mar bhonn leis an bhfoireann ar fad a bhí ar díriú ar chúrsaí bainistíochta, teagaisc, riaracháin agus coimhdeacha, |

| | | |
|---|---|---|
| | | a chomhtháthú in aon fhoireann amháin. Ina theannta sin, tá méadú suntasach tagtha ar an líon foghlaimeoirí scaipthe SDOG (iad siúd a fhaigheann liúntas oiliúna SDOG) laistigh de sholáthar chúrsaí PLC, leibhéil 5 & 6, agus cinntíodh freisin gur chomhlíon SDOG a leithdháileadh do 2022.<br>• Tionóladh cruinniú speisialta do Chomhordaitheoirí agus Bainisteoirí FET i mí Dheireadh Fómhair 2022, chun tábhacht agus impleachtaí chomhtháthú ár seirbhísí soláthair agus tacaíochta a chur in iúl, i dtreo Choláiste na Todhchaí. |
| 3.2 Leanúint ar aghaidh le próisis straitéiseacha pleanála gnó a nuáil agus a neartú chun tosaíochtaí eagraíochtúla a chomhlíonadh | Oibreoidh Rannán Scoileanna agus Rannán FET an BOO leis an gCoiste Airgeadais agus leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca i rith 2022, chun riosca a aithint, a mheas, a mhonatóiriú agus a bhainistiú ar bhealach gníomhach i gcomhthéacs gach ceann dá hoibríochtaí agus cinnteoidh sé go bhfuil socruithe foirmiúla agus trédhearcacha i bhfeidhm le haghaidh iniúchadh inmheánach agus seachtrach. Le linn 2022, cinnteoidh Rannán Scoileanna agus Rannán FET BOO go mbeidh Clár Rioscaí na Scoileanna / an Clár Rioscaí FET ainmnithe mar mhír ar chlár oibre na gcruinnithe, agus go ndéanfaidh Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí agus Bainisteoirí Soláthair athbhreithniú air go rialta. | Eagraíodh cúrsaí oiliúna do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí Rannán na Scoileanna maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Rioscaí de réir an Ráitis Straitéise in 2022. Déanann Príomhoidí, Teachtaí agus Bainisteoirí Soláthair athbhreithniú rialta ar an gClár Rioscaí. |
| | Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le BOOnna eile maidir le **CRM/bunachar sonraí a fhorbairt** chun críche bainistíochta nó sonraí eagraíochtúla maidir le Dearbhú Cáilíochta agus rannpháirtíocht le fostóirí. | In 2022, rinne roinnt tionscnamh dul chun cinn a bhain le cur chun feidhme na tosaíochta náisiúnta a bhain le digitiú na hearnála FET. Soláthraíonn forbairt an Bhunachair Sonraí Rannpháirtíochta Fostóirí Straitéiseach (SEED) – córas CRM a forbraíodh agus a mhaoinítear trí SOLAS, cur chuige aontaithe, ar ardán amháin, ar fud ár rannpháirtíochtaí fostóra go léir, rianaítear agus taifeadtar an próiseas ó thús go deireadh, agus soláthraítear réiteach néalbhunaithe do gach rannpháirtíocht fostóra. Comhtháthaíonn an réiteach seo go deas réidh lenár n-iarratais Office 365 mar aon le |

| | | |
|---|---|---|
| | | sonraí a chothaítear ónár gcórais reatha amhail PLSS agus ACSS. |
| 3.3 Monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe agus iniúchtaí inmheánacha chun na caighdeáin is airde ó thaobh bainistíocht airgeadais agus riosca a chur chun cinn. | Faoi mar a luaitear sa Chód, cinnteoidh an Bord go gceapfar Baill a bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an taithí speisialtóireachta acu sna réimsí ábhartha ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus ar an gCoiste Airgeadais. Déanfaidh an Bord gach ceapachán i gcomhairle le Cathaoirligh na gCoistí. Is féidir, más gá, comhairle speisialtóireachta a fháil ar chostas réasúnta agus faofa don BOO chun cabhrú leis na Coistí le réimsí sonracha dá ngnó. | Cloíodh le riachtanais an Chóid in 2022. Bhuail an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile sé huaire in 2022 agus rinne sé athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha an BOOLC ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí Feabhra 2022 agus d'fhaomh sé Ráiteas um Rialú Inmheánach 2021 ag an gcruinniú a reáchtáladh i mí an Mhárta 2022. |
| | **Bainistíocht Riosca:** Trí bheith ag obair leis an gCoiste Airgeadais agus leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca; le linn 2022, déanfaidh an BOO riosca a aithint, a mheas, a mhonatóiriú agus a bhainistiú ar bhealach gníomhach, i gcomhthéacs gach ceann dá oibríochtaí agus cinnteoidh sé go bhfuil socruithe foirmiúla agus trédhearcacha i bhfeidhm le haghaidh iniúchadh inmheánach agus seachtrach. Tá próiseas i bhfeidhm ag an BOO atá deartha chun go n-aithneofar is go rachfar i ngleic leis na rioscaí suntasacha a bhaineann le haidhmeanna an chomhlachta a bhaint amach. Tacaíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca leis an mBord sa chúram seo. | Nuashonruithe rialta curtha i láthair ag Stiúrthóir OSD ag gach cruinniú den Choiste Iniúchta & Riosca agus den Choiste Airgeadais. Cuireadh an ráiteas maidir le hInghlacthacht Riosca faoi bhráid an Choiste Iniúchta & Riosca i mí na Nollag 2022 agus cuirfear faoi bhráid an Choiste Airgeadais é in 2023. |
| | Déanfaidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC réadmhaoin BOOLC a bhainistiú, réadmhaoin atá faoi úinéireacht na heagraíochta nó léasaithe ag an eagraíocht, d'fhonn a chinntiú go | Rinne Rannóg Caiteachais & Soláthair Clár BOOLC de mhaoin léasaithe a chothabháil agus a nuashonrú in 2022. Cuireadh gach ábhar réadmhaoine, a raibh faomhadh Bhord BOOLC ag teastáil ina leith in 2022, ar fáil d'fhaomhadh an Bhoird agus cuireadh iarratais faoi bhráid Rannóg Réadmhaoine na Roinne Oideachais. Leanann an |

| | | |
|---|---|---|
| | bhfuiltear ag cloí le gach riachtanas Reachtúil, Roinne agus Rialtais. Mar chuid de seo, oibreofar i ndlúthpháirt le Rannán Scoileanna agus FET BOOLC lena chinntiú go bhfuil riachtanais chóiríochta na heagraíochta á gcomhlíonadh agus go bhfuil gach Scoil agus Foirgneamh FET oiriúnach dá bhfeidhm. | Rannóg Caiteachais & Soláthair ar aghaidh le bheith i mbun idirchaidrimh le comhairleoirí dlí BOOLC maidir le gach réadmhaoin BOOLC a chlárú. Déileáiltear le fáil agus diúscairt réadmhaoin BOOLC de réir Nósanna Imeachta Reachtúla agus Rialachais Chorparáidigh. |
| 3.4 Úsáid éifeachtúil acmhainní poiblí a uasmhéadú. | Chinntigh an **Príomhfheidhmeannach** agus **Stiúrthóir na Scoileanna, FET agus OSD** gur tacaíodh le scoileanna, ionaid agus seirbhísí chun úsáid a bhaint as creataí soláthair lárnacha agus d'fhorbair an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) conarthaí i rith 2022.<br>Le linn 2022, leanfar le dlúthchomhar idir na feidhmeanna Airgeadais agus Soláthair chun na caighdeáin is airde a chinntiú maidir le Nósanna Imeachta, Treoirlínte agus Reachtaíocht Soláthair Phoiblí a chomhlíonadh. Mar chuid den obair seo, leanfar le raon réiteach soláthair a aithint agus a chur a bhfeidhm, a dheimhneoidh comhlíontacht, luach ar airgead, éifeachtúlacht agus dea-chleachtas thar ceann an údaráis le linn 2022.<br><br>Obair leanúnach a bheidh i gceist le cur i bhfeidhm an Bheartais Náisiúnta Soláthair BOO (lena n-áirítear tacar doiciméad teimpléid do thairiscintí atá os cionn agus faoi bhun thairseacha an AE) in 2022.<br><br>Cinnteoidh Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC agus Rannóg TF BOOLC go mbeidh dlúth-comhoibriú leanúnach ag tarlú in | Lean Rannóg Airgeadais BOOLC agus Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar lena chinntiú go gcloítear leis na caighdeáin is airde maidir le Nósanna Imeachta, Treoirlínte agus Reachtaíocht Soláthair Phoiblí a chomhlíonadh.<br><br>Shainaithin Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC agus Rannóg Airgeadais BOOLC agus rinne siad monatóireacht ar réimsí de chaiteachas neamhchomhlíontach agus shainaithin siad píblíne de thairiscintí chun déileáil le neamhchomhlíontacht. Chuir BOOLC agus BOOCM rolladh amach Chéim 1 de na Córais Bhainistíochta Conarthaí (CBC) nua saincheaptha i bhfeidhm le haghaidh BOOnna i mí an Mhárta 2022. Sholáthair an rannán Caipitil agus Soláthair nuashonruithe do thuarascálacha ráithiúla caiteachais a d'fhoilsigh an Rannóg Airgeadais ar shuíomh gréasáin BOOLC. Eisíodh Tuarascálacha Tairisceana maidir le gach conradh a bronnadh a raibh luach níos mó ná €100,000 luaite leis chuig an gCoiste Airgeadais. Rinne baill foirne ón dá Rannóg idirchaidreamh maidir le Leathanaigh Chaipitil Leagan 15, Sonraí réadmhaoine, SIC agus gach fiosrúchán ó C & AG a chomhlánú.<br><br>Cuireadh Plean Soláthair Ilbhliantúil BOOLC faoi bhráid ETBI de réir an amfráma agus na gceanglas tuairiscithe. Ghlac foireann na Roinne Caipitil agus Soláthair páirt i bhforbairt ghairmiúil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon in 2022 maidir le forbairtí a bhaineann le soláthar, bainistíocht tionscadal agus bainistíocht fuinnimh i gcomhthéacs comhlíonadh agus dea-chleachtas a chinntiú ar fud na heagraíochta. Bhí foireann Rannóg Caiteachais & Soláthair BOOLC i gceannas ar fhorbairt an Chórais Bainistíochta Conarthaí nua agus ghlac siad páirt i gcúrsaí oiliúna i Ráithe 1 2022. |

| | | |
|---|---|---|
| | 2022 idir na feidhmeanna Soláthair TF chun na caighdeáin is airde a chinntiú i ndáil le Nósanna Imeachta, Treoirlínte agus Reachtaíocht Soláthair Phoiblí a chomhlíonadh. | |
| 3.5 Cosaint sonraí, rúndacht agus próisis bainistíochta taifead éifeachtacha a chinntiú. | Tá córas saincheaptha i bhfeidhm chun cabhrú le BOO Ceanglais RGCS a chumasú. Tacóidh sé seo le cur i bhfeidhm an Leabhair Oibre Comhlíontachta a uathoibriú, agus le linn 2022, cabhróidh Roinn na Seirbhísí Corparáideacha le Cúrsaí Oiliúna agus Iniúchta maidir le comhlíontacht RGCS a chur ar fáil do Scoileanna agus Ionaid. | Tá comhlíonadh á léiriú go leanúnach, agus tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar na beartais go léir. Cuireadh cúrsaí oiliúna athnuachana ar fáil don fhoireann agus tá cúrsaí oiliúna RGCS fós á reáchtáil mar chuid den phróiseas ionduchtúcháin do gach ball foirne nua.<br>Bunaíodh grúpa líonraithe náisiúnta chun eolas a roinnt faoin mbealach is fearr chun an fheidhmiúlacht laistigh den Privacy Engine a úsáid agus chun oibriú le chéile chun na sonraí a bhailítear a shainaithint agus taifid ar ghníomhaíochtaí próiseála a uaslódáil.<br>Scrúdaítear coinneáil taifead ar bhonn bliantúil agus eisítear treoracha scriosta nuair is infheidhme de réir an Sceidil Coinneála Taifead. |
| | Cinnteoidh **Roinn Seirbhísí Corparáideacha** an BOO go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar an gCóras Bainistithe Taifead (CBT) agus go gcuirtear é i bhfeidhm go leanúnach le linn 2022, de réir Bheartas Coinneála Taifead agus Bheartas Bainistithe Taifead an BOO. | Leantar le hathbhreithniú a dhéanamh ar Bhainistíocht Taifead i gcomhar le Beartas Cosanta Sonraí agus Beartas Coinneála Sonraí agus luach ar airgead a chinntiú. |
| 3.6 Straitéis chumarsáide éifeachtach a choinneáil, a fheabhsú agus a leabú. | Forbróidh Stiúrthóireacht OSD an BOO Creat Cumarsáide in 2022 ina mbeidh maitrís Cumarsáide Inmheánaí a shoiléiríonn struchtúir, róil agus freagrachtaí na heagraíochta, agus ina leagtar amach próisis chumarsáide agus chinnteoireachta éifeachtacha laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, lena n-áirítear FET, OSD agus Rannán na Scoileanna. San áireamh i measc ghníomhartha breise in 2022 tá: | D'fhorbair BOO Luimnigh agus an Chláir a Bheartas Cumarsáide Inmheánaí in 2022. Tacaíonn sé seo le foireann bhainistíochta agus foireann an BOO trí na teicneolaíochtaí is déanaí agus is éifeachtaí a sholáthar chun cumarsáid a fheabhsú, mar aon leis an oiliúint riachtanach, cur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise maidir le Béarla Simplí agus forbairt leanúnach an tsuímh gréasáin LCETB.ie agus meán sóisialta eile chun a chinntiú go bhfuil an BOO ag cur faisnéis ábhartha ar fáil dá fhoireann agus dá pháirtithe leasmhara. |

| | | |
|---|---|---|
| | <ul><li>Tacú le foireann bhainistíochta agus le baill foirne an BOO trí na teicneolaíochtaí is nua-aimseartha agus is éifeachtaí a chur ar fáil chun cumarsáid a fheabhsú, mar aon leis na cúrsaí oiliúna riachtanacha.</li><li>Cur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise maidir le Béarla Simplí.</li><li>Forbairt leanúnach an tsuímh gréasáin - LCETB.ie - agus meáin shóisialta eile d'fhonn a chinntiú go bhfuil faisnéis ábhartha á cur ar fáil ag an BOO dá bhaill foirne agus páirtithe leasmhara.</li></ul>Teagmháil agus líonrú leanúnach le páirtithe leasmhara ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta (féach 1.8). | |
| 3.7 Comhaontuithe seirbhíse/meabhráin tuisceana agus prótacail le gníomhaireachtaí seachtracha a gcuirfimid deontais/acmhainní ar fáil dóibh, a choinneáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu. | Cinnteoidh Roinn Airgeadais an BOO go mbeidh SLA/MOU i bhfeidhm atá i gcomhréir le hImlitir 13/2024 RCPA do gach ceann de na gníomhaireachtaí seachtracha a gcuireann an t-údarás deontais/acmhainní ar fáil dóibh. Más gá, san áireamh anseo beidh Aguisín Cosanta Sonraí maidir le hAlt 28 de RGCS - Aistrithe Sonraí Pearsanta idir Rialaitheoir agus Próiseálaí. | Leanann Roinn Airgeadais BOOLC i gcomhar leis na ranna inmheánacha go léir a fhaigheann deontais/acmhainní ag obair le gach gníomhaireacht sheachtrach chun a chinntiú go bhfuil Imlitir 13/2014 RCPA á chomhlíonadh. |
| | Forbróidh an Rannóg Caipitil agus Soláthair Córas Bainistithe Conarthaí i gcomhar le ESBS chun riachtanais na heagraíochta a chomhlíonadh | Bhí baint lárnach ag foireann Rannóg Caiteachais & Soláthair LBOOLC le forbairt an Chórais CBC nua agus tá an córas beo ó mhí an Mhárta 2022. |
| | Leanfaidh **Rannán FET** le húsáid a bhaint as SLAnna le páirtithe leasmhara seachtracha a bhfuil deontais agus acmhainní á gcur ar fáil aige dóibh. | In 2022, shínigh BOO Luimnigh agus an Chláir Meabhrán Tuisceana le cúig scoil agus ionad, chun Dearbhú Cáilíochta a sholáthar dá soláthar Breisoideachais agus Oiliúna. I measc na n-ionad sin tá - Meánscoileanna Deonacha agus Scoileanna Cuimsitheacha Pobail; |

| | | |
|---|---|---|
| | Mar chuid de freisin, déanfar meastóireacht agus monatóireacht ar an tslí a bhfuil na gníomhaíochtaí FET seo á gcur ar fáil ag na páirtithe leasmhara seachtracha seo. | Pobalscoil Chill Rois; Scoil Mhuire gan Smál, Lios Dúin Bhearna; Meánscoil Naomh Seosamh, Rinn na Spáinneach; Scoil Mhuire, Inis Díomáin agus Seirbhísí Míchumais FSS, Luimneach. Tá na hionaid seo anois ag feidhmiú go hiomlán de réir phróisis agus nósanna imeachta Dearbhaithe Cáilíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus tá Oifigigh Thacaíochta Dearbhaithe Cáilíochta i mbun seirbhísí idirchaidrimh agus tacaíochta a chur ar fáil. |
| 3.8 Leanúint ar aghaidh ag tacú le cultúr féinmheastóireachta ar fud na heagraíochta chun bonn eolais a chur ar fáil do phróiseas d'fheabhsú leanúnach trí éifeachtúlacht na gcóras agus na gcleachtas riarachán a mheas go rialta. | Déanfaidh an **Príomhfheidhmeannach** agus **Stiúrthóir OSD** féinmheastóireacht in 2022 mar a cheanglaítear sa Chód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. | Rinneadh féinmheastóireacht in 2022 de réir an Chóid Chleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. |
| | In 2022, seolfaidh an Rannán FET a Chreat Straitéiseach 2022-2025 ina leagfar amach an treo do gach seirbhís soláthair agus tacaíochta FET.<br>Mar chuid de seo, forbrófar maitrís/máistirphlean lárnach Monatóireachta agus Meastóireachta FET le príomhtháscairí ratha/dul chun cinn, éifeachtachta agus méadrachtaí gaolmhara le haghaidh bailiú sonraí.<br>In 2022, bunóidh an Rannán FET meicníochtaí feabhsaithe chun aiseolas foghlaimeoirí a bhailiú ar bhealach comhsheasmhach ar fud a sholáthair FET.<br>Ina theannta sin, dréachtóidh an Rannán FET Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí nua le SOLAS, comhaontófar ar spriocanna i bpríomhréimsí feidhmíochta, a ndéanfar monatóireacht leanúnach orthu | Ina cháil mar an t-údarás oideachais agus oiliúna stáit do réigiún Luimnigh agus an Chláir, díríonn BOOLC agus Coláiste FET ar chuntasacht agus ar dhea-rialachas, trína chuspóirí straitéiseacha a shainaithint, agus trí chumarsáid a dhéanamh go forleathan trí Ráitis agus Creataí foilsithe, chomh maith le dul chun cinn a thuairisciú trí thuarascálacha Bliantúla agus ceanglais chomhlíonta eile.<br>Seoladh Creat Straitéiseach Choláiste FET i mí Iúil 2022. Is bratdhoiciméad atá ann ina dtugtar treoir shoiléir do gach seirbhís soláthair agus tacaíochta FET. Tá príomhréimsí comhdhlúthaithe aitheanta againn, chomh maith le réimsí claochlaithe chun a chinntiú gur féidir linn freagairt go háitiúil d'éilimh ar scileanna nua agus cabhrú le cur chun cinn agus cur i bhfeidhm na dtosaíochtaí náisiúnta FET: *Scileanna a Fhorbairt, Ionchuimsiú a Chothú agus Conairí a Chruthú*. Ghlacamar leis na tosaíochtaí náisiúnta sin mar cholúin dár Straitéise. Is ionann iad agus croílár ár misin FET mar an t-údarás oideachais agus oiliúna stáit do réigiún Luimnigh agus an Chláir. Chomh maith leis sin, d'aithníomar príomhstraitéisí cumasúcháin, arb ionann iad agus treochlár chun cabhrú linn díriú ar na torthaí is mian linn a bhaint amach as seo go ceann 5 bliana: *Cuir* |

| | | |
|---|---|---|
| | ag leibhéal náisiúnta trí chórais PLSS/FARR. | *Chuige Fhoghlaimeoirlárnacha; Acmhainn Foirne agus FET; Curaclam FET; Bonneagar agus Feidhmíocht; Comhpháirtíochtaí le haghaidh Aistrithe.*<br>**Guth an fhoghlaimeora**<br>Glacadh le forbairt meicníochtaí comhsheasmhacha agus cáilíochta chun aiseolas na bhfoghlaimeoirí a bhailiú mar chuid de na moltaí a rinneadh san Athbhreithniú Institiúideach ar Dhearbhú Cáilíochta (2020).<br>In 2022, thacaigh roinnt tionscnamh leis an tosaíocht seo:<br>• Rinneadh athbhreithniú ar bhallraíocht na Comhairle Cáilíochta chun ionadaí foghlaimeora a chur san áireamh.<br>• I mí na Nollag 2022, d'eagraigh Coláiste FET Fóram Foghlaimeora réigiúnach i gcomhpháirt le Aontas. Bhí deis ag foghlaimeoirí FET a bhí ag freastal ar sheirbhísí éagsúla i Luimneach agus sa Chlár a gcuid aiseolais a roinnt i rith cruinnithe éascaithe duine le duine.<br>• Mar chuid de na moltaí a rinneadh mar thoradh ar an Athbhreithniú Institiúideach ar dhearbhú cáilíochta, dháil Coláiste FET Ceistneoir Foghlaimeora, leagan píolótach, ar gach foghlaimeoir FET gach bliain, d'fhonn a chinntiú go raibh aiseolas ar fáil idir leibhéal an champais agus leibhéal na heagraíochta, chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht agus feabhsuithe cáilíochta. Beidh Ceistneoir na bhFoghlaimeoirí á rolladh amach go luath in 2023.<br>• In 2022, tá os cionn 70 ionadaí ranga gníomhach ag Aontas na Mac Léinn i gCampas Shráid Mulgrave ag glacadh páirt i mbliana agus ag déanamh ionadaíochta ar chúrsaí atá á reáchtáil ar champas Shráid Mulgrave agus ar champas Bhóthar Chill Mocheallóg. I ndiaidh cúrsaí oiliúna d'Ionadaithe Ranga, d'oibrigh siad lena ranganna, agus d'eagraigh an ceardchumann agus an fhoireann bhainistíochta dhá imeacht tiomsaithe airgid, cumainn agus clubanna gníomhacha, a bhfuil faoi stiúir oibrithe deonacha.<br>• Ba é an aidhm a bhí le roinnt tionscnamh freisin solas a chaitheamh ar fhoghlaimeoirí atá i mbun cúrsaí FET faoi láthair agus ar fhoghlaimeoirí a rinne cúrsaí FET roimhe seo, a rinne cuntas ar a n-eispéireas foghlama le BOOLC. San |

| | | |
|---|---|---|
| | | áireamh anseo bhí tionscnamh de chuid na Mol Foghlama a reáchtáladh trí Phodchraoladh dar dteideal Learner Voice Podcast (ar fáil anseo, agus roinnt alt sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta. |
| 3.9 Comhlíontacht i gcomhréir leis an reachtaíocht a chinntiú. | Leanfaidh Roinn Airgeadais agus Roinn Acmhainní Daonna an BOO, faoin OSD, ar aghaidh ag obair le foireann an Tionscadail Náisiúnta Pinsean mar fhreagairt do cheanglais bheartais náisiúnta in 2022.<br>In 2022, cuirfidh Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir OSD tús le hullmhú a Ráiteas Straitéise 2022-2026 a phleanáil, tréimhse chomhairliúcháin a eagrú agus cuirfidh sé an Ráiteas ar fáil, de réir Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. | D'oibrigh Roinn Airgeadais agus Roinn Acmhainní Daonna an BOO faoi OSD go rathúil leis an Tionscadal Náisiúnta Pinsean in 2022 agus leanfar leis an obair sin in 2023. |
| 3.10 Éiteas freagrachta sóisialta corparáidí agus inbhuanaitheachta comhshaoil a chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuil fianaise ar an éiteas seo le fáil san eagraíocht trí chéile. | Déanfaidh **Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC**, de réir a freagrachtaí mar Chomhlacht Earnála Poiblí, iarracht an sprioc - laghdú 50% ar úsáid fuinnimh agus laghdú 51% ar $CO2_2$ faoin mbliain 2030 - a chomhlíonadh.<br>Le linn 2022, leanfaidh BOOLC ar aghaidh ag tacú le hinfheistíocht leanúnach a dhéanamh i mbearta laghdaithe fuinnimh trí pháirt a ghlacadh i dtionscnaimh ábhartha lena n-áirítear an Clár Náisiúnta Pathfinder agus Cláir SEAI. | Tá BOOLC páirteach sa Ghrúpa Stiúrtha, i dteannta leis an Roinn Oideachais agus SEAI, atá ag obair ar an gClár Náisiúnta Píolótach Fuinnimh Pathfinder do Scoileanna. I rith 2022, mar chuid den Chlár Pathfinder, leanadh ar aghaidh le húsáid a bhaint, ar bhonn píolótach, as cuir chuige éagsúla maidir le hiarfheistithe domhanfhuinnimh scoileanna ar fud na tíre. San áireamh anseo bhí Céim 2 d'oibreacha iarfheistithe fuinnimh a chur i gcrích i gColáiste Iósaif, Cill Mocheallóg, conradh a bhronnadh d'iarfheistiú Choláiste Pobail na hInse, a bhí le tosú i Ráithe 1 2023 agus na doiciméid tairisceana do Chlár Deartha agus Tógála Choláiste Hazelwood, Drom Collachair, a chur i gcrích.<br>Cuireadh na Tuairisceáin Mhonatóireachta & Tuairiscithe reachtúla maidir le húsáid fuinnimh BOOLC faoi bhráid SEAI. D'oibrigh an Rannóg Caiteachais & Soláthair le Scoileanna, Ionaid agus Oifigí chun Foirne Glasa a bhunú. Chláraigh BOOLC le haghaidh agus ghlac sé páirt san Fheachtas Náisiúnta, ‘Laghdaigh d'Úsáid’, i rith an Gheimhridh in 2022. Lean BOOLC ar aghaidh ag obair lena Bhainisteoir Comhpháirtíochta SEAI chun tionscnaimh straitéiseacha bainistíochta fuinnimh a fhorbairt leis an treochlár chun spriocanna reachtúla atá dlite in 2023 a chomhlíonadh. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Lean BOOCL ar aghaidh le cúrsaí a phlé le hAonad Foirgneamh na Roinne Oideachais, SOLAS agus RBATNE i rith 2022 ar mhaithe leis an infheistíocht atá á déanamh i Scoileanna agus Ionaid BOOLC a mhéadú agus chun a chinntiú go gcloíonn ár saoráidí leis an reachtaíocht agus leis na rialacháin ábhartha, agus leis na caighdeán is airde éifeachtúlachta fuinnimh. Cuireadh iniúchtaí fuinnimh i gcrích ag shuíomhanna úsáide ardfhuinnimh FET a d'fhéadfaí a áireamh i gClár Pathfinder FET. Cuireadh tús leis an obair ar Shaoráid Oiliúna NZEB nua i Ráithe 1 2022 agus tá sé beartaithe an tsaoráid a oscailt i mí Eanáir 2023. |
| | 1. **Líonra Oiliúna agus Oideachais Fuinnimh In-athnuaite an Mheán-Iarthair:** Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina bhall de Líonra Oiliúna agus Oideachais Fuinnimh In-athnuaite an Mheán-Iarthair, faoi threoir Phlean Forbartha Contae Luimnigh. Páirteach sa ghrúpa seo tá soláthraithe oideachais éagsúla atá ag feidhmiú ag leibhéil éagsúla NFQ (TUS, Ollscoil Luimnigh, BOO Luimnigh agus an Chláir, an Coláiste Muirí), agus beidh siad ag obair le páirtithe leasmhara Fuinnimh In-athnuaite chun tuiscint a fháil ar an bpíblíne tallainne atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo san earnáil seo agus pleananna a dhéanamh.<br>**2. Ionad Bairr Feabhais an Champais Nuálaíochta Glaise - NZEB agus Saoráid Iarfheistithe – Campas Bhaile an Róistigh**<br>Soláthróidh NZEB agus an tIonad Bairr Feabhais Iarfheistithe cúrsaí oiliúna atá dírithe ar thógáil agus iarfheistiú | Tá ról lárnach le himirt ag Boird Oideachais agus Oiliúna chun tacú le forbairt scileanna glasa agus cleachtas inbhuanaitheachta, trí chomhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara réigiúnacha, tionscnaimh múscailte feasachta agus soláthar nuálach cúrsaí. Lean EESS ag feidhmiú mar ionadaí ar fhoirne éagsúla SOLAS chun cláir éagsúla chomhshaoil agus inbhuanaitheachta a phleanáil agus a chur chun feidhme.<br>In 2022, dhírigh an Coláiste FET ar roinnt tionscnamh nua a chur ar fáil sa réimse seo:<br>• **DigiEco:** Is tionscnamh réigiúnach é Oiliúint Scileanna Glasa DigiEco a bhfuil sé mar aidhm leis cabhrú le FBManna agus Micrifhiontair leis an gcéad chéim dá dturas inbhuanaitheachta trí fheasacht a chruthú ar an nGeilleagar Glas agus ar an tionchar agus ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann dá ngnóthaí féin. Is clár comhoibríoch é atá á chur ar fáil ag BOOLC agus TUS an Mheán-Iarthair. I gcomhar le hOifig Réigiúnach Scileanna an Mheán-Iarthair agus leis na hOifigí Fiontair Áitiúil, tugadh tacaíocht do mhicrifhiontair chun aistriú chuig cleachtais ghnó níos inbhuanaithe.<br>• **Campas Nuálaíochta Glaise - NZEB agus Iarfheistiú** Champas LEDP. I mí Lúnasa 2022, chuir BOOLC tús le turas NZEB in Ionad Bairr Feabhais Iarfheistithe Luimnigh agus an Chláir. Ghlac rang de sheisear foghlaimeoirí, daoine idir 17 mbliana d'aois agus lár na 60idí, páirt i ndianchúrsa 2 sheachtain chun an t-eolas, na scileanna agus an inniúlacht a fháil chun réimse córas inslithe agus siorradh-dhíonach a roghnú agus |

| | | |
|---|---|---|
| | inbhuanaithe do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach ar an Taobh Theas de Chathair Luimnigh (Paraiméadar 4.6 agus 4.7). Oibreoimid i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí pobail in An Cnoc Theas chun daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a bhfuil suim acu in oiliúint scileanna a aithint agus le fostóirí áitiúla chun tacú le haistriú rathúil chuig deiseanna fostaíochta.<br>**3.In 2022, cuirfidh an Rannán FET roinnt tionscnamh i bhfeidhm:**<br>- Luimneach CLISTE agus Straitéis Dhigiteach<br>Is gníomhaireacht chomhpháirtíochta é BOO Luimnigh agus an Chláir in Luimneach CLISTE agus i Straitéis Dhigiteach Luimnigh. Tá sé i mbun cathaoirleachta freisin ar shnáithe Ionchuimsithe Dhigitigh na straitéise.<br>Mar chuid de Luimneach CLISTE, tá an Chathair páirteach i dtionscadal Eorpach a bhfuil sé mar aidhm leis deis a thabhairt do Chathair Luimnigh a bheith ainmnithe mar an chéad Chathair CLISTE Dearfach ó thaobh Fuinnimh in Éirinn.<br>- I láthair na huaire, tá BOO Luimnigh agus an Chláir ag obair le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Nuáil Luimnigh chun cúrsaí oiriúnacha a fhorbairt maidir le Bainistíocht Fuinnimh agus iarfheistiú foirgneamh laistigh de chrios píolótach aitheanta Cheathrú Sheoirseach Luimneach Digiteach agus codanna d'eastáit Tithíochta Poiblí.<br>Soláthar Cúrsaí | a shuiteáil go sábháilte sa timpeallacht tógála. Cuirfidh cur i gcrích rathúil dhámhachtain QQI Leibhéal 5 i Suiteáil Inslithe Theirmigh ar chumas Foghlaimeoirí oibriú go neamhspleách agus faoi mhaoirseacht sa tionscal agus chomh maith leis sin, rialacháin tógála reatha agus rialacháin sláinte agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm ar thionscadail shonracha a bhaineann le tógáil.<br>Ina theannta sin, ceanglaítear leis an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD) go mbeidh gach foirgneamh nua a thógfar ón mbliain 2021 anonn ag feidhmiú mar fhoirgnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh (NZEB). Chun tacú le príomhpháirtithe leasmhara, reáchtáil Coláiste FET clár feasachta bunúsach iarfheistithe NZEB aon lae i mí Lúnasa 2022, chun ceardaithe, innealtóirí, ailtirí agus gach duine a oibríonn san earnáil tógála agus sa timpeallacht thógtha a chumhachtú, agus feasacht a mhúscailt faoi na prionsabail agus cleachtais atá riachtanach chun caighdeán NZEB a chomhlíonadh.<br>San áireamh sa soláthar scileanna Glasa eile tá:<br>➢ Gairneoireacht: bhí an-éileamh ar chúrsaí gairneoireachta ar champais Choláiste FET.<br>➢ Cúrsaí Uaschúrsála/Athchúrsála<br>➢ Cúrsaí i ndearadh gairdíní<br>➢ Oiliúint maidir le Comhlíontacht F-Gháis: In 2022, tháinig athruithe ar an reachtaíocht agus ar cheanglais cháilíochta i réimse na láimhseála cuisneán agus go háirithe sa réimse F-gháis. D'fhonn leanúint ar aghaidh le hoiliúint chomhlíontachta a chur ar fáil don tionscal, rinne Coláiste FET iarratas ar, agus ba é an chéad soláthraí a bailíochtaíodh chun na dámhachtainí nua a bhain le láimhseáil F-gháis a sholáthar. In 2022, rinne 604 foghlaimeoir ar fad cúrsaí oiliúna agus bronnadh teastas i láimhseáil F-gháis orthu. Tiocfaidh méadú ar líon na bhfoghlaimeoirí in 2023.<br>**An Geilleagar Glas – Próisis Soláthair**<br>➢ Cinntíonn BOOLC go mbreithnítear gnéithe inbhuanaitheachta sa phróiseas soláthair agus tacaíonn sé le húsáid costas saolré/costas fála iomlán le haghaidh gach conradh oiriúnach agus cuirtear san áireamh critéir |

| | | |
|---|---|---|
| | - Déanfar tuilleadh forbartha ar sholáthar cúrsaí oiliúna F-Gháis, mar an t-aon soláthraí FET in Éirinn de chláir F-Gháis deimhnithe QQI.<br>- Cúrsa fuinnimh inbhuanaithe 6 seachtaine forbartha agus curtha ar fáil trí Oideachas Pobail, atá dírithe ar acmhainn agus feasacht áitiúil a fhorbairt i ndáil leis an gclár oibre glas agus tionscnaimh fuinnimh inbhuanaithe áitiúla.<br>- Sholáthair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, i gcomhpháirt le Comhpháirtíocht Forbartha Fiontar Luimnigh, Oiliúint Túslíne agus Tacaíochta Teicniúla ar fáil don Earnáil Seirbhísí Comhshaoil. Is cúrsa lánaimseartha creidiúnaithe uathúil 14 seachtaine é seo, agus cuireadh feabhas ar na cúrsaí oiliúna mar thoradh ar ionchur agus tacaíocht ón tionscal príobháideach.<br>- Cúrsaí maidir le Garraíodóireacht don Bhithéagsúlacht<br>- Cúrsaí bunaithe ar Ghairneoireacht Orgánach<br>- Bunchúrsa Beachaireachta<br>- Réamheolas don Bhitheolaíocht Mhuirí agus do sháile áitiúil.<br>- Staidéar Comhshaoil QQI Leibhéal 5<br>- Inbhuanaitheacht san ionad oibre QQI Leibhéal 5 agus leibhéal 4 trí STA.<br>- Bunaithe ar spriocanna an Rialtais, ionas gur féidir carranna agus veaineanna astaíochtaí nialasacha a úsáid, forbróidh BOO Luimnigh agus an Chláir cláir in | inbhuanaitheachta i gcritéir agus i bpróiseas meastóireachta dámhachtana tairsceana más cuí.<br>➢ Tá BOOLC ag leanúint ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar na réimsí inar féidir leis a chuspóirí comhshaoil i réimse an tsoláthair Priontála a fheabhsú; trealamh TF; Tionscadail Tógála Caipitil & Seirbhísí Lónadóireachta.<br>➢ Tá BOOLC tiomanta do chinntiú go mbreithneoidh soláthar gach gné de roghanna soláthair 'glasa' chun dul i ngleic leis an athrú aeráide de réir an bheartais náisiúnta.<br>• Tá BOOLC ag leanúint ar aghaidh ag obair ar an Soláthar Glas: Airteagal 7 – atá le cur i bhfeidhm faoi 2023. Cinnteoidh sé seo go mbeidh córais chomhshaoil i bhfeidhm ag soláthraithe poitéinsiúla nuair is cuí. Conradh nua glantacháin & bainistithe dramhaíola (laghdú ar líonadh talún, fearais rátaithe A+, $CO_2$ Laghdaithe) |

| | | |
|---|---|---|
| | 2022 a chuirfidh oiliúint ar fáil maidir le seirbhísiú agus cothabháil feithiclí leictreacha/ hibrideacha.<br>**4. An Geilleagar Glas – Próisis Soláthair**<br>Forbróidh BOO Luimnigh agus an Chláir cláir, agus tacóidh sé leo, a bheidh mar bhonn le cur chun feidhme eilimintí glasa i bpróisis soláthair a spreagadh lena n-áirítear, ar dtús, seirbhísí fuinnimh, bia agus lónadóireachta, táirgí agus seirbhísí glantacháin, trealamh TF agus páipéar oifige. | |

| **Cuspóir Straitéiseach 4: Comhpháirtíocht**<br>Aidhm: Comhoibriú ar fud na heagraíochta a fhorbairt agus oibriú i gcomhar le gach roinn agus gníomhaireacht rialtais, páirtithe leasmhara tionscail agus pobail, d'fhonn réitigh nuálacha a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais athraitheacha shóisialta, gheilleagracha agus chomhshaoil an réigiúin.<br><br>Is éard atá i gceist leis seo freagairt d'oibleagáidí reachtúla agus comhpháirtíochtaí ábhartha a bhunú chun conairí éifeachtacha a chruthú agus chun forbairt a dhéanamh ar ról an oideachais agus na hoiliúna i ndáil le hiomaíochas geilleagrach agus ionchuimsiú sóisialta an réigiúin a chur chun cinn. | | |
|---|---|---|
| Cuspóir ón Ráiteas Straitéise | Gealltanas i bPlean Seirbhíse 2022 | Éachtaí in 2022 |
| 4.1 Cultúr comhoibrithe san eagraíocht trí chéile a shaibhriú. | Comhoibriú idir-rannóige a éascú agus úsáid acmhainní, saoráidí agus seirbhísí inmheánacha a spreagadh ar mhaithe le heispéireas na foirne, na mac léinn agus na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú. | Lean an Roinn Caipitil agus Soláthair ar aghaidh ag obair i gcomhar agus i gcomhpháirt chun dlús a chur le seachadadh tionscadal nuálach neamh-BOO éagsúil de réir SLAnna agus Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais in 2022 ar mhaithe lenár bpáirtithe leasmhara go léir inár réigiún.<br><br>In 2022, lean an Rannán FET ar aghaidh ag treisiú a rannpháirtíochta le fostóirí chun ábharthacht a sholáthair a chinntiú ar mhaithe le foghlaimeoirí FET. Rinne Seirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair na Rannóige FET obair ag leibhéal straitéiseach le raon leathan páirtithe leasmhara agus fostóirí chun aird a tharraingt ar ról straitéiseach an Údaráis i bhforbairt scileanna sa Mheán-Iarthar.<br><br>Trí líonrú a dhéanamh le Fóram Réigiúnach Scileanna an Mheán-Iarthair, GFT, na Comhairlí áitiúla, IBEC, Cuideachtaí Forbartha Pobail áitiúla, Comhpháirtíocht PAUL, Fiontair OFÁ, FBManna, srl., forbraíodh idirghabhálacha spriocdhírithe trí Scileanna atá le Forbairt agus trí sholáthar eile a bhfuil sé mar aidhm leis déileáil le riachtanais uasoiliúna an réigiúin.<br><br>Tá BOO Luimnigh agus an Chláir ag leanúint ar aghaidh ag tacú leis an gcultúr comhoibrithe seo agus sampla amháin de seo é Oiliúint Scileanna Glasa DigiEco a bhfuil sé mar aidhm leis cabhrú le FBManna agus Micrifhiontair leis an gcéad chéim dá dturas inbhuanaitheachta trí fheasacht maidir leis an nGeilleagar Glas a mhúscailt agus an tionchar agus na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann dá ngnóthaí féin. Is clár comhoibríoch é atá á chur ar fáil ag BOOLC agus TUS an Mheán-Iarthair. I gcomhar le hOifig Réigiúnach Scileanna an Mheán-Iarthair agus leis na hOifigí Fiontair Áitiúil, tugadh tacaíocht do mhicrifhiontair chun aistriú chuig cleachtais ghnó níos inbhuanaithe. |

| | | |
|---|---|---|
| | | In 2022, mar chuid dá thiomantas do chomhoibriú agus go deimhin do dhearbhú cáilíochta maidir le rialachas, rinneadh athbhreithniú ar bhallraíocht na Comhairle Cáilíochta chun ionadaí ón earnáil Ardoideachais (Coláiste Mhuire gan Smál) a chur san áireamh. Ina theannta sin, shínigh Coláiste FET Meabhráin Tuisceana le roinnt Institiúidí Ardoideachais, lena n-áirítear TUS agus WIT agus rinne siad an rud céanna le Coláiste Mhuire gan Smál agus Ollscoil Luimnigh. Síníodh Meabhrán Tuisceana nua idir BOOLC agus TUS chun comhoibriú a neartú i raon comhghnóthas, agus é mar aidhm timpeallacht chomhtháite oideachais agus oiliúna treasaí a fhorbairt ar fud Luimnigh agus an Chláir. |
| 4.2 Cultúr atá bunaithe ar chomhoibriú, nuálaíocht agus comhpháirtíocht a chur chun cinn ar mhaithe leis na deiseanna atá ag gach páirtí leasmhar dár gcuid sa réigiún a fheabhsú. | Oibreoidh an fheidhme Obair don Aos Óg i gcomhpháirt i raon leathan fóram laistigh agus lasmuigh den réigiún chun an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>• Cur le forbairt beartas a bhaineann le hobair don aos óg agus réimsí gaolmhara.<br>• Aird a tharraingt ar luach agus infheictheacht na oibre don aos óg mar idirghníomhaíocht do gach duine óg.<br>• A chinntiú go bhfuil cumarsáid éifeachtach á déanamh idir gach eagraíocht atá ag obair le daoine óga sa réigiún. | Páirt a ghlacadh i struchtúir BOOÉ – Líonra Oifigeach don Aos Óg agus comhairliúcháin ad hoc a eagraíonn an RLCMLÓ.<br><br>Rannpháirtíocht ar raon coistí, bord, grúpaí comhairliúcháin, e.g. Tascfhórsa Drugaí, Comhairle na nÓg, Cleachtais Aisiríocha, CYPSC, Struchtúir phobail áitiúla agus líonraí tacaíochta eile. |
| | Lean Rannóg Caipitil agus Soláthair BOOLC ag bainistiú agus ag soláthar tionscadal do Scoileanna neamh-BOOLC le linn 2022, chun a chinntiú go bhfuil cistí poiblí á gcaitheamh ar an mbealach is éifeachtaí agus éifeachtúla ó thaobh costas de. | Tá achoimre le fáil thíos maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le scoileanna neamh-BOO in 2022:<br>• Gaelscoil Sheoirse Clancy – Cuireadh tús leis an obair thógála ar an láthair.<br>• Gaelscoil Mhichíl Cíosóg – Fuarthas cead pleanála don síneadh in 2022. Ní fhéadfaí leanúint ar aghaidh leis an tionscadal seo, áfach, mar cuireadh achomharc in aghaidh an chinnidh sin faoi bhráid an Bhoird Pleanála. Táthar ag súil le cinneadh maidir leis an achomharc seo in 2023.<br>• Scoil an Chroí Rónaofa, Móin an Lín – Ceadaíodh iarratas pleanála |

| | | |
|---|---|---|
| | | chun an scoil atá ann faoi láthair a scartáil agus scoil nua, 32 Seomra Ranga, a thógáil agus táthar ag súil go reáchtálfar próiseas tairisceana an tionscadail in 2023.<br>• Gaelscoil Donncha Rua – Fuarthas cead pleanála do scoil nua agus táthar ag súil go reáchtálfar próiseas tairisceana an tionscadail in 2023.<br>• Scoil Náisiúnta Bhríde – Tuarascáil Mhionsonraithe Chéim 1 curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais agus tá sé beartaithe an tionscadal seo a chur i gcrích mar chuid de Chlár Píolótach Modúlach Adhmaid na Roinne anois.<br>• Scoil Náisiúnta Naomh Muire, Luimneach – Tuarascáil Mhionsonraithe Chéim 1 curtha ar fáil agus Cuairt Suímh Theicniúil leantach eagraithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige dearaidh deiridh agus chun é a chomhaontú i mí Dheireadh Fómhair 2022.<br>• Coláiste Sailéaiseach, Pailís Chaonraí - Tuarascáil Mhionsonraithe Chéim 1 curtha ar fáil.<br>• Gaelscoil Uí Chóimín - Foireann Deartha ceaptha. Ní dhéanfar aon dul chun cinn ar an dearadh seo go dtí go mbeidh na teorainneacha comhaontaithe ag an Roinn Oideachais le CCC.<br>• Coláiste San Cleimint – Ag feitheamh ar Thuarascáil Chéim 1 a bheith faofa ag an Roinn Oideachais.<br>• Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn – Foireann Deartha ceaptha, forbairt dearaidh ar siúl faoi láthair agus táthar ag súil le hionchur agus soiléiriú breise ón Roinn Oideachais agus Scileanna i Ráithe 1 2023. |
| | Tá seirbhís tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair FET ina ball d'Fhóraim Scileanna Réigiúnacha an Mheán-Iarthair a chumasaíonn rochtain ar Chnuasghrúpaí Scileanna i.e.: Luimneach le haghaidh Innealtóireachta, Luimneach do TF, Luimneach le haghaidh Déantúsaíochta, Luimneach le haghaidh Scannán, agus Luimneach le haghaidh Fáilteachais. Mar thoradh air sin, cuirtear cláir ar fáil a bhaineann go sonrach le riachtanais | In 2022, lean an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair (EESS) ar aghaidh leis an bplé le raon leathan páirtithe leasmhara, fostóirí agus foghlaimeoirí, ag leagan béim ar ról straitéiseach an BOO i ndáil le forbairt scileanna sa Mheán-Iarthar. Chuir an raon gníomhaíochtaí rannpháirtíochta le fostóirí, lena n-áirítear cruinnithe straitéiseacha ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil, comhairliúcháin, cuairteanna suímh, ionchur i bhforbairt an churaclaim, srl. leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ábharthacht ár soláthar FET a fheabhsú. Chomh maith leis sin, tá Coláiste na gCampas FET ag leanúint ar aghaidh le naisc áitiúla a fhorbairt tríd an obair atá á déanamh ag comhordaitheoirí FET ar fud an réigiúin, agus trí naisc ghnó ag leibhéal áitiúil a neartú. |

| | | |
|---|---|---|
| | oiliúna na n-earnálacha sin.<br>Chomh maith leis sin, díríonn sé ar Phlean Forfheidhmithe Fhóraim Réigiúnacha Scileanna an Mheán-Iarthair, Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028 agus ar an bPlean Fiontraíochta Réigiúnach.<br>Ciallaíonn sé sin gur féidir roghanna FET cosúil le Scileanna atá le Forbairt a chur chun cinn mar dheis mhaoinithe d'oiliúint de réir Springboard agus Skillsnet. Trí bheith ag obair le páirtithe leasmhara cosúil le Grúpa Bhealach Eabhra agus Acmhainní Iarthar Luimnigh, Comhpháirtíocht PAUL, Fiontair OFÁ, díríonn STA ar FBManna agus forbraíonn siad cúrsaí atá oiriúnach dá riachtanais uasoiliúna.<br>Forbraítear naisc áitiúla freisin trí oibriú i ndlúthpháirt lenár gcomhordaitheoirí Oideachais agus Oiliúna i Luimneach agus sa Chlár ar fud an réigiúin, rud a chumasaíonn naisc ghnó áitiúla ag leibhéal áitiúil. | Trí líonrú a dhéanamh le Fóram Réigiúnach Scileanna an Mheán-Iarthair, GFT, na Comhairlí áitiúla, IBEC, Cuideachtaí Forbartha Pobail áitiúla, Comhpháirtíocht PAUL, Fiontair OFÁ, FBManna, srl., forbraíodh Scileanna atá le Forbairt (STA) agus soláthar eile, a sholáthair deiseanna uasoiliúna agus athoiliúna do 1,530 fostaí mar chuid de 102 clár, rud a chiallaigh go raibh na scileanna ag na fostaithe seo a bhí riachtanach chun dul chun cinn a dhéanamh ina ról reatha nó chun dul in oiriúint don mhargadh fostaíochta atá ag athrú. In 2022, cuireadh seachadadh ar líne san áireamh i gcláir na Scileanna atá le Forbairt, agus thacaigh seisiúin faisnéise fíorúla tionscail, imeachtaí taispeántais beo a raibh daoine i láthair acu, leis na páirtithe leasmhara. |
| 4.3 Leanúint ar aghaidh ag cur le comhpháirtíochtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta, chun dea-chleachtas a chomhroinnt agus ár bpróifíl mar phríomhsholáthraí oideachais agus oiliúna d'ardchaighdeán a chur chun cinn. | In 2022, díreoidh an Rannán FET ar thionscadail **shoghluaisteacht foghlama Erasmus+** faoi Phríomhghníomhaíocht 1 an Chláir, chun tacú le heagraíochtaí deiseanna forbartha gairmiúla agus pearsanta a chur ar fáil do mhúinteoirí foirne, oiliúnóirí agus baill oideachais eile. Tabharfaidh creidiúnú deis dúinn leas a bhaint as maoiniú cobhsaí thar thréimhse idir 5 agus 6 bliana agus beimid in ann iarratais shimplithe a ullmhú ar bhonn bliantúil le haghaidh taistil idirnáisiúnta. | In 2022, ceadaíodh dhá thionscadal creidiúnaithe foghlama agus forbartha Gairmiúla Fhoireann Choláiste FET – tionscadal amháin a bhí bunaithe ar VET agus tionscadal eile a bhí bunaithe ar Oideachas Aosach. Is lipéad cáilíochta é Erasmus+ a bhronnann an Coimisiún Eorpach ar eagraíochtaí a chuir tionscadail ar ardchaighdeán i bhfeidhm faoin gclár Erasmus+. Cabhraíonn sé le cáil agus creidiúnacht na heagraíochta a fheabhsú agus le hinfheictheacht agus aitheantas a mhéadú ag an leibhéal Eorpach. Mar chuid de na hiarratais, d'fhorbair Coláiste FET 'Pleananna Erasmus' a nascann gníomhaíochtaí soghluaisteachta le riachtanais agus cuspóirí ár n-eagraíochta, lena n-áirítear riachtanais agus cuspóirí QAIR agus ár gCreata Straitéisigh. Tríd is tríd, tá súil againn deiseanna soghluaisteachta a chruthú do bheagnach 200 ball foirne thar shaolré an tionscadail.<br>In 2022, d'fhill an chéad ghrúpa a bhain tairbhe as deiseanna |

| | | |
|---|---|---|
| | Cuspóirí – nasctha lenár Straitéis FET 2021-2025 agus QAIR:<br>- Idirnáisiúnú a mhéadú agus acmhainn a fhorbairt maidir le E+<br>- Deiseanna Forbartha Foirne sa Teagasc agus san Fhoghlaim<br>- Curaclaim Nua a fhorbairt<br>- Acmhainneacht Dhigiteach a fhorbairt agus ionchuimsiú digiteach a chinntiú<br>- Líonraí nua a fhorbairt – malartú faisnéise – comhpháirtithe tionscadal féideartha srl.<br><br>In 2022, leanfaidh an Rannán FET ar aghaidh ag c**omhroinnt dea-chleachtais ag leibhéil áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta** trí chomhdhálacha, cúrsaí oiliúna agus páipéir roinnte le soláthraithe foghlama. | soghluaisteachta i ndiaidh na paindéime; thaistil 18 mball foirne chuig áiteanna ar nós na hÍoslainne, na hIodáile agus na hEastóine chun freastal ar chúrsaí/ar chomhdhálacha. D'óstáil Coláiste FET roinnt ball foirne ón Iorua mar chuid de shocrú scáthfhoghlama in 2021 agus 2022 araon.<br>Bronnadh Creidiúnú Erasmus Plus ar Chlár Erasmus Plus an LCFE i mí Eanáir 2022. Cuirfidh sé seo ar chumas an choláiste teacht ar mhaoiniú seasmhach suas go dtí 2027, agus beifear in ann pleanáil fhadtéarmach a dhéanamh a rachaidh go mór chun tairbhe an chláir. Ghlac 21 foghlaimeoir a bhí ag díriú ar Ghnó, Turasóireacht agus Spóirt, páirt i gclár Erasmus Plus i mí Feabhra 2022. Chríochnaigh foghlaimeoirí a socrúchán oibre coicíse, fad is a bhí siad ina gcónaí go neamhspleách in Málaga, sa Spáinn agus in La Rochelle, sa Fhrainc. Bhí deis ag foghlaimeoirí taithí a fháil ina réimse gairme, cur lena scileanna teanga agus taithí a fháil ar chultúr tír eile de chuid an Aontais Eorpaigh.<br>Lean an Campas Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais ar aghaidh ag eagrú deiseanna d'fhoghlaimeoirí tréimhsí oibre ar ardchaighdeán a chaitheamh sa Spáinn. D'óstáil Campas Raithin grúpa foghlaimeoirí, aosaigh óga, ó ghairmscoil sa Ghearmáin in 2022, agus é ar intinn acu an caidreamh seo a fhorbairt amach anseo.<br>Ar deireadh, d'eagraigh Coláiste FET leagan píolótach de Chiste Idirnáisiúnaithe lárnach nua – chun tacú le Foireann FET ar mhaith leo freastal ar chomhdhálacha idirnáisiúnta gearrthréimhse nó ar imeachtaí líonraithe a bhaineann le haon cheann dár réimsí tosaíochta straitéiseacha – atá lasmuigh de chritéir Erasmus. Cuidíonn an ciste seo linn díriú ar ár n-aidhmeanna maidir le hidirnáisiúnú agus bealach a chur ar fáil chun tiomantas agus saineolas ár bhfoirne a admháil agus a urramú. In 2023, tá 3 bhall foirne á seoladh chuig an Ríocht Aontaithe agus Málta trí úsáid a bhaint as an gciste seo. |
| 4.4 Leanúint orainn tionscnaimh a fhorbairt mar fhreagra ar riachtanais beartais náisiúnta de chuid na Roinne Oideachais agus na Roinne Breisoideachais, | I rith 2022, rachaidh **Rannán FET** i mbun idirchaidrimh le SOLAS i ndáil le cur chun feidhme an chomhaontaithe feidhmíochta straitéisí trí bliana. Leagtar amach gníomhartha sonracha a mbeifear ag díriú orthu in 2022 sa Teimpléad d'Iarratais ar Leithdháiltí Maoinithe 2022 a cuireadh faoi bhráid SOLAS. | In 2022, comhaontaíodh Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí nua 2022-24 le SOLAS, agus leagadh béim ar phríomhspriocanna agus táscairí feidhmíochta.<br>**Freagairt don Úcráin Choláiste FET 2022**<br>Tá Coláiste FET tiomanta do bheith páirteach i bhfreagairt dhaonnúil Rialtas na hÉireann chun fáilte a chur roimh dhaoine atá ag teitheadh ón gcogadh sa Úcráin agus ag lorg cosanta in Éirinn. Faoin 11ú Nollaig 2022, léiríodh i staitisticí CSO do réigiún BOO go raibh 6,335 Dídeanaí Úcránach ina gcónaí i Luimneach agus sa Chlár. |

| | | |
|---|---|---|
| Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. | | Bhí BOOLC páirteach san fhreagairt idirghníomhaireachta sa dá chontae agus is ball é d'Fhóraim Pobail na nÚdarás Áitiúil i Luimneach agus sa Chlár, chomh maith leis na fostruchtúir a chomhordaíonn iarrachtaí i gcomhar leis an RCS, FSS, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Seirbhísí inimirce agus eagraíochtaí pobail agus deonacha eile. D'fhorbair Coláiste FET freagairt chomhtháite ar fud na seirbhíse. Buaileann grúpa oibriúcháin tras-seirbhíse a bunaíodh chun Croíscileanna, ESOL, Treoir agus Cuimsiú Gníomhach a chur san áireamh ar bhonn seachtainiúil leis na hOifigigh Oideachais Aosaigh ábhartha chun soláthar a phleanáil, saincheisteanna a athbhreithniú, buiséad a bhainistiú agus freagairtí nuálacha a fhorbairt.<br>Bhí an méid seo a leanas san áireamh inár bhfreagairt Chomhtháite go dtí seo:<br>• Bunú ár nGrúpa Freagartha Úcránach FET, a bhfuil 112 ball páirteach ann.<br>• Bunú Fhoireann REALT laistigh de BOOLC – grúpa idirghníomhaireachta atá freagrach as tacú le leanaí rochtain a fháil ar áiteanna scoile agus iompar.<br>• Ábhar a fhorbairt agus a scríobh le haghaidh Leathanach Úcráinise ar Shuíomh Gréasáin BOOLC.<br>• An maoiniú d'aistriú agus d'fhoilsiú Leabhrán Oideachais Úcráinise<br>• Cás Gnó a Scríobh chun buiséad breise ESOL a fháil do Sholáthar Croíscileanna.<br>• Cás Gnó a Scríobh chun acmhainní breise bainistíochta a fháil – maoinithe ó Bhuiséad AISS.<br>• Iarratas ar mhaoiniú REACH do Chostais Iompair/ Chíosa chun tacú le ESOL<br>• Iarratas ar Chiste REACH agus ar Bhainistiú an Chiste Cúnaimh d'Fhoghlaimeoirí chun Tacú le líon suntasach Foghlaimeoirí Imircigh<br>• 200 gléas breise a cheannach do leabharlann gléas an Mhoil Foghlama chun freastal ar éileamh méadaithe ar Iasachtaí Cothromais Gléis<br>• Roinnt tionscnamh meabhairshláinte agus folláine i gcampais FET d'fhoghlaimeoirí Úcránacha agus ESOL.<br>• Soláthar cianda ESOL.<br>• Leabhrán eolais sa Úcráinis agus i mBéarla |

| | | |
|---|---|---|
| 4.5 Leanúint ar aghaidh ag neartú nasc le fiontar chun deiseanna dár mic léinn/foghlaimeoirí a uasmhéadú, agus cabhrú le forbairt na timpeallachta scileanna do réigiún an Mheán-Iarthair. | Tá seirbhís tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair FET ina ball d'Fhóraim Scileanna Réigiúnacha an Mheán-Iarthair a chumasaíonn rochtain ar Chnuasghrúpaí Scileanna i.e.: Luimneach le haghaidh Innealtóireachta, Luimneach do TF, Luimneach le haghaidh Déantúsaíochta, Luimneach le haghaidh Scannán, agus Luimneach le haghaidh Fáilteachais. Mar thoradh air sin, cuirtear cláir ar fáil a bhaineann go sonrach le riachtanais oiliúna na n-earnálacha sin. Chomh maith leis sin, díríonn sé ar Phlean Forfheidhmithe Fhóraim Réigiúnacha Scileanna an Mheán-Iarthair, Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028 agus ar an bPlean Fiontraíochta Réigiúnach. Ciallaíonn sé sin gur féidir roghanna FET cosúil le Scileanna atá le Forbairt a chur chun cinn mar dheis mhaoinithe d'oiliúint de réir Springboard agus Skillsnet.<br><br>Is ionann réigiún Luimnigh agus an Chláir agus ceann de na timpeallachtaí is fearr chun poist a chruthú ann. Le dhá bhliain anuas, bhain réigiún an Mheán-Iarthair tairbhe as 17 bhfógra FDI, fianaise go raibh ag éirí níos fearr leis i gcomparáid leis an gcuid eile den tír. Is í an earnáil seirbhísí an phríomhearnáil fostaíochta i Luimneach agus sa Chlár fós, agus an tionscal tráchtála agus trádála agus déantúsaíochta ina dhiaidh sin. Tá an Fóram Réigiúnach Scileanna i ndiaidh na láidreachtaí reatha chomh maith leis na hionchais fáis a aithint sa gheilleagar réigiúnach, ó thaobh bitheolaíochta, | In 2022, bhí an méid seo a leanas san áireamh i measc roinnt samplaí de thionscnaimh STA:<br>• Oibriú i ndlúthcomhar le fiontair bheaga agus mheánmhéide chun scileanna agus riachtanais oiliúna a aithint agus infheistíocht a dhéanamh ina bhfoireann oibre. I measc na gclár FET a reáchtáladh bhí cláir a bhí dírithe ar bhainistíocht tionscadail, bainistiú coinbhleachtaí, ceannaireacht agus bainistíocht mar aon le neart réimsí eile cosúil le TFC, Fáilteachas agus Turasóireacht.<br>• Aithníodh i measúnuithe ar riachtanais oiliúna a rinneadh leis an tionscal bearnaí scileanna féideartha i ngnólachtaí éagsúla, agus mar thoradh air sin cuireadh cúrsaí nua ar fáil, i.e. Inbhuanaitheacht Chomhshaoil san Ionad Oibre, Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, Neomataic Thionsclaíoch, Scileanna Cothabhála (dámhachtain iomlán).<br>• Conairí Innealtóireachta: Bhuail an fhoireann Rannpháirtíochta Fiontair le baill de Explore Engineering Kostal, Rusal Aughinish, Johnson & Johnson, EI agus Lufthansa chun conairí d'fhostaithe san earnáil Innealtóireachta a phlé agus a chur chun cinn.<br>• I ndiaidh an ratha a bhí ar an tionscadal píolótach in 2021, cuireadh tús le leagan nua de Chódú do Mhná (QQI Leibhéal 5) in 2022. Tá an cúrsa tumoideachais 12 mhí seo i bhforbairt bogearraí lánchruaiche agus socrúchán oibre trí mhí ina dhiaidh sin le cuideachtaí TF, mar chuid de chomhpháirtíocht idir Coláiste FET, The Code Institute, Digital Mid-West (Luimneach le haghaidh TF roimhe seo) agus Fóraim Scileanna Réigiúnacha an Mheán-Iarthair. Tacaíonn fostóirí ó bhraisle Luimneach le haghaidh TF ag tacú leis an tionscnamh, atá airdeallach ar an tábhacht a bhaineann le píblíne tallainne áitiúil agus iarracht a dhéanamh ionadaíocht na mban san earnáil a fheabhsú.<br>In 2022, lean Coláiste FET ar aghaidh ag cur lena rannpháirtíocht leis an tionscal i ngach earnáil. D'oibrigh Oifigigh Faisnéise agus treoirchomhairleoirí i gcomhar leis an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair agus leis an tSeirbhís Tacaíochta um Ionchuimsiú Gníomhach, chun pacáistí faisnéise saincheaptha a sholáthar do chomhpháirtithe tionscail. Chinntigh na tionscnaimh seo go raibh faisnéis cothrom le dáta agus ábhartha ar fáil do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le gach bealach agus deis FET atá ar fáil. In 2022, díríodh ar na tionscnaimh seo a leanas:<br>• Mar chuid d'fhóraim an fhostóra áitiúil agus réigiúnaigh, chuir EESS |

| | | |
|---|---|---|
| | teicneolaíochta leighis, TFC, aeraspáis, turasóireachta, gnó talmhaíochta agus lóistíochta de. D'aithin an Fóram cnuasaigh scileanna Fáilteachas, Innealtóireachta, Scannán agus TFC. Trí na cnuasaigh scileanna fostóirthreoraithe agus le tacaíocht ó sholáthraithe oideachais agus oiliúna, aithnítear na riachtanais scileanna atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo.<br>Trí Scileanna atá le Forbairt, leanfaidh an Rannán FET ar aghaidh ag úsáid clár creidiúnaithe QQI agus clár City and Guilds, chun cúrsaí nua a fhorbairt chun freastal ar riachtanais an tionscail. | agus IRGSS tacaíocht ar fáil d'fhostaithe Rettig Ireland, tar éis dhúnadh na cuideachta in An Caisleán Nua i mí an Mheithimh 2022. Cuireadh faisnéis ábhartha maidir le deiseanna oideachais agus oiliúna chomh maith le ceardlanna aonair agus seisiúin chomhairleoireachta gairmthreorach ar fáil ar an láthair le haghaidh 50 fostaí a bhí ag súil le fógraí iomarcaíochta.<br>• Rinneadh seisiúin faisnéise tionscail le mic léinn iar-bhunscoile agus treoirchomhairleoirí i rith 2022, ar líne agus ar bhonn duine le duine.<br>• Mar thoradh ar rannpháirtíocht le Regeneron agus Analog bhí os cionn 30 treoirchomhairleoir i láthair agus athbhreithniú ar na conairí ó FET go dtí Ardoideachas agus obair sa tionscal. Bunaíodh grúpaí fócais le Treoirchomhairleoirí chun rochtain ar fhaisnéis a éascú.<br>• Chuaigh Tionscadail Athnuachana Chathair Luimnigh i mbun plé ar bhonn gníomhach leis an tSeirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair chun conairí gairme, aontaí poist, tionscadail speisialaithe a chur chun cinn, agus chun deis a thabhairt dóibh siúd atá ina gcónaí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch tairbhe a bhaint as deiseanna fostaíochta.<br>• Imeacht Uasoiliúna faoin Uathoibriú Modúlach: D'óstáil Coláiste FET seastán ag ócáid uasoiliúna faoin Uathoibriú Modúlach i Sionainn, chun Scileanna atá le Forbairt a chur chun cinn mar aon le cúrsaí eile in BOO, le haghaidh na bhfostaithe san earnáil Uathoibrithe Mhodúlaigh agus Bainisteoirí Acmhainní Daonna ó roinnt cuideachtaí i Sionainn;<br>• I mí an Mhárta 2022, dhírigh EESS agus Stiúrthóir FET ar fhostóirí réigiúnacha ag Seisiún Faisnéise d'Fhostóirí Scileanna an Mheán-Iarthair i Luimneach.<br>• Ag leibhéal an champais, d'óstáil Roinn Gnó agus TF Champas Shráid Mulgrave Maidin Fiontraíochta ar éirigh thar cionn leis i Márta 2022, agus bhí neart aoichainteoirí i láthair ó earnálacha gnó éagsúla a roinn a gcuid saineolais le foghlaimeoirí. Rinne Roinn na Meán Cruthaitheach nasc freisin le tionscail áitiúla agus réigiúnacha na meán cruthaitheach lena n-áirítear Magpie Animations, Emerging Limerick Filmmaker, Film in Limerick agus Troy Studios agus Odyssey Studios.<br>• D'fhostaigh campais éagsúla sa Choláiste saineolaithe tionscail trí mhaidineacha Fiontraíochta agus eagraíodh léachtaí nó ceardlanna d'fhoghlaimeoirí. |

| | | |
|---|---|---|
| 4.6 Leanúint de neartú agus de chothú nasc le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile, lena n-áirítear líonrú le BOOnna eile agus institiúidí tríú leibhéal, i dtaca le seirbhísí poiblí a chur ar fáil ar fud an réigiúin chun foghlaim agus aistrithe a chur chun cinn agus chun tacú leo. | Leanfaidh an Rannán FET ar aghaidh ag obair le príomh-chomhpháirtithe oideachais chun conairí aistrithe d'fhoghlaimeoirí a chur chun cinn agus a fhorbairt.<br>San áireamh anseo tá oibriú le scoileanna chun FET a chur chun cinn mar bhealach luachmhar do mhic léinn mheánscoile. Tabharfar aird ar leith ar phrintíseachtaí a chur chun cinn mar chonair dul chun cinn luachmhar i ndiaidh cúrsaí PLC, idirbhliana agus Ardoideachais a dhéanamh, trí bhlaschúrsaí agus idirchaidreamh le treoirchomhairleoirí. | CONAIRÍ Ó SCOILEANNA<br>Tá an clár Conairí ón Scoil go dtí FET laistigh de Choláiste FET maoinithe ag SOLAS agus is é seo a leanas aidhm an chláir:<br>▪ Deis uathúil a thabhairt do mhic léinn agus d'fhoireann teagaisc páirt a ghlacadh san fhoghlaim ghníomhach in ionad FET nó in ionad dá leithéid.<br>▪ Mic léinn rannpháirteacha a chumasú, tacú leo agus iad a spreagadh chun díriú ar chonairí gairme idir an scoil agus FET agus ina dhiaidh sin.<br>▪ Feasacht ar agus rannpháirtíocht sa Bhreisoideachas a mhéadú.<br>▪ Naisc le deiseanna oideachais, oiliúna agus fostaíochta iar-bhunscoile a chur chun cinn<br>I measc na roghanna a bhí ar fáil in 2022 bhí:<br>➢ **Cláir Ghinearálta Conairí**, cosúil le ranganna Béarla, ranganna tacaíochta matamaitice, srl.<br>➢ **Cláir Shonracha Earnálacha Conairí**, cosúil le hOiliúint Barista, Blaschúrsa do Chócairí Printíseacha Sóisearacha, Conairí don Oideachas Lasmuigh agus Conairí d'Obair Thógála.<br>Mar shampla, mar thoradh ar chomhthionscnamh idir Coláiste FET BOO agus Rannán na Scoileanna, comhtháthaíodh 'blaschúrsaí' gairme san oideachas dara leibhéal. In 2022, cuireadh cúrsaí Scileanna Cócaireachta agus Scileanna Barista ar fáil do bheagnach 450 mac léinn idirbhliana a bhfuil suim acu slí bheatha a bhaint amach dóibh féin san earnáil fáilteachais, nó díreach scil don saol a fhoghlaim.<br>I mí na Bealtaine 2022, bhí mic léinn ó Choláiste Íde agus Iósaif, Mainistir na Féile, Coláiste Pobail Naomh Anna, Cill Dalua, Gaelcholáiste Luimnigh agus Coláiste Pobail Mhungairit ainmnithe i measc chraobhiomaitheoirí chomórtas Chócaire Sóisearach Réigiún na Sionainne.<br>➢ **Cláir Conairí Réamhphrintíseachta:** Lean an coláiste FET ar aghaidh ag forbairt Conairí Printíseachta – tionscnamh a thairgeann raon cúrsaí ar féidir le daoine iad a dhéanamh roimh phrintíseacht a dhéanamh. Tairgeann na cúrsaí seo scileanna riachtanacha atá deartha chun cabhrú le foghlaimeoirí rochtain a fháil ar agus díriú ar phrintíseacht iomlán. Cosúil le struchtúr mar phrintíseacht, cuirtear conairí chuig cúrsaí printíseachta ar fáil trí mheascán d'oiliúint ar an láthair oibre atá á soláthar ag fostóirí agus oiliúint lasmuigh den láthair oibre i gColáiste Breisoideachais agus Oiliúna. |

| | | |
|---|---|---|
| | | ➢ **Conairí Blascheardlainne**, cosúil le ceardlanna Foghlama Teaghlaigh, Áilleachta agus Gruagaireachta.<br>➢ Tá **Imeachtaí Speisialta** atá ag tacú le Conairí á gcomhordú ag EESS i gcomhar le comhpháirtithe réigiúnacha tionscail agus oideachais. Is bealach uathúil agus nuálach é an cur chuige earnála seo i leith forbairt scileanna an Mheán-Iarthair chun forbairt scileanna a chur chun cinn sa réigiún. I measc shamplaí 2022 tá:<br>o I mí na Bealtaine 2022, thug 900 duine aghaidh ar **Shártaispeántas Explore Engineering** ag Ráschúrsa Luimnigh.<br>o I mí na Nollag 2022, d'fhreastail 350 mac léinn baineann meánscoile ó 12 scoil dhifriúla i Luimneach agus sa Chlár ar imeacht dar teideal **'Spéis Ban san Innealtóireacht a Spreagadh**. Tá an fhoireann Rannpháirtíochta Fiontair ag díriú ar thinreamh agus poiblíocht na n-imeachtaí seo i dteannta le comhghleacaithe in TUS agus Ollscoil Luimnigh.<br>o Aird breis is 4,000 foghlaimeoir a tharraingt ar Choláiste FET ag **Aonach Gairmeacha IGC an Mheán-Iarthair** - I mí Dheireadh Fómhair 2022, chuir an IRGSS i gcomhar le Foireann Cumarsáide agus Margaíochta an BOO, Coláiste FET i láthair mar Choláiste comhtháite, ilchampais, agus leagadh béim ar na cúrsaí atá á gcur ar fáil do bhreis is 4,000 mac léinn na sraithe sinsearaí ó scoileanna ar fud an réigiúin.<br>o D'eagraigh agus chuir campas EESS, Raithin agus na Sionainne agus roinn Margaíochta agus Cumarsáide an BOO an **Taispeántas Printíseachta agus Cúrsa Oiliúna** chun cinn i mí na Samhna 2022 mar chuid den tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme. Bhain cuairteoirí taitneamh as bualadh le hoideoirí, teagascóirí agus fostóirí sna criosanna idirghníomhacha agus le haoichainteoirí le linn na hócáide dhá lá.<br>**CONAIRÍ Ó**<br>In 2022, lean Coláiste FET ar aghaidh ag forbairt nasc níos dlúithe leis an earnáil Ardoideachais, d'fhonn dlús a chur le forbairt conairí dul chun cinn chun tairbhe foghlaimeoirí FET agus Ardoideachais araon. Roinneadh eolas maidir le go leor samplaí d'fhoghlaimeoirí FET a chuaigh ar aghaidh chuig Institiúidí Ardoideachais.<br>In 2022, mar chuid dá dearbhú cáilíochta maidir le rialachas, rinneadh |

| | | |
|---|---|---|
| | | athbhreithniú ar bhallraíocht na Comhairle Cáilíochta chun ionadaí ón earnáil Ardoideachais (Coláiste Mhuire gan Smál) a chur san áireamh. Ina theannta sin, shínigh Coláiste FET Meabhráin Tuisceana le roinnt Institiúidí Ardoideachais, lena n-áirítear TUS agus WIT agus rinne siad an rud céanna le Coláiste Mhuire gan Smál agus Ollscoil Luimnigh. Síníodh Meabhrán Tuisceana nua idir BOOLC agus TUS chun comhoibriú a neartú i raon comhghnóthas, agus é mar aidhm timpeallacht chomhtháite oideachais agus oiliúna treasaí a fhorbairt ar fud Luimnigh agus an Chláir.<br>Lean an soláthar FET agus IRGSS ar aghaidh ag forbairt nasc láidir le hInstitiúidí Ardoideachais sa réigiún. Tá ról ríthábhachtach ag soláthar PLC maidir le dul chun cinn chuig ardoideachas a éascú, agus tá caidreamh seanbhunaithe aige le hinstitiúidí ardoideachais, trí mheabhráin tuisceana agus prótacail idir BOOnna agus na hinstitiúidí seo. |

**Léarscáil den Soláthar**



Aguisín 2
Soláthar agus Seirbhísí

## SCOILEANNA

### Scoileanna Náisiúnta Pobail

Scoil Náisiúnta Pobail Mhol an Óige, Inis Díomáin, Co. an Chláir (ina bhfuil Seomra Ranga Satailíte Ghleann Rua, Gleann Rua, Co. Luimnigh)

Scoile Náisiúnta Pobail Raithin, Tuaim Gréine, Co. an Chláir

### Coláistí Pobail

Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh

Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh

Coláiste Íde agus lósaif, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh

Coláiste Iósaif, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh

Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh

Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh

Coláiste Dheasumhan/Gaelcholáiste Uí Chonbá, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh

Coláiste Pobail na hInse/Gaelcholáiste an Chláir, Inis, Co. an Chláir

Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir

Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Sior Anraí, Luimneach

Coláiste Collchoille, Droim Collachair, Co. Luimnigh

Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh

Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Naomh Anna, Cill Dalua, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Naomh Iósaif, Cill Chaoi, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Mhichíl, Cill Mhichíl, Co. an Chláir

Coláiste Pobail Thuamhan, Páirce Mhaoilis, Luimneach

**Scoileanna Pobail**

Pobalscoil Eoin Baiste, An tOspidéal, Co. Luimnigh

Pobalscoil Chill Rois, Co. an Chláir

Pobalscoil Naomh Caimín, Sionainn, Co. an Chláir

Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn, Co. an Chláir

**FEIDHM NA hOIBRE DON AOS ÓG**

Seirbhísí do Chathair agus Contae Luimnigh

An Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Ascaill Uí Chonaill, Luimneach

Seirbhísí do Chontae an Chláir

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Bóthar an Stáisiúin, Co. an Chláir

**COLÁISTE BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA**

Campas Mhainistir na Féile, Mountmahon, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh

Campas na Ceapaí Móire, An Drom Salach, An Cheapach Mhór, Co. Luimnigh

Campas Chromadh, An tSráid Ard, Cromadh, Co. Luimnigh

An Campas Orgánach/An tIonad Glas, An Cheathrú Ard Thiar, Droim Collachair, Co. Luimnigh

Campas na hInse, Páirc Ghnó Chluain Ráda, Cluain Ráda, Inis, Co. an Chláir

Campas Inis Díomáin, Sráid an Teampaill, Inis Díomáin, Co. an Chláir

Campas an Ospidéil, An Phríomhshráid, An tOspidéal, Co. Luimnigh

An Campas Fáilteachais, Páirc LEDP, Baile an Róistigh, Luimneach

Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Bóthar Chill Mocheallóg, Luimneach

Campas Bhaile Chill Mocheallóg, Bóthar an Iarnróid, Co. Luimnigh

Campas Chill Rois, Bóthar Chuar an Chláir, Co. an Chláir

Campas Shráid na Cathrach, Bóthar an Bhaile Aird, Sráid na Cathrach, Co. an Chláir

Coláiste Breisoideachais Luimnigh Champas Shráid Mulgrave, Sráid Mulgrave, Luimneach

Campas an Chaisleáin Nua, Bóthar an Stáisiún/Bóthar Mhuire, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh

Campas Ascaill Uí Chonaill, Institiúid Teicneolaíochta, Ascaill Uí Chonaill, Luimneach

Campas Raithin, Ascaill Chloch Céitinn, Páirc Ghnó Raithin, Luimneach

NZEB & Ionad Bairr Feabhais Iarfheistithe, Páirc LEDP, Roxboro, Luimneach

Campas Acadamh Óige Mhaigh Rois, The Bays, Bóthar Chnoc an Lisín, Maigh Rois, Luimneach

Campas na Scairbhe, Baile Driú, An Scairbh, Co. an Chláir

Campas Sheanghualann, An Phríomhshráid, Seanghualainn, Co. Luimnigh

Campas na Sionainne, Eastáit Tionsclaíochta na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir

Campas Bhaile na Sionainne, Brú na Sionna, Sionainn, Co. an Chláir

Campas Thuaim Gréine, Áras Bhriain Bhórú, An Phríomhshráid, Tuaim Gréine, Co. an Chláir

Campas Chrois Theach na Foraire, Bóthar Chill Liaile, Luimneach

Lárionaid Oiliúna Pobail

Cathair Luimnigh - faoi choimirce Sheirbhís don Aos Óg Luimnigh

Inis - faoi choimirce Sheirbhís don Aos Óg na hInse

**SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA**

Seirbhís Tacaíochta Earcaíochta Faisnéise agus Treorach

Cathair agus Contae Luimnigh - Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Ascaill Uí Chonaill, Cathair Luimnigh

Contae an Chláir - Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas na hInse, Inis, Co. an Chláir

Seirbhís Tacaíochta Rannpháirtíochta Fiontair

Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Raithin, Luimneach

Seirbhís Tacaíocht um Ionchuimsiú Gníomhach

Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Luimneach

Seirbhís Tacaíochta um Nuáil, Forbairt agus Cáilíocht

Taighde, Foghlaim Theicneolaíochtbhunaithe - Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Luimneach

Dearbhú Cáilíochta - Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna, Campas na hInse, Inis, Co. an Chláir

**SOLÁTHAR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LASMUIGH**

Lárionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh Bhoirne, Béal an Chloga, Co. an Chláir

Lárionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh Chill Fhíonáin, Cill Fhíonáin, Co. an Chláir

**SOLÁTHAR OIDEACHAIS CEOIL**

Scoil Cheoil Luimnigh

Glúin an Cheoil Chathair Luimnigh

Glúin an Cheoil Chontae Luimnigh

Glúin an Cheoil an Chláir

**SOLÁTHAR OIDEACHAIS PRÍOSÚIN**

Lárionad Oideachais, Príosún Luimnigh, Sráid Mulgrave, Luimneach

## Aguisín 3
## Gluais Giorrúchán

| | |
|---|---|
| AEGI | Tionscnamh Treorach don Oideachas Aosach |
| AMIF | Ciste Tearmainn Imirce agus Comhtháthaithe |
| BTEI | An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| CBA | Measúnú Rangbhunaithe |
| CC | Coláiste Pobail |
| CE | Príomhfheidhmeannach |
| CEFR | Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha |
| CFE | Coláiste Breisoideachais |
| CGVU | Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána |
| CL | Imlitir |
| CNS | Scoileanna Náisiúnta Pobail |
| CPD | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| CSO | Príomh-Oifig Staidrimh |
| DCEDIY | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| DE | An Roinn Oideachais |
| DEASP | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh |
| DFHERIS | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| DLP | Teagmhálaí Ainmnithe |
| DPER | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| ESOL | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| ETIM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, agus Mata |

| | |
|---|---|
| FARR | Iarraidh ar Leithdháileadh Maoinithe |
| FET | Breisoideachas agus Oiliúint |
| GV | Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána |
| H&S | Sláinte agus Sábháilteacht |
| IA | Measúnú Tosaigh |
| IRG | Faisnéis, Earcaíocht agus Treoir |
| LAOS | Creat Cáilíochta Ag breathnú ar an Scoil Againne |
| LCDC | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| LDC | Cuideachta Forbartha Áitiúil |
| LECP | Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| MAPP | Plean Ilbhliantúil Soláthair |
| MOU | Meabhrán Tuisceana |
| MWRSF | Fóram Réigiúnacha Scileanna an Mheán-Iarthair |
| NALA | Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh |
| NZEB | Caighdeán Foirgnimh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh |
| OETC | Lárionad Oideachais agus Oiliúna Lasmuigh |
| OGP | An Oifig um Sholáthar Rialtais |
| OSD | Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| PD | Forbairt Ghairmiúil |
| PDA | Comhaontú Seachadta Feidhmíochta |
| PDST | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |
| PLC | Iar-Ardteistiméireachta |
| PLSS | Córas Tacaíochta Foghlaimeora Cláir |
| QA | Dearbhú Cáilíochta |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |

| | |
|---|---|
| RGCS | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| SDOG | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| SLA | Comhaontú Seirbhíse |
| SMT | Foireann Bainistíochta Sinsearaí |
| SOLAS | An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna |
| SPA | Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach |
| SSE | Féinmheastóireacht Scoile |
| STEAM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín agus Mata |
| TEL | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| TESOL | Ag Múineadh Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| TNA | Anailís ar Riachtanais Oiliúna |
| UDL | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |
| VEC | Coiste Gairmoideachais |
| VLE | Timpeallacht Fhíorúil Foghlama |
| WSE | Meastóireacht ar an Scoil Uile |